



W I C K L O W

ENDLESS OPPORTUNITIES

Tuarascáil Bhliantúil
Chomhairle Contae Chill
Mhantáin
2019



Comhairle Contae Chill Mhantáin

Tuarascáil Bhliantúil 2019

Ráiteas Misin

“Feabhas a chur ar cháilíocht beatha mhuintir Chill Mhantáin, treallús a chur faoi fhorbairt eacnamaíoch agus pobail, ag cloígh le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, ionchuimsiú sóisialta, cearta daonna agus comhionannas agus inrochtaineacht do chách. Cuirfimid an méid is fearr is féidir le húsáid acmhainní ar mhaithe le seirbhísí atá éifeachtúil, éifeachtach agus luach ar airgead a sheachadadh, ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara”.

CLÁR

Teachtaireacht an Chathaoirligh	Lch 5
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	Lch 7
Comhairleoirí Chomhairle Contae Chill Mhantáin	Lch9
Foireann Bainistíochta	Lch13
An Stiúrthóireacht um Thithíocht agus Eastát Corparáideach	Lch15
An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Iompair, Uisce agus Éigeandála	Lch22
An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Pleanála, Forbartha agus Timpeallachta	Lch 33
Forbairt Pobail, Cultúir agus Sóisialta	Lch 40
Seirbhísí Fiontair agus Corparáideacha	Lch. 67
Coimisiún Scannán Chontae Chill Mhantáin	Lch. 74
Campas Chontae Chill Mhantáin, Coláiste Clermont, Ráth Naoi	Lch 75
Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir	Lch. 80
Ceantar Bardasach Bhealach Conglais	Lch. 86
Ceantar Bardasach Bhré	Lch. 91
Ceantar Bardasach na gCloch Liath	Lch. 95
Ceantar Bardasach Chill Mhantáin	Lch 100
Ráiteas Airgeadais	Lch
Táscairí Leibhéal Seirbhíse – Eanáir – Nollaig 2019	Lch



Mar Chathaoirleach Chomhairle Contae Chill Mhantáin, tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair don bhliain 2019. Sa tuarascáil seo leagtar amach an iliomad gníomhaíochtaí éagsúla atá ar bun ag Comhairle Contae Chill Mhantáin ar fud na seirbhísí go léir. Cuireann Comhairle Contae Chill Mhantáin raon leathan seirbhísí ar fáil agus déanann maoiniú orthu, lena n-áirítear; titíocht, bóithre, clóis súgartha, stáisiúin dóiteáin, saoráidí spóirt, ionaid ealaíon, ionaid athchúrsála, chomh maith lena bheith ag freastal mar ardán don daonlathas áitiúil.

Le linn na bliana 2019, bhí 330 grúpa pobail rannpháirteach i Scéimeanna Forbartha Pobail Chomhairle Contae Chill Mhantáin, bhain leas as deontais arbh ionann iad agus €177,000 ar an iomlán. Cuireadh €134,000 ar fáil do thrí thionscadal faoi chlár CLÁR i gCnoc an Eanaigh agus i Ráth Cúil, agus chuir clár feabhsúcháin Bailte agus Sráidbhailte €250,173 ar fáil do chúig thionscadal i nDún Luáin, Cúil Uí Chionaoith, Eachroim, An Chrois Dhearg agus Deilgne. Ba mhaith liom comhghairdeas a

dhéanamh le grúpaí go léir na mbailte slachtmhara fud fad an chontae a bhíonn rannpháirteach ar bhonn bliantúil i gcomórtas na mBailte Slachtmhara agus moladh mór a thabhairt do na hoibrithe deonacha go léir as a ndúthracht. Bhí rathúlacht na hoibre crua a bhí déanta ag na hoibrithe deonacha seo le feiceáil san Inbhear Mór, Cill Mhantáin agus in Eachroim.

Ba chúis áthais dom bheith i láthair ag seoladh an chláir gnó Aoisbháúil in Eachroim, clár a bhfuil sé i gceist leis iarrachtaí a dhéanamh le modh maireachtála a dhéanamh aoisbháúil do dhaoine breacaosta agus leanúint le daoine breacaosta a bheith i gcoirlár an tionscnaimh. Táimid bródúil mar Chomhairle, sraith físeán faisnéise a chur ar fáil chun cuidiú le muintir an phobail ó thaobh socruithe inrochtana d'Fhoirgnimh an Chontae agus Oifigí na gcúig Cheantar Bhardasacha. Rinneadh páirtmhaoiniú ar an tionscnamh Digiteach seo faoi Chlár Nuálaíochta Digití na Roinne Forbartha Pobail agus Tuaithe agus tá sé mar aidhm leis an tionscnamh seo cuidiú le daoine le deacrachtaí foghlama, Uathachas, míchumas fisiciúil agus daoine a bhfuil údar imní orthu agus iad ag tabhairt cuairte ar oifigí na Comhairle. Ba chúis áthais do Chomhairle Contae Chill Mhantáin freisin leanúint le bheith páirteach sa 'an Bealach a Réiteach' náisiúnta, a chuireann ar na súile don phobal an bealach a réiteach do dhaoine faoi mhíchumas. Bhí an rathúlacht le brath i seoladh aonad nua soghluaiste leabharlainne na Comhairle i mí Deireadh Fómhair, rud a léirigh go dtugann comhaltas sa leabharlann soghluaiste na buntáistí céanna le comhaltas sa leabharlann brainse, go háirithe maidir le rochtain a chur ar

fáil ar shaoráidí go léir ar líne na leabharlainne agus an cumas míreanna a éileamh ó cheachtar de na 330 leabharlann ar fud na tíre.

I mí na Bealtaine, ba chúis mhórtais dúinn óstáil a dhéanamh ar fháiltiú i dTeach Powerscourt chun fáilte a chur roimh a Mógacht, Prionsa na Breataine Bige agus Bandiúc Chorn na Breataine go Contae Chill Mhantáin. Thug an chuairt ríoga deis iontach do Chomhairle Contae Chill Mhantáin, Contae Chill Mhantáin a chur ar an stáitse idirnáisiúnta. Le linn a gcuairte ar an gContae, thug an Cúpla Ríoga cuairt ar Ghleann Crí, Killruddery, Abhóca agus Gleann Dá Loch.

Osclaíodh go hoifigiúil arís Siúlóid Aille Trá Glen i mí Iúil, tar éis dó a bheith dúnta mar gheall ar chreimeadh cósta ón mbliain 2003. Cuimsíonn an tsiúlóid aille ceann de na stráicí is áille d’imeallbhord Chill Mhantáin, a chuireann deis uathúil ar fáil leis an nádúr a bhrath agus leis an stair agus seandálaíocht áitiúil a sheiceáil amach. Trí chur chuige comhoibríoch idir Ceantar Bardasach Cill Mhantáin, Comhairle Contae Chill Mhantáin, pobal “Cairde Murrough” agus Club Gailf Chill Mhantáin, chiallaigh sé go raibh an athoscailt seo indéanta.

Cosúil le blianta eile, leanadh leis an rathúlacht i gCill Mhantáin ó thaobh Gradaim Bailte Fiontraíochta Bhanc na hÉireann tráth ar tugadh aitheantas do Ráth Droma, a bhain amach an dara háit i gCúige Laighean ag an searmanas bronnta i mí na Nollag. Tá sé mar aidhm leis an aitheantas, fiontraíocht a chur chun cinn trí ghnólachtaí agus grúpaí pobail a thabhairt le chéile i mBailte agus i Sráidbhailte ar fud na hÉireann le spiorad na fiontraíochta a thaispeáint ina gceantair áitiúla. Ba mhaith liom na Foirne Baile ar fud an chontae a mholadh agus comhghairdeas a dhéanamh leo

as an gcion luachmhar a chuireann siad le hathbheochan agus le hinmharthanacht eacnamaíoch ár mbailte.

Tá an Chomhairle thar a bheith bródúil freisin as an dá ghradam airgid a baineadh amach sna Gradaim Náisiúnta agus Pobail Uile-Éireann; Taispeántas Aeir Bhré (an tionscnamh turasóireachta is fearr) an Samhradh i mBré (an tionscnamh ealaíne/cultúir is fearr).

Ar deireadh, is mian liom ómós a léiriú do mo chomhghleacaithe, na Comhaltaí Tofa agus buíochas a ghabháil leo as a gcomhoibriú agus as an gcúnamh a thug siad dom i rith na bliana, go háirithe comhaltaí Ghrúpa an Pholasaí Chorporáidigh agus le gach ceann de na sé Ghrúpa um Beartas Straitéiseach a ghlac páirt bhunúsach san fhóram cinnteoireacht agus beartas, rud a raibh tionchar aige ar an gComhairle uile.

Is mian liom freisin an deis a ghlacadh chun buíochas chur in iúl don Príomhfheidhmeannach Frank Curran agus d’fhoireann uile Chomhairle Contae Chill Mhantáin as an mbealach ar thug siad cúnamh domsa i mo ról mar Chathaoirleach.

AN COMHAIRLEOIR IRENE WINTERS
CATHAOIRLEACH
COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN

gnó a dhéanamh ann agus le cuairt a thabhairt air.

Bhí na toghcháin áitiúla ar siúl i mí na Bealtaine 2019. Ba mhór agam an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le comhaltaí na Comhairle roimhe seo agus fáilte a chur roimh na comhaltaí nua-thofa agus buíochas a ghlacadh leo, as a gcomhoibriú leanúnach, as a dtacaíocht agus as a dtiomantas ó thaobh freastal ar mhuintir Chill Mhantáin.

Rinne Comhairle Contae Chill Mhantáin óstáil ar Chruinniú Gnó Céadphointe “Áit Iontach le Gnó a Dhéanamh ann a Dhéanamh do Chill Mhantáin” i mí Feabhra 2019. Tá sé mar aidhm leis an imeacht seo páirtithe leasmhara gnó laistigh den Chontae a spreagadh le treallús a chur faoi ghníomhaíocht gheilleagrach i gcomhar le gnólachtaí áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus an Oifig Fiontar Áitiúil. Tar éis Cruinniú Gnó Céadphoinnte rathúil, bunaíodh Comhairle Chomhairleach Gnó le príomhcheannairí gnó ar fud an Chontae.

Rinneadh dul chun cinn ar líon tionscadail agus straitéisí ar éirigh thar barr leo le linn na bliana 2019:

- Síníodh conradh le CCTV a sholáthar agus a shuiteáil i mBaile an Inbhir Mhóir
- Seoladh Straitéis Fholláine Chill Mhantáin 2018-2021
- Seoladh Straitéis Bhia agus Deoch Chill Chontae Cill Mhantáin 2019-2021
- Rinneadh maoiniú ar thrí thionscadal sa chéad bhabhta den Chiste Forbraíochta Réigiúnaí Uirbeach, Croílár Stairiúil an Inbhir Mhóir (€1,645,000), Leabharlann Chill Mhantáin/Chearnóg Mhic Liam (€1,626,000) agus Droichead Iompair Poiblí Bhré (€3,450,000)
- Bhí Éiceachonair Chill Mhantáin ar siúl i mí Meán Fómhair tráth ar ghlac os cionn 1100



Is cúis mhór áthais dom, fáilte a chur, mar Phríomhfheidhmeannach, roimh fhoilseachán Thuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Chill Mhantáin 2019 agus béim a chur ar an méid a baineadh amach le dhá mhí dhéag (12) anuas agus atá le fáil laistigh den tuarascáil seo.

Leanann an Chomhairle le héifeachtúlachtaí agus nuálaíocht suntasacha a sheachadadh, agus díriú ag an am céanna ar a ról ceannaireachta chun treallús a chur faoi fhorbairt pobail áitiúil agus faoi fhorbairt gheilleagrach, ar aon dul le Plean Corparáideach 2019-2024, chun a chinntiú go mbíonn Cill Mhantáin mar áit tharraingteach i gcónaí le maireachtaí ann, chun oibriú ann, le

duine páirt in imeachtaí trí láithreacha íocónacha

- Mar thoradh ar dhá fhorbairt nua, osclaíodh caoga a cúig teach nua san Inbhear Mór. Is forbairt 38 teach atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, ina bhfuil idir 2, 3 agus 4 seomra codlata atá i dTaobh an Fhraoigh, agus an scéim atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, ina bhfuil idir 2, 3 seomra codlata atá sa scéim i bPáirc Delaney
- Cuireadh tús le hobair ar Thionscadal do Thithíocht Sóisialta (Beart 1) Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí i dTailte an Chlochair, Cill Mhantáin a chuirfidh 51 aonad tithíocht sóisialta ar fáil.
- Cuireadh tús leis an dara comhairliúchán ar Scéim Feabhsúcháin acomhal 4 an N11/M11 go hAcomhal 14
- Fuair Comhairle Contae Chill Mhantáin leithdháileadh de €1,434,000 tríd an gCiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí chun Mol Cruthaithe Ábhar Fiontraíochta a fhorbairt ar Champas Chill Mhantáin
- Bronnadh an conradh do Scéim Ailínithe Cora Chnoc Rua an N81
- Shínigh Comhairle Contae Chill Mhantáin an Chairt um Athrú Aeráide a chuireann de cheangal ar an gComhairle a cuid a dhéanamh chun dul i ngleic le hAthrú Aeráide
- Leanadh le hobair ar thógáil Forbairt Ionad Florentine Lár an Bhaile

Mar bhonn taca lenár ngníomhaíochtaí go léir, tá Plean Corparáideach 2019-2024 Chomhairle Contae Chill Mhantáin ina leagtar amach treo straitéiseach agus spriocanna na Comhairle don tréimhse chúig bliana atá romhainn. Ar phríomhchuspóir sa phlean seo tá an tiomantas chun a bheith chun tosaigh ó thaobh athrú aeráide agus bithéagsúlacht. Bunaíodh an séú SPC (SPC Aeráide agus Bithéagsúlachta) sa bhliain 2019 chun cuidiú le beartas a stiúradh sa réimse seo.

Cuireann an Plean Corparáideach creat agus comhthéacs ar fáil freisin do na Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla, ina n-aithnítear na seirbhísí a chuirfear ar fáil agus an caighdeán dá ndéanfar iad a sholáthar, a thomhas agus a ndéanfar monatóireacht ina leith.

Ba mhaith liom moladh a thabhairt do Chomhaltaí tofa Chomhairle Contae Chill Mhantáin, do Chomhaltaí na gCoistí um Beartas Straitéiseacha, don Ghrúpa um Beartas Corparáideach agus don LCDC agus aitheantas a thabhairt don obair ar fad a dhéantar ar Leibhéal an Cheantair Bhardasaigh agus don obair chrua atá idir lámha ag coistí éagsúla eile.

Is mian liom buíochas speisialta a ghabháil leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir Irene Winters as a tiomantas agus a comhoibriú i soláthar Spriocanna ardleibhéil na Comhairle sa bhliain 2019. Ba mhaith liom moladh a thabhairt do agus buíochas a ghabháil le foireann iomlán Chomhairle Contae Chill Mhantáin as an obair leanúnach agus as an gcion a thug siad chun seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar don phobal sa bhliain 2019.

Táim muiníneach go gcuirfidh obair na Comhairle agus an dul chun cinn a baineadh amach feabhas ar chaighdeán saoil mhuintir Chill Mhantáin.

FRANK CURRAN
PRÍOMHFHEIDHMEANNACH
COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN

AINM PÁIRTITHE AGUS SEOLADH TEILEAFÓN RÍOMHPHOST

TOGHCHEANTAR AN INBHIR MHÓIR



FF Pat Fitzgerald, 32 Oaklands, An tInbhear Mór,
Contae Chill Mhantáin 0402 39563 087 2049013
pfitzgerald@Cill_Mhantain_coco.ie



FF Pat Kennedy, Kirikee, An Grianán, Ráth Droma,
Contae Chill Mhantáin 087 4198022
patkennedy1@outlook.com



FF Tommy Annesley, 'Clydebank', Bóthar Bhaile
Átha Cliath, An tInbhear Mór, Contae Chill
Mhantáin 0402 31705 087 2508205
tomannesley@yahoo.co.uk



FG Sylvester Bourke, Three Oaks House, Coill an
Uisce Dhuibh, An tInbhear Mór, Contae Chill
Mhantáin 0402 24415 087 2501734
sylvesterbourke@hotmail.com



IND Miriam Murphy, 4 Corrán An Chraobhach, An
tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin 0402 33245
086 2410065 murphyinmotion@gmail.com



SF Mary McDonald, 2 Garrán na Sailí, An tInbhear
Mór, Contae Chill Mhantáin 085 2251980

marymcdonaldsinnfein@gmail.com

Go dtí Bealtaine 2019



Ind Peir Leonard, Southwinds, South Quay, An
tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin 087 432 3856
pleonard@wicklowcoco.ie

TOGHCHEANTAR BHEALACH CONGLAIS



IND Thomas Cullen, Gleann Cornáin, Bealach
Conglais, Contae Chill Mhantáin 059 6481786 087
1934300 tommy@tommycullen.ie
Go dtí Bealtaine 2019



SF Gerry O'Neill, Lána Butterhill, Baile Coimín,
Contae Chill Mhantáin 087 2629129
cllr.gerryoneill@gmail.com



IND James Ruttle, Lisheen, Cill Bhríde, Baile Coimín,
Contae Chill Mhantáin 01 4582234 jruttle@Cill_Mhantain_coco.ie
jruttle@wicklowcoco.ie
Go dtí Bealtaine 2019



FG Edward Timmins, Gráinseach Choinn, Dún Luáin,
Contae Chill Mhantáin 087 2357914
etimmings@wicklowcoco.ie



FG Vincent Blake, Cúil Rois, Tigh na hÉille, Contae Chill Mhantáin 0402 38256 087 2322521
vblake@wicklowcoco.ie



FF Pat Doran, Tom an Choirce, Carn an Bhua, Contae Chill Mhantáin 087 2770349 pdoran@wicklowcoco.ie
Go dtí Bealtaine 2019



FF John Mullen, 6 Pound Lane, Tigh na hÉille, Contae Chill Mhantáin 086 417 7808
jmullen@wicklowcoco.ie



FG Avril Cronin, Station Road, Dún Luáin, Contae Chill Mhantáin 085 122 2729 acronin@wicklowcoco.ie



FF Patsy Glennon, Oak Lodge, Cillín Chaoimhín, Contae Chill Mhantáin 087 190 9133 pglennon@wicklowcoco.ie

TOGHCHEANTAR BHRÉ



SF Dermot O'Brien, 205 Charlsland Wood, Charlsland, Na Clocha Liatha, Contae Chill Mhantáin 086 0635195
dermotbriensf@gmail.com



IND Joe Behan, 55 Páirc Richmond, Bré, Contae Chill Mhantáin 01 2868125 086 8375602
joebehan@outlook.ie



IND Christopher Fox, Ceallúrach Íochtarach, Cill Mocheanóg, Bré, Contae Chill Mhantáin 086 8374765
crfox@wicklowcoco.ie
Go dtí Bealtaine 2019



SF Oliver O'Brien, 'The Bungalow', Killough, Cill Mocheanóg, Contae Chill Mhantáin 087 1420586
olobriain@gmail.com
Go dtí Bealtaine 2019



IND Brendan Thornhill, 19 Céide an Ghleanna, Bóthar Vevay, Bré, Contae Chill Mhantáin 086 0663144 jcbthornhill@gmail.com
Go dtí Bealtaine 2019



GP Steven Matthews, 'Saoirse', 12 Eachlann Sydenham, Bóthar Shuí Mhantáin, Bré Contae Chill Mhantáin 086 6086420
stevensgreenbray@gmail.com



FG John Ryan, 'Huntingdon', 13 Plásóg an Aird Mhóir, Bré, Contae Chill Mhantáin 01 2761439 087 2585738 jryan@wicklowcoco.ie
Go dtí Bealtaine 2019



IND Rory O'Connor, St. Anne's. Riverside, Áth na Sceire, Contae Chill Mhantáin 083 460 0357
roconnor@wicklowcoco.ie



FF Pat Vance, 'Beachmount', Bóthar Putland, Bré, Contae Chill Mhantáin 01 2868169 086 8391871
pvance@Cill Mhantáin coco.ie
Go dtí Bealtaine 2019

TOGHCHEANTAR NA gCLOCH LIATH



IND Jennifer Whitmore, 4 Dromont, Deilgne, Contae Chill Mhantáin 086 6634747
whitmore.jennifer@gmail.com



FG Aoife Flynn Kennedy, Melford, 7 Lána Bhaile Bhaltraim Lane, Bré, Contae Chill Mhantáin 086 400 4700
aflynnkennedy@wicklowcoco.ie



IND Tom Fortune, 'DeLacey', Bóthar na Mara, Cill Chomhghaill, Contae Chill Mhantáin 01 2876135 086 2488195
tfortune@Cill Mhantáin coco.ie



SF Grace McManus, 27 An tSráid Mhór, Bré, Contae Chill Mhantáin 083 068 0654
gracemcmanussf@gmail.com



FG Derek Mitchell, 'Kiltoorish', Ascaill an Mhainéir, Na Clocha Liatha, Contae Chill Mhantáin 01 2874115
mitchelld@eircom.net



LAB Anne Ferris, 10 Seapoint Court, Bré, Contae Chill Mhantáin 086 236 4780



FG Grainne McLoughlin, 29 Wellfield, Cill Chomhghaill, Co Chill Mhantáin 01 2018912 086 8329686
cllgrainnemcloughlin@gmail.com
Go dtí Bealtaine 2019



FG Melanie Corrigan, The Granite Byre, Áth na Sceire, Contae Chill Mhantáin 083 364 2439
mcorrigan1@wicklowcoco.ie



FF Gerry Walsh, 33 Arda Burnaby, Na Clocha Liatha,
Contae Chill Mhantáin 085 8639848
gerrywalsh00@gmail.com



SF Nicola Lawless, 25 Garrán Rivendell, Na Clocha
Liatha, Contae Chill Mhantáin 086 1607686
nicola.lawless.sf@gmail.com
Go dtí Bealtaine 2019



GP Lourda Scott, 62 Redford Park, Na Clocha Liatha,
Contae Chill Mhantáin 087 986 7532
lscott@wicklowcoco.ie



IND Mags Crean, 12 Burnaby Lawn, Na Clocha Liath,
Contae Chill Mhantáin 087 103 2446
mcrean@wicklowcoco.ie

TOGHCHEANTAR CHILL MHANTÁIN



SF John Snell, 81 Seaview Heights, Ráth Naoi,
Contae Chill Mhantáin 087 2210222
jsnell@wicklowcoco.ie



IND Daire Nolan, An Phríomhshráid, Baile an
Chinnéidigh, Na Clocha Liatha, Contae Chill
Mhantáin A63 D938 085 1374099
daire.nolan.1988@gmail.com
Go dtí Bealtaine 2019



FF Gail Dunne, 9 Bóthar Naomh Mhanntáin, Baile
Chill Mhantáin, Co Chill Mhantáin 086 8214368
gdunne@wicklowcoco.ie



FG Shay Cullen, 'The Crosses', Baile na hInse, Baile
an Chinnéidigh, Contae Chill Mhantáin 086 7275000
shaycullen2014@gmail.com



FG Irene Winters, 23 Wicklow Heights Court, Cill
Mhantáin, Contae Chill Mhantáin 087 2443610
irenewinters@eircom.net



IND Mary Kavanagh, 58 Seaview, Baile Chill
Mhantáin, Co Chill Mhantáin 087 7823513
mkavanagh@wicklowcoco.ie



LAB Paul O'Brien, 13 Glenkeen, An Chrois Dhearg,
Contae Chill Mhantáin 086 036 6947
pobrien@wicklowcoco.ie

FOIREANN BAINISTÍOCHTA

An tUas. Frank Curran



Príomhfheidhmeannach

An tUas. Sean Quirke



Stiúrthóir Seirbhísí
Seirbhísí Pleanála agus Comhshaoil
Go dtí 05/12/2019

An tUas. Michael Geaney



Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí
Iompar, Uisce agus Seirbhísí Éigeandála
Go dtí 24/03/2019

An tUas. Colm Lavery



Stiúrthóir Seirbhísí
Seirbhísí Iompair, Uisce agus Éigeandála
Ó 25/03/2019

An tUas. Michael Nicholson



Stiúrthóir Seirbhísí
Forbairt Phobail, Chultúir agus Shóisialta

An tUas. Joe Lane



Stiúrthóir Seirbhísí
Tithíocht agus Eastát Corparáideach

An tUas Thomas Murphy



Stiúrthóir Seirbhísí
Seirbhísí Fiontraíochta agus
Corparáideacha

Dorothy Kennedy, Uasal



Gníomhaire Dlí

An tUas. Liam Fitzpatrick



Ceann na gCóras Faisnéise

An tUas. Brian Gleeson



Ceann Airgeadais

Breege Kilkenny, Uasal



Stiúrthóir Seirbhísí
Seirbhísí Pleanála agus Comhshaoil
Ó 06/12/2019

Tithíocht agus Eastát Corparáideach

Coiste um Beartas Straitéiseach

Cathaoirleach

An Comhairleoir John Snell

Comhairle Contae Chill Mhantáin
An Comhairleoir Tommy Annesley
An Comhairleoir Paul O'Brien
An Comhairleoir Mags Crean
An Comhairleoir Aoife Flynn Kennedy
An Comhairleoir Grace McManus
Gníomhaireachtaí Seachtracha
Ceardchumann
Derek Casserly SIPTU
Daoine faoi Mhíbhuntáiste
Catherine Kenny Dublin Simon
Gnó/Tráchtáil
Paddy Mordaunt
Pobal
Mary Ann Parsons
Simon Blanckensee
Grúpa Lucht Taistil Chill Mhantáin
Aoibhinn McCloy

Stiúrthóir Seirbhísí
Joe Lane

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Jackie Carroll

Innealtóirí Sinsearach
Declan Marnane
Helena Fallon

Tithíocht agus Eastát Corparáideach

- Tithíocht Shóisialta – Soláthar agus Pleanáil
- Bainistiú Tithíochta
- Cuimsiú Sóisialta
- Rialú Foirgníochta
- Eastát Corparáideach

Bhuail an Coiste um Beartas Straitéiseach maidir le Tithíocht agus Eastát Corparáideach le chéile cheithre huaire in 2019 agus díriodh ar roinnt réimsí tábhachtacha lena n-áirítear:

- Buiséad 2019 – Impleachtaí do na húdaráis Tithíochta náisiúnta maidir le soláthar tithíochta agus ceisteanna bainistithe agus infheistíochta amach anseo
- Tosaíochtaí tithíochta don bhliain 2019, lena n-áirítear, soláthar agus bainistiú tithíochta amach anseo
- An stoc tithíochta a bhainistiú
- Measúnú ar Thithíocht Shóisialta
- Athbhreithniú Cíosa
- Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
- Atógáil Éireann
- Clár um Thógáil Tithíochta go 2021
- Plean Cóiríochta don Lucht Siúil – 2019-2024
- Comhoibriú Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
- Plean Gníomhaíochta maidir le hEaspa Dídine
- Scéim Ligin Bunaithe ar Rogha

Soláthar Tithíochta – Clár Seachadta



Seachadadh Tithíocht Dhíreach.

Tá clár seachadta gníomhach Tithíochta ag Comhairle Contae Chill Mhantáin, le níos mó úsáide á bhaint as dearadh agus as tógáil a mbíonn spáráil ama suntasach mar thoradh air. Cuireadh 39 aonad ar fáil sa bhliain 2019 agus tá súil againn 189 aonad a chur ar fáil sa bhliain 2020.

Tionscadal CPP um Thithíocht Shóisialta (Beart 1)

Suíomh Forbartha ag Convent Lands, Cill Mhantáin le haghaidh 51 aonad Tithíochta Sóisialta. Táthar ag leanúint leis an tógáil agus táthar ag súil le haonaid a bheith ullmhaithe i mí Lúnasa 2020.

Cuid V

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin ag leanúint le hidirchaidreamh dlúth a dhéanamh le Gníomhairí agus le Forbróirí i ndáil le riachtanais Chuid V. Cuirtear roinnt aonad Chuid V ar fáil trí CALF i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe e.g. Glenheron sna Clocha Liatha, agus roinnt díobh go díreach chuig an gComhairle e.g. Kirvin Hill i Ráth Naoi. Rinneadh 46 aonad Cuid V a sheachadadh sa bhliain 2019 trí mheascán de sholáthar Údaráis Áitiúil agus CALF.

Lándéanta

Tá soláthar tithíochta sóisialta á lorg agus á spreagadh go gníomhach ag an gComhairle trí bhíthin na shásra na forbartha lándéanta. Cuireadh 68 aonad lándéanta le stoc na Comhairle sa bhliain 2019 i gCill Mhantáin, Ráth Naoi, san Inbhear Mór agus i dTigh na hÉille. Tugann an Chomhairle cuireadh le haghaidh iarratais a chur faoi bhráid ar bhonn rialta le haghaidh tuilleadh aonaid lándéanta agus táthar ag súil le leanúint ag cur leis an soláthar ar thuilleadh aonaid lándéanta sa bhliain 2020.

Léasú CALF

Leanann Comhairle Contae Chill Mhantáin ar aghaidh le hiarratais a éascú ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta maidir le seachadadh aonad tríd an scéim léasaithe CALF. Rinneadh os cionn 130 aonad lándéanta CALF a chur ar fáil i Ráth Naoi agus in Áth na Fuinseoige sa bhliain 2019.

Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBs)

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin ag leanúint ar aghaidh ag obair le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun cur leis an soláthar tithíochta shóisialta. Tá líon láithreáin leithdháilte ar Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna) lena gcur chun cinn tar éis nós imeachta roghnaithe agus tá dul chun cinn déanta ar scéimeanna a dhearadh do na láithreáin seo.

Bainistiú Tithíochta

Ba €1.6 milliún an buiséad iomlán do thithíocht don bhliain 2019. Dáileadh é sin go cothrom ar na Ceantair bhargasacha go léir ar bhonn pro rata bunaithe ar líon na n-aonad i ngach ceantar.

Suiteáladh téamh lárnach i líon tithe freisin agus táthar ag leanúint le seirbhís agus cothabháil a dhéanamh ar chórais téimh lárnaigh.

Nuair a éiríonn tithe folamh déantar iad a uasghrádú mar seo a leanas:

- Seiceáil agus deisiú ar chórais leictreacha/athshreangú;
- Seiceáil pluiméireachta;
- Aonaid chistin/earraí sláintíochta a athsholáthar nuair is gá;
- Maoine a uasghrádú chun feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh.
- Aon oibreacha eile a bhí riachtanach.

Clár Athchóirithe VOIDS 2019

Cuireadh 9 n-aonad ar an iomlán in úsáid arís sa bhliain 2019 trí mhaoiniú a fuarthas faoi Chlár Athchóirithe VOIDS.

Leithdháiltí Tithíochta

Leithdháileann Comhairle Contae Chill Mhantáin tithe de réir na scéime tosaíochta a dhéanamh i leith cóiríocht tithíochta a ligean arna nglacadh ag Comhaltaí na Comhairle agus arna bhfaomhadh ag an roinn Comhshaoil, Pobail agus rialtais áitiúil. Féadtar aon duine a bhfuil tithíocht ag teastáil uathu agus nach bhfuil ábalta í a fháil lena n-acmhainní féin a chur san áireamh ar liosta Feithimh Tithíochta na Comhairle.

Bhí 4,360 iarratasóir tithíochta san iomlán ar an liosta tithíochta do Chontae Chill Mhantáin amhail 31 Nollaig 2019. Leithdháileadh 320 teach ar an iomlán i rith 2019 in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae (203 Comhairle Contae Chill Mhantáin agus 177 Comhlacht Tithíochta Ceadaithe) de réir an tábla thíos:

Roghanna Eile Tithíochta

I dtéarmaí roghanna tithíochta eile, lean Comhairle Chontae Chill Mhantáin ar aghaidh ag cur chun cinn raon leathan de roghanna tithíochta breise in 2019 lena n-áirítear:

- Scéim Liúntais Mhorgáiste
- Iasacht um Cheannach Tí
- Deontais Tithíochta
- Morgáiste ar Cíos

I measc na roghanna tithíochta eile arna gcur chun cinn ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin le linn 2018 bhí an RAS, ICT, agus léasú Sóisialta Fadtéarmach agus gearrthéarmach.

RAS (Scéim um Chóiríocht ar Cíos)

Leis an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) freastalaítear ar riachtanais chóiríochta na ndaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa, ar feadh níos mó ná 18 mí de ghnáth agus a bhfuil riachtanais tithíochta fhadtéarmacha acu (gan a chur san áireamh lucht iarrtha tearmainn nó neamh-náisiúnaigh nach bhfuil cead acu fanacht sa stát go buan, mic léinn agus na daoine atá ag fáil forlíonadh cíosa mar shampla dreasacht "um fhilleadh ar an obair").

Is éard an aidhm le RAS caighdeán agus cáilíocht na cóiríochta ar cíosa a fheabhsú agus tuilleadh slándála tionóntachta a sholáthar don tionónta.

B'ionann líon iomlán réadmhaoín RAS amhail 31 Nollaig 2019 agus 347.

Léasú Tithíochta Sóisialta Fadtéarmach agus Gearrthéarmach

Leanadh leis na hiarrachtaí le linn 2019 chun léasú a chur chun cinn mar rogha tithíochta sóisialta i gContae Chill Mhantáin.

Is éard atá i gceist anseo ná maoinne a léasú ón earnáil phríobháideach agus iad a úsáid chun freastal ar theaghlaigh atá ar liostaí feithimh an údaráis áitiúil. Leithdháilfear maoinne léasaithe do thionóntaí, de réir scéimeanna leithdháilte na n-údarás áitiúil.

Tugadh 21 aonad ar léas do Chomhairle Contae Chill Mhantáin amhail an 31 Nollaig, 2019 agus tá an spéis sa scéim ag dul i méid.

ÍCT (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta)

Is cineál tacaíochta tithíochta é ÍCT arna chur ar fáil ag údaráis áitiúla. Ciallaíonn ÍCT gur féidir le húdaráis áitiúla cúnaimh tithíochta a chur ar fáil anois do theaghlaigh nach gcáilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta, lena n-áirítear go leor daoine atá ag fáil forlónadh cíosa ar feadh i bhfad. Faoi ÍCT, déanfaidh Údaráis Áitiúla an íocaíocht cíosa iomlán, faoi réir ag teorainneacha cíosa, thar ceann an fhaighteora ÍCT, díreach leis an tiarna talún. Íocfaidh an faighteoir ÍCT rannchuidiú cíosa leis an údarás áitiúla ansin. Is cíos difreálach é an cíos sin – is é sin, go mbunaítear an cíos ar ioncam agus ar an gcumas é a íoc.

Cuirfidh ÍCT córas níos comhtháite ar fáil maidir le tacaíocht tithíochta agus tá sé mar aidhm aige:

- Rochtain a bheith ar gach tacaíocht tithíochta sóisialta trí chomhlacht amháin - an t-údarás áitiúil agus
- Cead a thabhairt d'fhaighteoirí tabhairt faoin bhfostaíocht lánaimseartha agus fós a dtacaíocht tithíochta a choinneáil.

Bhí 1,662 teaghlach ar an iomlán ag fáil tacaíocht cíosa HAP amhail an 31 Nollaig, 2019.

Forbairt Eastát

Leithdháileadh Deontais Forbartha Eastát trí na Ceantair Bhardasacha chuig Cumainn Chónaitheoirí sna ceantair.

Oifigeach Idirchaidrimh Tionónta

Lean an tOifigeach Idirchaidrimh sa bhliain 2019 ag tabhairt tacaíochta do Thionóntaí Chomhairle Contae Chill Mhantáin ar fud a cuid eastát i gCeantair Bhardasacha Chill Mhantáin, an Inbhir Mhóir, na gCloch Liath agus Bhealach Conglais. Rinneadh taifeadadh ar 98 cás ó thaobh iompar frithshóisialta sa bhliain 2019. Áirítear orthu seo, cásanna ar nós, andúil, meabhairshláinte, torann, bruscar, srl. Chruthaigh cur chuige Idirghníomhaireachta, lena raibh baint ag an nGarda Síochána, an H.S.E. agus Tusla a bheith ar an toradh ab fhearr ó thaobh déileáil le saincheisteanna frithshóisialta. Táthar ag súil go mbeidh baint ag an nGarda Síochána le bearta nua amach anseo chun dul i ngleic le hiompar frithshóisialta, m.sh. ar nós a iarraidh orthu freastal ar chruinnithe leis na Tionóntaí sa chás go mbíonn saincheisteanna tromchúiseacha frithshóisialta ann.

Cíosanna Tithíochta

Cuireadh 111 teach cónaithe nua le stoc tithíochta na Comhairle sa bhliain 2019. Amhail an 31 Nollaig 2019 bhí tionóntaí ina gcónaí in 4,429 aonad. €13.1 milliún an líon iomlán airgid i gcíosanna a bailíodh in 2019. Ba €1,355,377.79 an riaráiste a bhí le bailiú amhail 31 Nollaig 2019.

Thug an Chomhairle faoi athbhreithniú leathan cíos sa bhliain 2019. Bíonn foireann an Aonaid

Cíosanna ag obair go díograiseach chun an riaráiste cíosa a laghdú agus ag obair go tréan i ndlúthpháirt le tionóntaí chun a dtionóntaí a chothabháil agus chun imeachtaí dlí agus díshealbhú ar deireadh a sheachaint.

Deontais Tithíochta

Sa bhliain 2019, ba €1,768,217 an maoiniú deontais do thithe príobháideacha agus caitheadh €1,765,111.36 amhail an 31 Nollaig 2019. Ba €500,000 an maoiniú deontais do thithíocht sóisialta agus caitheadh €724,545.02 ar an iomlán amhail an 31 Nollaig 2019.

Is féidir 80% den mhéid sin a fhorchúiteamh ón Roinn.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Tháinig baill den Choiste áitiúil Comhairliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil (ITACC) le chéile go rialta in 2019. Tá cuspóirí an Phlean Cóiríochta don Lucht Siúil 2014-2018 á gcur i bhfeidhm i gcónaí, lena chinntiú go leanfar le linn 2019 de bheith ag freastal ar riachtanais cóiríochta an Lucht Siúil a chónaíonn i gContae Chill Mhantáin. Ar na cuspóirí sin tá pleanáil le haghaidh tithíocht chaighdeánach, láithreáin stad, grúpthithíocht, tithe tuaithe agus láithreáin sealadacha /éigeandála a sholáthar.

Le linn na coda deiridh den bhliain 2018 agus an chéad chuid de bhliain 2019 d'ullmhaigh an Coiste áitiúil Comhairliúcháin um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC) Dréachtphlean Cóiríochta don Lucht Siúil do 2019-2024. Cuireadh an Plean seo trína céimeanna éagsúla ceadúnais agus ghlac comhaltaí Chomhairle Contae Chill Mhantáin leis an bPlean i mí Meán Fómhair 2019.

Easpa Dídine

Ba cheann de phríomhchúraimí na rannóige i gcónaí é an easpa dídine a chosc agus chuir an fhoireann easpa dídine comhairle agus tacaíocht ar fáil do dhaoine atá gan dídean nó i gcontúirt a bheith gan dídean (ar an teileafón, ag an gcuntar agus le coinne). Rinne an fhoireann easpa dídine caidreamh le Tiarnaí Talún agus le Gníomhairí d'fhonn tionóntachtaí a choinneáil i bhfeidhm agus d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ina leith.

Chuir an Chomhairle cóiríocht éigeandála ar fáil, nuair ba ghá, i ndiaidh measúnú iomlán a dhéanamh ar riachtanais.

- Tháinig 711 cás (teaghlaigh/daoine aonair) chun tosaigh mar dhaoine gan dídean le linn na bliana 2019, cuireadh 45 socrúchán cóiríochta éigeandála ar fáil le linn na bliana 2019.
- Plean Gníomhaíochta Réigiún an Oirthir Láir maidir leis an Easpa Dídine 2018-2020.
- Áiríodh ar Phrótacail/Beartais a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana 2019, Prótacal maidir le Scaoileadh Príosúnach i gcomhar leis an tSeirbhís Phríosúin, an Creat um Chaighdeán Cháilíocht Náisiúnta Seirbhíse do sholáthróirí seirbhíse do Thús Áite don Tithíocht.

Easpa Dídine HAP

Cuireann Aimsitheoir Easpa Dídine HAP cúnamh ar fáil maidir le:

- sealúchas oiriúnach a lorg a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do theaghlaigh atá aitheanta mar theaghlaigh gan dídean i láthair na huaire nó atá i mbaol a bheith gan dídean;
- dul i gcomhairle le teaghlaigh sonracha lena gcuid riachtanais sonracha a fháil amach;
- caidreamh a chruthú le gníomhairí agus le tiarnaí talún sealúchais áitiúil; agus, tacaíocht a chur ar fáil do na teaghlaigh

atá gan dídean le (a) fáil réidh leis an riachtanas dul isteach i gcóiríocht éigeandála nó (b) a theacht amach as cóiríocht éigeandála agus tionóntacht a aimsiú.

Go dtí seo, tugadh cúnamh do 193 teaghlach (149 teaghlach & 44 duine aonair) faoi Scéim Easpa Dídine HAP ó bunaíodh an scéim 1 Deireadh Fómhair, 2018 go 31 Nollaig 2019. (101 cás easpa dídine agus 92 cás maidir le cosc dul isteach i gcóiríocht éigeandála go dtí seo. Fuair Comhairle Contae Chill Mhantáin 69 sealúchas.

Cuir Chuige Comhpháirtíochta - ag obair le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Chun díriú ar ghrúpaí sonracha daoine leochaileacha atá i mbaol bheith gan dídean agus ar dhaoine a bhfuil cóiríocht faoi thacaíocht de dhíth orthu, lean Comhairle Contae Chill Mhantáin den obair i gcomhar le roinnt Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais tacaíochta acu. Leis an gcur chuige sin faoi stiúir tithíochta, cinntítear réiteach inbhuanaithe ar an easpa dídine do dhaoine ar deacair teagmháil a dhéanamh leo, ar dtús, agus a mbíonn fadhb acu tionóntacht a choimeád, ar deireadh.

Feidhmíonn an Chomhairle bainistiú na réadmhaoine sin trí bhíthin Chomhaontuithe Seirbhíse nó Comhaontuithe Ceadúnais agus Léasanna. Leis na haonaid sin, cuirtear cóiríocht faoi thacaíocht ar fáil do dhaoine leochaileacha ach an tsamhail Tús Áite don Tithíocht a úsáid. Tá an cur chuige faoi stiúir na tithíochta sin ar dhul i ngleic leis an easpa dídine daingnithe in Atógáil Éireann, agus is gealltanais é i bPlean Gníomhaíochta Réigiún an Oirthir Láir maidir leis an Easpa Dídine i gCill Dara, sa Mhí agus i gCill Mhantáin .

I gcomhar le Clann Shíomóin, leanann an Chomhairle de shaoráid cóiríochta faoi thacaíocht a chur ar fáil do dhaoine gan dídean ag Kilmantin Hill i mBaile Chill Mhantáin. Tá deichniúr ina gcónaí in aonaid idirthréimhseacha faoi mheántacaíocht san ionad.

Tá an Chomhairle fós ag imeacht ón sean-tsamhail ina gcuirtear cóiríocht éigeandála ar fáil do dhaoine gan dídean in aonaid mhóra agus, ina áit, ag dul i dtreo shamhail deachleachtais le Tús Áite don Tithíocht. Cur chuige ilghnéitheach atá ann lena n-áirítear aonaid níos lú atá oiriúnach do thriúr nó do cheathrar faoi thacaíocht cuairte.

Tá cóiríocht d'ochtair faoi thacaíocht íseal agus mheánach de réir chomhaontú ceadúnaithe ar feadh tréimhse ocht mí dhéag fós ag feidhmiú go rathúil i mBré.

Saoráid Sonas, Cill Mhantáin – Aistriú chuig Mol Easpa Dídine do Theaghlaigh

Tar éis comhairle a fháil go raibh Sonas ag tarraingt a gcuid seirbhísí amach as Cill Mhantáin, cuireadh feidhmiú na saoráide amach ar tairiscint chuig Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe chun an tsaoráid a fheidhmiú agus a bhainistiú mar Mhol Easpa Dídine do Theaghlaigh. Is le Clann Shíomóin Bhaile Átha Cliath a bhí an lá agus beidh siad réidh le tús a chur le hoibríochtaí agus bainistiú nuair a bheidh an t-aistriú dlíthiúil tugtha chun críche. Cuireadh tús le hobair athchóirithe ar an tsaoráid ina mbeidh cóiríocht sealadach éigeandála do 7 dteaghlach.

Tionscnamh don Aimsir Fhuar

Bunaíodh Tionscnamh don Aimsir Fhuar chun cóiríocht bhreise éigeandála a sholáthar le linn an gheimhridh. Aithníodh sealúchas i mBré mar

shealúchas oiriúnach agus osclaíodh doirse na saoráide do dhaoine aonair gan dídean i mí na Samhna 2019. Is socrúchán comhpháirtíochta idir Chlann Shíomóin Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Chill Mhantáin agus Seirbhís Easpa Dídine Five Loaves atá sa tionscnamh. Tá acmhainn sa tsaoráid le haghaidh 12 leaba.

Tús Áite don Tithíocht

Lean Comhairle Contae Chill Mhantáin lena tiomantas samhail Tús Áite don Tithíocht a chur i bhfeidhm.

Ceapadh Iontaobhas Peter McVerry mar Chomhpháirtí Cur Chun Feidhme agus cuireadh tús leis an gclár a leathadh amach i Réigiún an Oirthir Láir sa bhliain 2019. Chuir Comhairle Chontae Chill Mhantáin a céad cóiríocht cliant, Tús Áite don Tithíocht ar fáil i mBaile Chill Mhantáin i mí na Nollag 2019. Táthar ag lorg sealúchais don tionscnamh seo agus tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag tabhairt cúnamh maidir leis seo freisin.

Easpa Dídine agus Meabhairshláinte

Bunaíodh fóram Meabhairshláinte sa bhliain 2018 le hionadaithe ón HSE, Comhairle Contae Chill Mhantáin agus HALE (AHB don Mheabhairshláinte). Sa bhliain 2019 chomhaontaigh Comhairle Contae Chill Mhantáin cómhaoiniú a dhéanamh ar Oifigeach um Choimeád Tionóntachta chun déileáil le cliaint atá i mbaol ó easpa dídine mar gheall ar Mheabhairshláinte leanúnach.

Sláinte agus Sábháilteacht

Bunaíodh Beartas Chomhairle Contae Chill Mhantáin um Sláinte agus Sábháilteacht lena

chinntiú, a oiread agus is féidir ar bhonn réasúnta praiticiúil, go mbíonn gach duine a oibríonn do nó thar ceann Chomhairle Contae Chill Mhantáin ag obair sna coinníollacha is sábháilte agus is sláintiúla agus is féidir. Tá an Beartas Sláinte agus Sábháilteachta seo ceadaithe ag an Stiúrthóireacht Tithíochta mar bheartas infheidhme do gach oibríocht de chuid Chomhairle Contae Chill Mhantáin laistigh den rannóg Tithíochta. Déantar athbhreithniú seasta ar bheartais agus ar nósanna imeachta na heagraíochta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, ag teacht le dea-chleachtais, athruithe sa reachtaíocht agus tionscnaimh náisiúnta.

Déanann Éascaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta iniúchtaí sábháilteachta agus cigireachtaí sábháilteachta ar shuíomhanna conraitheora agus ar shuíomhanna saothair dhírigh ar bhonn seachtainiúil.

Cuirtear gach ball nua foirne ar an eolas faoi oiliúint ionductúcháin Sláinte agus Sábháilteachta. Cuirtear clár fhairsinge oiliúna ar fáil don fhoireann seasta chun rialachán foirgníochta agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Rinneadh athbhreithniú ar Ráitis Sábháilteachta na Rannóige Tithíochta in 2019.

Seirbhísí Iompair, Uisce agus Éigeandála

Coiste um Beartas Straitéiseach

Tá cúigear Comhairleoirí Contae agus ceathrar ionadaithe ó ghrúpaí sainleasa eárnála ina gcomhaltaí den Choiste um Beartas Straitéiseach um Sheirbhísí Iompair, Uisce agus Éigeandála. Tionóllann an Coiste um Beartas Straitéiseach cruinnithe rialta i gcaitheamh na bliana ina bpléitear saincheistanna náisiúnta agus áitiúla araon.

Cathaoirleach

An Comhairleoir Derek Mitchell

Comhairle Contae Chill Mhantáin

An Comhairleoir Pat Fitzgerald

An Comhairleoir Joe Behan

An Comhairleoir Irene Winters

An Comhairleoir Vincent Bake

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Ceardchumann

Margaret Coughlan

Comhshaol/Caomhnú

Tim Morgan

An Pobal Talmhaíochta/Feirmeoireachta

Pat Dunne

Forbairt/Foirgníocht

Tomás Peare

Gnó/Tráchtáil

Donal Murray

Stiúrthóir Seirbhísí

Colm Lavery

Seirbhísí Iompair, Uisce & Éigeandála

Michael Geaney (A)

Seirbhísí Iompair, Uisce agus Éigeandála

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Helena Dennehy

Innealtóir Sinsearach
Michael Flynn

Príomh-Oifigeach Dóiteáin
Aidan Dempsey

Oifigigh Riaracháin
Allyson Minion
Elizabeth Clarke

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Stiúrtóireacht tiomanta a chinntiú go gcloífear le prionsabail na Sábháilteachta, na Sláinte agus Leas an duine san áit oibre. Chuige sin tá pleananna agus beartais arna bhforbairt agus á nuashonrú i gcónaí chun ár gcuid nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú. Cuirtear mórchláir oiliúna ar fáil don fhoireann ar bhonn leanúnach lena chinntiú go mbíonn siad ag cloí leis na rialacháin tógála agus sábháilteachta. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar na ráitis Sábháilteachta go rialta. Gabhann costais bhreise le tionscadail áirithe de bharr chur i bhfeidhm na ndealachleachtas sláinte agus sábháilteachta sin, ach tá an Chomhairle tiomanta ina dhiaidh sin agus uile do shláinte agus do shábháilteacht a cuid fostaithe.

Ídiú Fuinnimh

De réir Ionstraim Reachtúil 542 de 2009 agus Ionstraim Reachtúil 426 de 2014, ceanglaítear ar gach Comhlacht Poiblí tuairisc a thabhairt ar a n-ídiú fuinnimh agus ar a bhfeidhmíocht ar bhonn bliantúil. An ceanglas náisiúnta, laghdú 33% ar an ídiú fuinnimh san earnáil phoiblí a bhaint amach faoi 2016, nó 3% in aghaidh na

bliana ina dhiaidh sin. Rinneadh uasdátú breise ar na spriocanna seo i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 a chuir ardú 50% ar an éifeachtúlacht fuinnimh atá le baint amach faoin mbliain 2030. Leagtar sprioc amach sa doiciméad seo do laghdú 20% i CO2 faoin mbliain 2030.

Bearta Spárála Fuinnimh 2019

- Suiteáladh, sa bhliain 2019, thart ar 1441 laindéar LED mar chuid de na hoibreacha cothabhála agus deisithe ar fud an chontae, díriodh na hoibreacha go háirithe ar fáil réidh le laindéir SOX nach bhfuil á ndéanamh níos mó. Meastar go mbeidh thart ar 285,940Kwh ó thaobh spáráil fuinnimh in aghaidh na bliana i gceist.
- Cuir laindéir LED (238 aonad) in áit na laindéir feadh Bóthar Dhroim Catha agus Bóthar Hóic (Rochtain Calafort Chill Mhantáin agus Bóithre Faóisimh an Bhaile). Spáráil fuinnimh mheasta de 64,200Kwh in aghaidh na bliana.
- Suiteáladh 35 laindéar LED feadh bealaí siúlóide na Deargaile i mBré. Spáráil fuinnimh mheasta de 8,430Kwh in aghaidh na bliana.

Beart Spárála Fuinnimh Beartaithe 2020

- Tacú agus cur le Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh Réigiún an Oirthir (uasghrádú LED) atá faoi mhaoirseacht na hOifige Cothabhála Bóithre agus Comhairle Contae Chill Chainnigh.
- Uasghrádú 30 solas maisithe feadh Aghaidh na Farraige agus an Phromanáid i mBré. Tabharfar an obair seo chun críche faoi mhí Feabhra 2020

le Spáráil Fuinnimh Mheasta de 9,600Kwh in aghaidh na bliana.

- Leanúint le LEDanna a shuiteáil in áiteanna éagsúla ar fud an chontae le laindéir nua a chur in áit laindéir a bhí lochtach go háirithe laindéir SOX. Is 1,200 an líon measta atá le hathsholáthar sa bhliain 2020; chruthódh sé seo spáráil fuinnimh de 263,940Kwh.
- Fíorú bunachar sonraí a thabhairt chun críche i gcomhair leis an Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh.
- Tionscadal Dhébhealach Acra na mBodach/Fhearann Cheallaigh (Céim 2). Spáráil Fuinnimh Mheasta: 126,750Kwh in aghaidh na bliana. Faoi réir ag maoiniú bheith ar fáil.

Iompar Cuspóir 1

“Soláthar iompair a chur chun cinn agus a éascú ar bhealach comhtháite d’fhonn forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a spreagadh, i gcomhthéacs na gceisteanna is ábhartha a bhaineann leis an gcomhshaol, forbairt inbhuanaithe, cuimsiú sóisialta agus sláinte agus sábháilteacht”

Sábháilteacht ar Bhóithre: Oideachas agus Cur Chun Cinn

Tionóladh an Coiste “Sábháilteacht bóithre le chéile”, ar a bhfuil baill de na Gardaí, den tSeirbhís Dóiteáin, den Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, den Údarás um Bóithre Náisiúnta agus oifigigh ó Chomhairle Contae Chill Mhantáin, ar bhonn ráithiúil in 2019 chun athbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht bóithre i gContae Chill Mhantáin. Tá Plean Sábháilteachta ar Bhóithre Chontae Chill Mhantáin 2015-2020 ar fáil anois

agus is féidir teacht air ar líne ag www.wicklow.iels é príomhchuspóir an Phlean Sábháilteachta ar Bhóithre Líon na dtaismeach ar bhóithre Chontae Chill Mhantáin a laghdú agus sábháilteacht na mbóithre a fheabhsú do thiománaithe agus do choisithe le tréan Oideachais, Forfheidhmithe, Innealtóireachta agus Measúnachta.

Cuspóir 2

Na líonraí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla bóithre a thógáil agus a chothabháil ar an gcaighdeán is airde agus is féidir i leith gach cineál bóthair, lena n-úsáid san am i láthair agus amach anseo agus don luach is fearr ar airgead.

Bóthar Náisiúnta den Dara Grád, N81

Shínigh Comhairle Contae Chill Mhantáin an Conradh maidir leis na Príomhoibreacha le Clonmel Enterprises Ltd an 2 Meán Fómhair 2019.

Tá uasghrádú Bóthar Náisiúnta den Dara Grád an N81 ag Cora Chnoc Rua i gceist le Scéim Athailínithe Cora Chnoc Rua. Tá an casadh seo suite ar an N81 thart ar 800m ó dheas de Chros Hollywood (Acomhal an N81 agus an R756) agus thart ar 11km ó dheas de Bhaile Coimín. Tá an casadh seo suite idir dhá chuid d’ailíniú atá measartha maith agus tá go leor timpistí tar éis tarlú ann. Ullmhaíodh an scéim seo chun feabhas a chur ar chaighdeán an bhóthair, chun feabhsúchán ó thaobh feidhmíocht sábháilteachta bóthair an phíosa seo den N81 a chur i bhfeidhm agus laghdú a dhéanamh ar eachtraí a tharlaíonn trí athailíniú agus an bóthar a leathnú ag an láthair seo.

Beidh athailíniú an N81 ag Cora Chnoc Rua ar feadh achar thart ar 1km i gceist leis an scéim seo.

Cuireadh tús le hoibreacha láithreáin an tseachtain, an 2 Meán Fómhair 2019 agus meastar go dtógfaidh an Conradh oibreacha 72 seachtaine.

Tá an scéim á maoiniú ag Bonneagar Iompair Éireann.

Is iad RPS Consulting Engineers a bheidh i mbun maoirseachta ar an gConradh maidir leis na Príomhoibreacha.

Cothabháil agus Feabhsú ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta Iad

Chuaigh dreamanna saothair dhírigh de chuid na gcúig cheantar bardasach (agus conraitheoirí príobháideacha, uaireanta) i mbun oibreacha cothabhála in 2019 ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad.

Oibreacha Deontais Athchóirithe Droichead

Cuireadh oibreacha i gcrích sna háiteanna seo a leanas in 2019:

An Baile Nua Baile an Talbóidigh Cill Téagáin
L20901 Droichead Naavy Hill Íochtarach
L2143 Droichead Roideanaigh
L4310 Droichead an Mhuilinn Úctha Bealach Conglais Íochtarach
L8333 Droichead Hells Kettle Íochtarach
R117 Droichead Chnoc Sinche Áth na Sceire
R759 Droichead na Cloiche Léithe Bóthar Chipiúr
R7848 Droichead Ros na Sraithe

Cuireadh tograí maoinithe isteach le haghaidh na dtionscadal seo a leanas agus tá leithdháileadh faighte acu:

R755-236	Sally's Bridge
L-1700-0	Droichead Bhaile Chill Mhantáin:
R747-116	Coill an Chlochráin, Eachroim
R747-210	Droichead Killaveney
L-1113--9	Droichead Chéide na Carraige Móire, Gleann
L-2143-0	Droichead Roideanaigh, Eachroim
R725-79	Bridge Boley
L-7256	Droichead Highpark, Cill Téagáin
R750-37	Droichead Bhaile Sheonac Thuaidh
L-50462	Droichead Beechdale, Cill Chomhghaill

Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta 2019:

Cuireadh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta i gcrích ar chostas íseal sna suíomhanna seo a leanas in 2019:

L3205/L7706 Acomhal Shéipéal Choill Bhánaigh Tigh na hÉille
R725/L3390 Bóthar Fhearna
Carn an Bhua Bealach Conglais
R747/L7271 Acomhal Eastát Choill Hume
Cill Téagáin Bealach Conglais Md
Feabhais Sábháilteachta ar an R761 Coillín na Carraige Na Clocha Liatha
L2900 Bóthar Emoclew An tInbhear Mór
L2172 An Chrois Dhearg An tInbhear Mór
R754 Abhóca An tInbhear Mór
An R747, Bóthar Vale, an tInbhear Mór
L1971/R766 Bóthar Fhlórans agus Adelaide
Acomhal Bóthar Bhré
R761 Timpeallán Windgates Bré
R754 Abhóca An tInbhear Mór
R750 Dunbur Road Cill Mhantáin
L2900 Bóthar Emoclew An tInbhear Mór

Cuireadh tograí maoinithe isteach le haghaidh na dtionscadal seo a leanas do 2020 agus tá leithdháileadh faighte acu:

An R747, Bóthar Vale idir
An tInbhear Mór agus An
Droichead Adhmaid
R761-L1048 Acomhal ag an
Chaisleáin nua agus
Bóithre Woodstock i Cill
Chomhghaill
R761 Windgates, Na Clocha
Liatha
R772 Wexford Road (ó
thuaidh) An tInbhear Mór
R752 Scoil Náisiúnta Naomh
Saviour, Ráth Droma
R772 Wexford Road (ó
Dheas) An tInbhear Mór
L2137 Eachroim chuig
Bóthar Rathdangan ag Baile
Thaidhg
Acomhal agus marcáil na
Príomhshráide
i mBaile an Chinnéidigh
R725/R749 Keny's Corner,
Carn an Bhua
R755 Cill Lóch Uachtarach
R773/L5677/L6177
crosbhóithre Thóin le Gaoith
R117 Bóthar Bhré (21
casadh) Áth na Sceire
R767 Bóthar na Scoileanna,
Bré

Cuspóir 3

“Siúl, rothaíocht agus úsáid iompair poiblí a éascú agus a chur chun cinn chun an brú tráchta a laghdú, stíleanna maireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn agus rochtain ar shaoráidí a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil tiomáint ná teacht ar iompar poiblí acu”.

Maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair

Faigheann Comhairle Contae Chill Mhantáin maoiniú gach aon bhliain ó Bhearta Iompair Inbhuanaithe an Údaráis Náisiúnta Iompair do thionscadail éagsúla. Áirítear orthu seo, tionscadail a éascaíonn agus a chuireann siúl, rothaíocht agus úsáid iompar poiblí chun cinn. Cuidíonn na tionscnaimh seo le brú tráchta a laghdú, stíleanna maireachtála níos sláintiúla a chur chun cinn agus rochtain ar shaoráidí a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil tiomáint ná teacht ar mhodhanna iompair dá gcuid féin acu.

Ar na tionscadail a fuair maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair in 2019 bhí:

Rotharbhealach Bóthar na Trá, Bré (Uisceadán san áireamh)
Acomhal DART Bhré
Bealach rochtana chalafort Bhaile Chill Mhantáin go dtí bealach isteach na gcoisithe chuig an stáisiún
Acomhal Bhóthar Chill Easpaig Sáráin – Bóthar an Teampaill agus oibreacha gaolmhara ar Bhóthar Chill Easpaig Sáráin
Scéim Rothaíochta Bhóthar Vevay
Feabhsúcháin ar Aonad Cláraithe Feithiclí Bhealach Conglais ar an N81
Rochtain ar Scoileanna ar Iompar Poiblí
Bainistiú Tráchta ITS Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Bré
Droichead Bhré: Droichid choisithe agus nithe gaolmhara
Tréscailteach Bhré
Stadanna Bus, Na Clocha Liatha

Ar na tionscadail a fuair maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair do 2020 bhí:

Inbhear Mór go Síol Éalaigh (pleanáil a thabhairt chun críche)
Raon Rothar Bhóthar na Trá
Acomhal DART Bhré
Bealach Rochtana chalafort Bhaile Chill
Mhantáin go dtí bealach isteach na gcoisithe chuig an stáisiún
Raon Rothar Chill Easpaig Sháráin
Raon Rothar Bhóthar Vevay
Rochtain ar Scoileanna nó Iompar Poiblí
Bainistiú Tráchtá ITS Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Bré
Droichead Bhré: droichid choisithe agus nithe gaolmhara
Glasbhealach Abhainn na hEala
Tosaíocht Bus i mBré Beag
Céim Nasctha a 2 de Dhroichead Iompair Poiblí Bhré
Staidéar Iompair an Inbhir Mhóir
Staidéar Iompair na gCloch Liath
Feabhsúcháin ar Aonad Cláraithe Feithiclí Bhóthar Chros an Deiscirt
Stadanna Bus Bhóthar an Mhuilinn, na Clocha Liatha
Tosaíocht Bus agus Laghdú Brú Tráchtá na Príomhshráide i mBré
Scéim Sábháilteachta Acomhail Bóthar an Teampaill/Bóthar Chill Airne
Tosaíocht Iompair Poiblí agus Feabhsúcháin an réimse poiblí ag Halla an Bhaile i mBré
Ascaill an Chlochair go Corrán Vevay
Rotharbhealach Bóthar na Trá, Bré (Uisceadán san áireamh)
Acomhal DART Bhré
Bealach rochtana chalafort Bhaile Chill
Mhantáin go dtí bealach isteach na gcoisithe chuig an stáisiún
Acomhal Bhóthar Chill Easpaig Sáráin – Bóthar an Teampaill agus oibreacha gaolmhara ar Bhóthar Chill Easpaig Sáráin
Scéim Rothaíochta Bhóthar Vevay

Feabhsúcháin ar Aonad Cláraithe Feithiclí Bhealach Conglais ar an N81
Rochtain ar Scoileanna ar Iompar Poiblí
Bainistiú Tráchtá ITS Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Bré
Droichead Bhré: droichid choisithe agus nithe gaolmhara
Tréscailteacht Bhré
Stadanna Bus, Na Clocha Liatha

Cothabháil agus Bainistiú Páirceála

Tá Páirceáil Íoc i bhfeidhm i mbailte Bhré, na Clocha Liatha, an Inbhir Mhóir agus Chill Mhantáin atá á fheidhmiú faoi Fhodhlíthe Páirceála Chomhairle Contae Chill Mhantáin 2017.

Déanann Ceantar Bardasach Bhré bainistíocht ar thacaíocht cúloifige go léir na gcarrchlós. Idirchaidreamh le Soláthróirí Iompair Agus feabhas a chur ar an tseirbhís iompair phoiblí do Chontae Chill Mhantáin mar phríomhchuspóir ag Comhairle Contae Chill Mhantáin, leanadh leis an idirchaidreamh le Soláthróirí Seirbhíse Iompair Phoiblí le linn 2019.

Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas

Leanfaidh an Stiúrthóireacht iompair agus bonneagair bóithre de bheith ar an eolas is déanaí faoi threoirínte an Údaráis náisiúnta Míchumais sa chaoi go gcuirfear caighdeán chomhlíontacha dearaidh i bhfeidhm agus go mbainfear amach an t-ardchaighdeán a chinnteoidh go mbeidh ‘rochtain ag cách’.

Scéim Feabhsúcháin an M11/N11

Acomhal 4 go hAcomhal 14

Ceapadh Innealtóirí Comhairleacha Arup mar shainchomhairleoir ceannais i mí na Samhna 2018 chun an tionscadal a phróiseáil trí Chéimeanna 1 – 4 de réir Threoirínte

Bainistíochta Tionscadail Bhoneagar Iompair Éireann.

Tá Scéim Feabhsúcháin an N11/M11 Acomhal 4 go hAcomhal 14 á breithniú de réir “Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2016 – 2035)”, a chuireann sraith cuspóirí i láthair chun tacú le héilimh iompair agus le dul chun cinn geilleagrach inbhuanaithe. Samhlaítear líon forbairtí sonracha leis an straitéis, lena n-áirítear, feabhsúcháin feadh conair N11/M11 idir Acomhal 4 go hAcomhal 14.

Tá sé mar aidhm le Scéim an N11/M11 feabhas a chur ar shábháilteacht, inrochtaineacht agus iontaofacht achar aistir feadh conair straitéiseach seo an oirdheiscirt. Tá sé mar phríomhchuspóir leis an tionscadal naisc iompair ilmhódach fheabhsaithe a chur ar fáil do chonair an oirdheiscirt.

Mar a mionsonraíodh ag imeacht comhairliúcháin phoiblí an 12 Samhain 2019, agus ar mhaithe leis na cuspóirí seo a bhaint amach, tá líon roghanna iompair á mbreithniú i láthair na huaire, lena n-áirítear, bearta atá bunaithe ar bhóithre agus réitigh iompair inbhuanaithe. D’fhéadfaí na bearta seo a sholáthar go neamhspleách nó i gcomhar le, agus tabharfar faoi scrúdú a dhéanamh ar inmhathanacht réitigh eatramhacha i leith fadhbanna iompair feadh na conaire.

Mar chuid den chéim reatha Rogha a Roghnú, táimid ag comhoibriú leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun measúnú a dhéanamh ar mholtaí iompair phoiblí amach anseo faoin “Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2016 – 2035)” agus an tionchar a bheith acu ar fheabhsúcháin bóithre ar an gconair.

Tá breithniú ar an mbealach ina bhféadfaí bealach an N11/M11 a fheabhsú chun iompar poiblí a éascú faoi bhealach, lena n-áirítear, measúnú a dhéanamh ar bhearta tosaíochta bus agus páirceáil agus taistil.

Táthar ag leanúint le measúnuithe freisin, i gcomhair le roghanna féideartha a fhorbairt, chun cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir úsáid a bhaint as na roghanna seo feadh conair an N11/M11 atá ann cheana, nó feadh bealaí nua ón mbóthar atá ann cheana féin.

Tá conairí nua a mbreithniú, sa bhreis ar an gconair atá ann cheana féin san áit ina bhfuil easnaimh shonracha feadh an chonair atá ann cheana féin. Tagann an réimse roghanna agus malairtí atá á mbreithniú le ceanglais measúnaithe comhshaoil maidir le measúnú a dhéanamh ar gach rogha féideartha, leis an iliomad roghanna iompair agus conair mholta atá ar fáil go poiblí lena n-athbhreithniú agus le barúil a thabhairt ina leith ar láithreán gréasáin an togra: www.n11m11.ie.

Clós Innealra agus Stórais a bhfuil go leor stoic iontu

Tugadh faoi athbhreithniú iomlán mionsonraithe ar oibríochtaí chlós innealra agus stórais le go leor stoic iontu atá á reáchtáil ag an gComhairle sa dara cuid den bhliain 2018 agus go luath sa bhliain 2019.

- Tar éis Iniúcháireacht Inmheánach agus anailís eile cuirfear líon cuspóirí i bhfeidhm anois sa ghearrthearma, meántearma agus san fhadtearma maidir le hábhair oibríochta. Áirítear ar chuid acu sin:
- De réir mar a bhíonn feithiclí nua riachtanach is trí rogha léasa a bheidh an flít veaineanna beaga go meánmhéide a chuireann luach níos fearr ar airgead ar fáil.
- Beidh fócas an chlóis innealra ar fheithiclí níos mó i gcónaí, lena n-áirítear Flít Cothabhála an Gheimhridh agus ar thrucail níos mó, ar an fhflít

seirbhíse dóiteáin agus feithiclí leabharlainne.

- Tabharfar clár athsholáthair caipitil iomlán den Fhlít Innealra go léir chun críche.
- Aithníodh líon réimsí in anailís costais ar oibríochtaí stóir ina bhféadfaí barainneacht a bhaint amach. Áiríodh ar réimsí a léiríodh, na costais bhliantúla a bhaineann le stórais ina bhfuil go leor stoic iontu a reáchtáil, an costas ard a ghabhann le stoc atá as feidhm agus foinsí eile le stoc agus ábhair a fháil. Cuirfear deireadh de réir a chéile leis na stórais a bhfuil stoc iontu atá lonnaithe i bhfoirgnimh an Chontae agus leanfar roghanna eile le míreanna a sholáthar.

Aithneofar úsáid eile sa bhliain 2010 don áit a bhfuil na stórais suite.

Leanfar le hathbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an dá réimse oibríochta.

Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce

Lean Comhairle Contae Chill Mhantáin sa bhliain 2019 le Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce a sholáthar faoin gComhaontú Seirbhíse (SLA) reatha.

Tionscadail Uasghrádaithe:

Leanadh le hoibreacha uasghrádaithe Seirbhísí Uisce ar feadh na bliana 2019. Áirítear ar na tionscadail seo, athsholáthar 14 ciliméadar de phríomhlíonra uisce ar fud an chontae faoi Chlár an Líonra Uisce. Áirítear na tionscadail seo a leanas:

- Cúlchlóis atá críochnaithe, Sráidbhaile an Old Russian, Cill Pheadair; an Bóthar Nua, Cill Chomhghaill; Baile Chill Mhantáin; an tInbhear Mór; Ráth Droma.

- Athsholáthar 160 m de líonra Aispeiste i gCorrán Lourdes, Eachroim.
- Athsholáthar 4 orlaigh de líonra iarainn theilgthe Tinoran, Bealach Conglais 620m.
- Fógra maidir le síneadh 450m a chur leis an fhógra le huisce a fhiuchadh in Eachroim go Cnoc an Choill agus Coill Bhaile Eoghain, tugtha chun siúil tar éis 10 mbliana.
- Athsholáthar líonra 1000m Aispeiste ar Bhóthar Vevay.
- Athsholáthar 8 gcinn de líonra iarainn theilgthe agus 6 cinn upvc ag Cearnóg Mhic Liam, Cill Mhantáin roimh an scéim feabhsúcháin bóithre, 250m.
- Faighte réidh le sean-tanc agus píopaí Bellard Manor, Gleann Fhaidhle.

Bhíothas ag leanúint le hoibreacha freisin chun uasghrádú a dhéanamh ar scagachán ag Córas Cóireála Uisce Fheartraí a fhreastalaíonn ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus Baile Chill Mhantáin.

Inbhuanaitheacht:

Leanann inbhuanaitheacht a bheith mar príomhúdar imní ag Comhairle Contae Chill Mhantáin agus ag Uisce Éireann araon, ar cheann de na tionscadail a leathadh amach sa réimse seo sa bhliain 2019, bhí an Córas Bainistíochta maidir le Sceitheadh (LMS). Tá ról lárnach ag Comhairle Contae Chill Mhantáin ó thaobh sceitheadh uisce a aimsiú agus a bhainistiú ar fud an chontae agus aimsíodh os cionn 900 sceitheadh uisce sa bhliain 2019. Ciallaíonn sé seo agus na deisiúcháin a lean é gur lean Uisce Gan Tásca (UFW) inár n-éileamh laethúil ag laghdú go 28% i mí na Nollag 2019.

Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPlanna):

Rinne Uisce Éireann forbairt ar Rianaire Bainistíochta Feidhmíochta le rianú a dhéanamh ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta (KPlanna) faoin bPlean Seirbhíse Bliantúil le Uisce Éireann. Tá sé i gceist an uirlis comhroinnte Comhphointe seo a úsáid mar ardán comhoibríoch do chumarsáid fíor-ama idir Uisce Éireann agus na hÚdaráis Áitiúla le hanailís a dhéanamh ar threochtaí feidhmíochta. Cuimsíonn an scór foriomlán do Chomhairle Chontae Chill Mhantáin raon scór KPI ar feadh na bliana, lena n-áirítear:

- Baineadh scór de 100% amach do chomhlíonadh le micribhitheolaíocht sa soláthar uisce óil.
- Baineadh scór de 98.50% amach do chomhlíonadh ceimiceach sa soláthar uisce óil.
- Baineadh scór de 100% amach do líon measúnachtaí maidir le comhlíonadh ar shamplaí a tógadh ag Ionad Cóireála Fuíolluisce a d'fhreastail ar chaighdeáin cháilíochta éigeantacha eisilte UVWWTd.
- Baineadh scór de 97.70% amach ar fhógraí maidir le cur isteach ar an gcóras.
- Baineadh scór de 97% amach ar fhreagra tráthúil a thabhairt ar Cheisteanna Sreafa Oibre.
- Baineadh scór de 94.80% amach do Rialú Caiteachais Airgeadais – Oibríochtaí.

(Tabhair ar aird: Scóráil bunaithe ar shonraí Ráithe 4 den bhliain 2019.)



Bainistiú Éigeandála

Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin mar chuid den Réigiún Thoir um Pleanáil Éigeandála mar aon le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath agus Chill Dara. Déanann Príomhoifigeach Dóiteáin Chill Mhantáin cathaoirleacht ar Ghrúpa Oibre an Réigiúin Thoir ar a bhfuil ionadaithe óna hÚdaráis Áitiúla sa Réigiún, an Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tuairiscíonn an Grúpa Oibre don Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach a dhéanann comhordú ar Phleanáil Éigeandála don Réigiún.

Tá Coiste Bainistithe Móréigeandála ar bun i gComhairle Contae Chill Mhantáin ar a bhfuil baill foirne sinsearachas as rannáin uile Chomhairle Contae Chill Mhantáin agus as na Ceantair Bhardasacha. Tionóladh cruinnithe rialta in 2019 agus tá an coiste ag leanúint air ag díriú ar athbhreithniú leanúnach ar Phleanáil Mhóréigeandála mar aon le hoiliúint chuí a sholáthar i ngnéithe éagsúla den phleanáil sin. Freagairt ar Dhrochaimsir Tháinig Grúpa Comhordaithe Drochaimsire na Comhairle le chéile chun na dálaí aimsire a mheas agus chun machnamh a dhéanamh ar fhreagairt na ngníomhaireachtaí ábhartha ar Stoirm Emma a athbhreithniú:

- Eanáir Stoirm Deirdre
- Feabhra Stoirm Erik
- Márta Stoirmeacha Freya & Garreth
- Aibreán Stoirm Hannah
- Deireadh Fómhair Stoirm Lorenzo
- Samhain Stoirm Sebastian
- Nollaig Stoirm Atiyah

Thug foireann na Comhairle freagairt ar an nglantachán agus ar na hoibreacha a raibh gá láithreach leo a bhain leis na stoirmeacha.

Chuir oibrithe deonacha os cionn 650 daonair isteach ó thaobh cúnamh le linn Stoirm Emma / Beast from the East. Chuir an Chosaint Shibhialta ábhair leighis ríthábhachtacha ar fáil do theaghlaigh ar fud an Chontae a bhí scoite amach. Tugadh othair ó thart timpeall Chill Mhantáin agus Loch Garman Thuaidh chuig Clinicí i mBaile Átha Cliath do chóireáil Scagdhéalaithe agus Oinceolaíochta. Bogadh roinnt cónaitheoirí amach as a dtithe cónaithe. Thug comhaltaí den Chosaint Shibhialta cúnamh do sheirbhísí Béilí ar Rothaí agus seirbhísí altra poiblí chun a gcuid ról sa phobal a chur i gcrích le linn na tréimhse.

Seirbhísí Dóiteáin

I measc na réimsí eile de ghníomhaíocht na Seirbhíse Dóiteáin a ndearnadh dul chun cinn orthu bhí:

- Cigireachtaí agus forfheidhmiú de réir na nAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003
- Measúnachtaí ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin agus ar Theastais Rochtana do Dhaoine faoi

Mhíchumas de réir na Rialachán

Rialaithe Foirgníochta 1997 go 2009.

- Sábháilteacht an Phobail ó Dhóiteáin.
- Oiliúint do Phearsanra na Seirbhíse Dóiteáin.

Ag teacht leis an 4ú cuimhneachán ar Thragóid Dóiteáin Charraig Mhaighin cuireadh clár leathan cigireachta, uasghrádaithe sábháilteachta dóiteáin, comhairle maidir le sábháilteacht dóiteáin agus oiliúint maidir le sábháilteacht dóiteáin ar fáil ar Láithreáin Lucht Siúil an Údaráis Áitiúil ar fud an chontae.

Bhí sé mar phríomhfhócas leis an gclár oiliúna bliantúil cothabháil agus athnuachan a dhéanamh ar réimsí riachtanacha inniúlachta, m.sh.

- freagairt d'eachtraí maidir le hÁbhair Ghuaiseacha,
- úsáid Gaireas Análaithe,
- úsáid Córais Comhbhrúite Cúr Aeir,
- Oiliúint maidir le Freagairt do Thuile.

Cuireadh an fhaisnéis agus na scileanna riachtanacha ar fáil d'iontrálaithe nua chun tabhairt go sábháilte faoi ról comhraiceora dóiteáin.

Rinneadh forbairt agus tugadh isteach na réimsí oiliúna nua seo a leanas:

- “Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála”.

D'éagraigh Seirbhís Dóiteáin Chill Mhantáin líon cleachtaí oibríochta ollmhóra le fócas idirghníomhaireachta le linn na bliana:

- Seimineár maidir le Comhrac Dóiteáin Fiathalamh le Coillte, sa Mhárta,
- Cleachtadh maidir le tarrtháil Craein Túir i mí na Bealtaine,

- Comhrac Dóiteáin Fiathalamh ar Héileacaptair – Loch Deán, mí Iúil,

Bhí imeachtaí foirmiúla sna Stáisiúin Dóiteáin go léir i mí na Nollag agus bhronn Ionadaithe Tofa Áitiúla “Boinn 1916” ar phearsanra na Seirbhíse Dóiteáin.

Bhain cuntas Twitter na Seirbhíse Dóiteáin lucht leanúna de 1,200 amach.

- An trealamh chun freagairt a thabhairt ar Chuardach agus ar thuile a mhéadú.
- Freagairt ar thuile agus ar dhrochaimsir.
- Cuardach agus tarrtháil i leith daoine ar iarraidh.
- Tabhairt isteach Aonad Úsáid Dróin – Tá an Drón atá á úsáid ag Cosaint Shibhialta Chill Mhantáin i láthair na huaire ar cheann de phéire atá sa tír, is i nGaillimh atá an Drón eile.

Rialú Foirgníochta

Aistríodh an Fheidhm maidir le Rialú Foirgníochta a bhí laistigh de Chomhairle Contae Chill Mhantáin chuig na Seirbhísí Dóiteáin agus beidh siad faoi rialú an Phríomhoifigigh Dóiteáin anois. Bhog an Fhoireann a bhí i mbun Rialú Foirgníochta chuig Ceanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin i mBré.

An Chosaint Shibhialta

Achoimre ar Chosaint Shibhialta Chill Mhantáin 2019;

Aonaid agus Comhaltaí

Unit	Volunteer Number
Grey Stones	22
Baltinglass	10
AFS Grey Stones	10

Réimsí Chosaint Shibhialta a ndearnadh dul chun cinn orthu in 2019

- Leanadh le hoiliúint sna Príomhréimsí d’oibríthe deonacha
- Oiliúint do theagascóirí nua.
- Leanadh le huasoiliúint leanúnach Teagascóirí Reatha.
- Tacaíocht leanúnach d’imeachtaí/oibríochtaí Pobail
- Uasghrádú ar fheithiclí agus trealamh.

Imeachtaí/Oibríochtaí Pobail

Bhí bliain an-ghnóthach ag Cosaint Shibhialta Chill Mhantáin tráth ar cuireadh clúdach Garchabhrach ar fáil ag 32 imeacht. Leanadh le hoiliúint ar fud an Chontae agus ghlac pearsanta na Cosanta Sibhialta páirt i nGníomhaíochtaí Oibríochta agus i gcleachtaí Oiliúna ar fud na réimsí seo a leanas:

- Cleachtadh do Chuardach agus Tarrtháil ar fud an Chontae agus úsáid á bhaint as Dróin, Foirne Cuardaigh Srutha agus Foirne Cuardaigh ar Talamh – an Mhuiríoch
- 2 x CFR agus 1 x Cúrsaí FAR
- Tacaíocht Réigiúnach agus Foirne Dróin á n-úsáid i gContae Chill Dara ar 2 ócáid
- Cleachtadh oiliúna 3 lá in Ionad Oiliúna na Cosanta Sibhialta i bPáirc an Fhionnuisce a chlúdaigh, Cuardach agus Tarrtháil Uirbeach, Mór-Thaismí, Sábháilteacht Láithreacha agus Forbairt Foirne.

Bhí siad sin i gcomhréir le ráiteas misin iomláin an Údaráis áitiúil, is é sin “cáilíocht bheatha mhuintir agus phobail Chontae Chill Mhantáin a fheabhsú”.

Lean Cosaint Sibhialta Chill Mhantáin le tacaíocht a thabhairt ag Móreachtraí Drochaimsire, Éigeandála agus Pobail ar feadh na bliana 2019.

Go háirithe, cuireadh cúnamh ar fáil le linn na n-imeachtaí suntasacha seo a leanas;

- Stoirm Emma – i mí an Mhárta
- Rás Luaimh thart timpeall na hÉireann – i mí an Mheithimh
- Seó Eitleoireachta Bhré – i mí Iúil
- Tacaíocht Dróin agus Faire Dóiteáin do Sheirbhís Dóiteáin Chill Mhantáin – i mí Iúil
- Taispeántas na Cosanta Sibhialta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta – i mí Meán Fómhair

Earcaíocht agus Oiliúint Ionduchtúcháin

Mar gheall ar chúiseanna nach raibh súil leo rinneadh srianadh ar an gclár earcaíochta a bhí beartaithe sa bhliain 2019 agus cuireadh siar an clár go dtí an bhliain 2020. Maidir leis sin, tháinig sé chomhalta nua isteach san eagraíocht agus chríochnaigh siad cláir ionduchtúcháin deich seachtaine i Láimhsiú Sábháilte, an Chéad Fhreacha Cairdiach, Cosaint Leanaí, Bainistíocht ar Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla agus Scileanna Bunúsacha Raidió. Uasghrádú Trealaimh agus Feithiclí

Cuireadh feithicil Tacaíochta Teagmhais leis an fhlít le linn na bliana 2019. Cuirfidh an fheithicil seo, mar aon le soilse nua agus trealamh campála le cumas na Cosanta Sibhialta cúnamh a thabhairt do Ghníomhaireachtaí

Príomhfhreacha ag eachtraí ar fud Chontae Chill Mhantáin.

Cuireadh trealamh dróin agus oiliúint ar fáil chun cur leis an gcumas le cúnamh a thabhairt nuair a bhítear ag cuardach dhaoine atá ar iarraidh.

Táscairí Feidhmíochta 2019 – Comhairle Contae Chill Mhantáin

R1: Rátálacha san Innéacs ar Riocht Dromchla Pábhála (PSCI)

- A. (a) Suirbhé déanta ar 98.4% de na Bóithre Réigiúnacha le dhá bhliain anuas
 (b) Suirbhé déanta ar 97.2% de na Príomhbhóithre Áitiúla le dhá bhliain anuas
 (c) Suirbhé déanta ar 97.0% de na Bóithre Áitiúla den Dara Grád le dhá bhliain anuas
 (d) Suirbhé déanta ar 70.9% de na Bóithre Áitiúla den Tríú Grád le cúig bliana anuas
- B. (a) Rátáil na mBóithre Réigiúnacha
- | | |
|------|-------|
| 1-4 | 7.4% |
| 5-6 | 20.7% |
| 7-8 | 41.3% |
| 9-10 | 29.6% |
- (b) Rátáil na bPríomhbhóithre Áitiúla 1-4
- | | |
|------|-------|
| 2.2% | |
| 5-6 | 24.2% |

	7-8	51.5%		Méid um Fheabhsú Bóithre	
				€1,328,085	
	9-10	21.3%		B. Fad na mBóithre Réigiúnacha a	
				Athshéalaíodh	
				17.4km	
				Méid um Cothabháil Bóithre	
				€358,804	
				C. Fad na mBóithre Réigiúnacha a	
				Neartaíodh	46.7 km
				Méid um Fheabhsú Bóithre	
				€3,646,657	
				D. Fad na mBóithre Réigiúnacha a	
				Athshéalaíodh	
				48.1 km	
				Méid um Cothabháil Bóithre	
				€753,342	
				(c) Rátáil na bPríomhbhóithre Áitiúla	
	1-4	10.3%			
	5-6	31.0%			
	7-8	40.3%			
	9-10	19.3%			
				(d) Rátáil na mBóithre Áitiúla den Tríú	
Grád	1-4	7.1%			
	5-6	11.2%			
	7-8	33.0%			
	9-10	19.6%			

R2: Oibreacha ar Bhóithre Réigiúnacha

- A. Fad na mBóithre Réigiúnacha a
Nearthaíodh 13.3 km

**An Stiúthóireacht Pleanála
Forbartha agus Comhshaoil**

Pleanáil Forbartha

Coiste um Beartas Straitéiseach

An Cathaoirleach
An Comhairleoir Sylvester Bourke (2.5 bliain)

An Comhairleoir Edward Timmins (2.5 bliain)

Comhairle Contae Chill Mhantáin
An Comhairleoir Shay Cullen
An Comhairleoir Edward Timmins
An Comhairleoir Patsy Glennon
An Comhairleoir Steven Matthews
An Comhairleoir Gerry O'Neill

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Forbairt/Foirgníocht
Jim Wood

aonair, le cosaint an chomhshaoil agus leis na riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha de gach limistéar”.

An Pobal Talmhaíochta/Feirmeoireachta
Michael Byrne

Bainistiú Forbartha

Comhshaol/Caomhnú
Joan Campbell

Is é bainistiú forbartha an téarma ginearálta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na feidhmeanna a bhaineann le próiseáil na n-iarratas pleanála, suas go dtí agus lena n-áirítear aon achomharc chuig an mBord Pleanála.

Gnó/Tráchtáil/Comhlachais
Conor McCarthy

Stiúirthóir Seirbhísí
Breege Kilkenny

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Theresa O’Brien

Bliain	Líon na nIarratas
2009	1359
2010	1147
2011	976
2012	939
2013	987
2014	1285
2015	1361
2016	1465
2017	1544
2018	1156
2019	1122

Pleanálaí Sinsearach
Sorcha Walsh

Innealtóir Sinsearach
Fergal Keogh

Áirítear ar na Feidhmeanna:

- Plean Forbartha Contae agus Pleananna Ceantair Áitiúil a ullmhú.
- Monatóireacht ar éifeachtacht an Phlean Forbartha.
- Bainistiú Forbartha.
- Forfheidhmiúchán.
- Oidhreacht
- Láithreáin Fholmha
- Láithreáin Tréigthe
- Forfheidhmiú Rialacháin maidir le Ligean Gearrthéarmach

Is iad seo a leanas na tionscadail eile a dhéileáiltear leo sa réimse seo; Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta, réamhphleanáil, aighneachtaí tríú páirtí, comhlíonadh, achomhairc, ranníocaíochtaí forbartha a bhailiú, atreoraithe alt 5 agus eastáit a thógáil i gcúram.

Oidhreacht

Sprioc

Maoiniú a tarraingíodh sa bhliain 2019:

“Pleanáil chuí agus éifeachtach a chur ar fáil lena gcothromaítear an gá atá le forbairt inbhuanaithe, le cearta daoine

- €23,000 - Ciste do Phlean Oidhreachta an Chontae;

- €32,500 – an ciste don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht;
- €10,000 – Éire Chruthaitheach; an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (DCHG)
- €90,000 - Deontais don Oidhreacht Thógtha

Bunaíodh Fóram Oidhreacht nua i mí Meán Fómhair 2019.

Plean Oidhreacht: Tionscadail tugtha chun críche agus maoiniú faighte mar a leanas;

- Tionscadal Seandálaíochta Pobail Chill Mhantáin (Gleann Dá Loch + Bealach Conglais),
- Clár do Sheachtain na hOidhreacht agus do Sheachtain na Bithéagsúlachta;
- Comhordú agus leathnú Cartlanna Oidhreacht Pobail ar líne le ICAN - 6 ghrúpa pobail nua bainteach leis

Plean Bithéagsúlachta an Chontae: Maoiniú faighte agus maoiniú faighte ar ais freisin do na tionscadail seo a leanas:

- Tionscadal Bithéagsúlachta Chuan an Bhriotáis;
- Suirbhé an Ghabhláin Gaoithe Chontae Chill Mhantáin;
- Suirbhé Éin Bhruachánacha;
- Clár Feasachta Bithéagsúlachta @ ECNR; Físeán beochana gearr ar bheacha le NBDC;
- Cúrsa garraíodóireachta do Phailneoirí Poiblí.

Comhshaol

Coiste um Beartais Straitéiseacha Gníomhaithe ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta

Cathaoirleach

An Comhairleoir Jennifer Whitmore (2.5 bliain)

An Comhairleoir Steven Matthews (2.5 bliain)

Comhairle Contae Chill Mhantáin

An Comhairleoir Dermot O'Brien

An Comhairleoir Rory O'Connor

An Comhairleoir Peir Leonard

An Comhairleoir Lourda Scott

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Timpeallacht agus Caomhnú – Oirthear Chill Mhantáin

Keith Scanlon

Timpeallacht agus Caomhnú – Iarthar Chill Mhantáin

Sharon Jackson

An Pobal Talmhaíochta/Feirmeoireachta

Tom Shortt

Gnó/tráchtála/ comhlachas tráchtála

Gary McKensie

An Comhairle NA Nog

Stiúrthóir Seirbhísí

Breege Kilkenny

Pleanáil, Forbairt agus Timpeallacht

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Theresa O'Brien

Innealtóir Sinsearach

Marc Devereux

Gníomhú ar son na hAeráide

Bhí a gcéad chruinniú ag an SPC Gníomhaithe ar son na hAeráide agus na Bithéagsúlachta a bunaíodh le gairid, an 31 Deireadh Fómhair 2019.

Glacadh le cinneadh 6 chruinniú a thionóil in aghaidh na bliana ar fud an chontae agus súil le cuireadh a thabhairt do ghrúpaí pobail leasmhara chun casadh leis an gcoiste i ndiaidh gach cruinniú.

Ghlac comhaltaí Comhairle Contae Chill Mhantáin leis an Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide an 2 Meán Fómhair 2019.

Shínigh Comhairle Contae Chill Mhantáin an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide an 20 Nollaig. Seoladh 5 Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe go hoifigiúil i mí Deireadh Fómhair 2019.

Tá Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide le bunú sa bhliain 2020 chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhartha mar a aithnítear iad i Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus sa Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Chill Mhantáin.

Cáilíocht Uisce agus Fuíolluisce – Rialú ar Thruailliú agus a Fhorfheidhmiú

Thar ceann Uisce Éireann, leanann Comhairle Contae Chill Mhantáin de bheith ag rialú agus ag déanamh monatóireachta ar thruailliú uisce agus fuíolluisce i gcomhréir leis an reachtaíocht agus le rialacháin AE.

Seirbhísí Saotharlainne agus Rialú ar Thruailliú

Tá an fhoireann seirbhísí saotharlainne agus truaillithe gníomhach i raon réimsí chun cáilíocht ár n-acmhainní uisce agus comhshaoil i gContae Chill Mhantáin a chur chun cinn, a chosaint agus a fheabhsú. Tá an plean foirne agus RMCEI (Critéir Íosta Inmholta um Chigireacht Comhshaoil) mar bhunús do thosaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí oibre amhail monatóireacht, gearáin a fhiosrú, measúnú agus forfheidhmiú, faoi threoir ag plean na roinne don rannóg seirbhísí uisce agus comhshaoil.

Seirbhísí Tréidliachta

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann(FSAI)

- Leithdháileadh don bhliain 2019 - €150,901.
- Maoirseacht seamlas ísealacmhainne, áitreabh feola (13 in iomláine)
- Comhaontú Alt 85 (Meán Fómhair 2016) le Comhairle Contae Loch Garman
- Cigireacht roimh bháis agus iarbháis; Cigireacht sláinteachais

agus iniúchtaí; leasa ainmhithe; sampláil micribhitheolaíochta (bia, uisce & maipíní); anailís cheimiceach; anailís iarmhair cógais tréidliachta

- Rannpháirtíocht i gCoiste Réigiúnach an Oir-Dheiscirt um Zónóis
- Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre CCMA, FSAI agus DAFM

Rialú Madraí

- Meabhrán Comhaontaithe leis an ISPCA 1/3/17 go 28/2/20
- Póna Madraí ag suíomh SPCA Chill Mhantáin i mBaile Uí Ghamhnáin Mór, Ráth Droma
- 2 Mhaor Madraí & Chúntóir Conchró páirtaimseartha
- Muirir do 2020 - €208,699

Staitisticí 2019

- Eisíodh 3181 Ceadúnas Madraí (Ginearálta - 5; Saoil -137)
- Líon madraí ar strae agus madraí a tugadh suas 112
- Líon madraí a éilíodh ar ais 32 /líon madraí a bhfuarthas baile eile dóibh 73
- Líon madraí a cuireadh síos - 6
- Líon madraí a bhfuarthas baile eile dóibh le grúpaí leasa eile – WSPCA/ISPCA/Iontaobhas Madraí
- Cuireadh micrishlis sna madraí a bhfuarthas baile eile dóibh, rinneadh díphéistiú orthu agus tugadh dearbhán neodraithe dóibh.
- 4 Ionad Pórúcháin Madraí (2019)
- Rannpháirtíocht i bhFóram Leasa Ainmhithe Ilghníomhaireachta.

Baile an Fhaoitigh

Ceapadh Fehily Timoney & Company mar chomhairleoirí timpeallachta sa bhliain 2018. Tá imscrúdú mionsonraithe láithreáin déanta agus tá na comhairleoirí ag imscrúdú na faisnéise seo á ar mhaithe le Plean Leasúcháin a chur ar fáil a chuirfear i láthair na cúirte agus i láthair páirtithe leasmhara eile sa bhliain 2020.

An Fhoireann Forfheidhmiúcháin Dramhaíola

Tá an Fhoireann Forfheidhmiúcháin Dramhaíola tiomanta don reachtaíocht bainistíochta dramhaíola a fhorfheidhmiú i gChontae Chill Mhantáin agus is mór a luach don chontae í. Pléann an Fhoireann le gearáin faoi chúrsaí dramhaíola, bruscair agus loiscithe. Fuarthas 2,372 ngearán i rith 2019.

Bruscar

- Eisíodh 553 Fhíneáil Bhruscair as sárúithe éagsúla ar an Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 e.g. bruscar a chaitheamh, comharthaíocht neamhdhleathach, salú ag madraí, etc.
- Cuireadh 44 cás os comhair na Cúirte.
- Eisíodh 58 Litir Rabhaidh chuig daoine a sháraigh an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 e.g.

ábhar a fhágáil ag ionad athchúrsála tráth a raibh na hionaid dúnta, athchúrsáil mhícheart ag an Ionad Athchúrsála, málaí scipe a bhí lán agus/nó ag cur thar maoil a fhágáil timpeall ar mhaoin duine ar feadh tréimhse fhada ama, etc.

Bainistiú Dramhaíola

- Osclaíodh 72 Chomhad um Bhainistiú Dramhaíola maidir le sárúithe éagsúla ar an Acht um Bainistiú Dramhaíola, e.g. dumpáil neamhdhleathach, dramhaíl a dhó nó a stóráil go neamhdhleathach, etc. Cuireadh 35 Chomhad um Bainistiú Dramhaíola chun na Cúirte.
- Eisíodh 63 Ordachán faoi Alt 14 chuig daoine ar theip orthu a maoin a choinneáil saor ó dhramhaíl.
- Eisíodh 156 Fhógra maidir le Feithiclí Tréigthe.
- Próiseáladh 117 Iarratas ar Loscadh.

Tionscnamh in aghaidh dumpála

Fuarthas €75,000.00 agus tugadh na tionscadail seo a leanas chun críche

- Bailíodh 2509 tocht mar chuid den mhaithiúnas i leith tochtanna
- Ceannaíodh CCTV breise
- Feachtais feasachta a reáchtáil, lena n-áirítear, “Mo Chuid Dramhaíola – Mo Bhaile”

PURE (Cosaint Ardtailte agus Timpeallachtaí Tuaithe)

Is tionscadal comhshaoil é PURE (Cosaint Ardtailte agus Timpeallachtaí Tuaithe) a seoladh i mí Mheán Fómhair 2006 chun an méadú ar dhumpáil/dhiúscairt mhídhleathach in ardtailte Chill Mhantáin agus Bhaile Átha Cliath a chomhrac. Cuireadh síneadh go dí deireadh 2019 ar an Tionscadal.

Saoráidí Athchúrsála

In 2019, glacadh na méideanna seo a leanas d’ábhair athchúrsála ag na 5 Ionad Athchúrsála:-

An tInbhear Mór	1,044,299 tonna
Abhóca	426,628 tonna
Bré	1,608,251 tonna
Cill Mhantáin	739,278 tonna
An Rampar	317,640 tonna

Ina theannta sin, tá 43 bhanc buidéal lonnaithe ar fud an Chontae ina mbailítear Gloine, Cannaí Dí agus Cannaí Bia. 2,260,530 tonna a bhí sa mheáchan iomlán ábhar a bailíodh ag na bainc bhuidéal in 2019.

Seirbhísí Tréidliachta Rialú Madraí

Cuireann an ISPCA seirbhís rialaithe madraí ar fáil ar son Chomhairle Contae Chill Mhantáin. Tá beirt Mhaor Madraí agus Cúntóir Conchró amháin fostaithe chun an tseirbhís sin a oibriú, rud atá lonnaithe sa phóna madraí i Ráth Droma. Chun líon na gcoileán gan éileamh a laghdú, tá scéim neodraithe faoi fhóirdheontas ann do mhadraí ón bpóna a bhfaightear úinéirí nua dóibh agus do phóraitheoirí is cúis faidhbe don phobal iad. Cuirtear micrishlis i madraí a bhfaightear úinéirí nua dóibh chun críche aitheantais amach anseo.

Ní mór go mbeidh ceadúnas reatha madraí ag gach úinéir peata. Tá ceadúnais le fáil ó gach oifig phoist ar chostas de €20. Ó mhí Iúil 2018 is féidir ceadúnais madraí agus ceadúnais saoil madraí a cheannach ar chostas de €140, arLicences.ie

Calafóirt agus Poirt

Tugadh Athbhreithniú Straitéiseach Muirí Chill Mhantáin, inar aithníodh bealaí ina bhféadfaí bonn eacnamaíoch Chontae Chill Mhantáin a neartú trí chalafoirt agus poirt an Chontae, chun críche i Ráithe 4 den bhliain 2019.

Fógraíodh Dréacht-Fho-Dhlíthe Pléascáin (Port Chill Mhantáin) Chomhairle Contae Chill Mhantáin 2020 i mí na Samhna 2019. Tá siad curtha ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais tar éis tréimhse comhairliúcháin phoiblí lena gcéadú i Ráithe 1 den bhliain 2020. Tá a chuid iomaíochais á chothabháil ag Port Chill

Mhantáin trína Fo-Dhlíthe seo a bheith acu agus d'fhéadfadh sé deiseanna a sholáthar do shruthanna nua lastas.

Calafort Chill Mhantáin

- Suiteáladh geata slándála uathoibríoch agus córas CCTV ar an gCé Thuaidh le linn Ráithe 1 den bhliain 2019.
- Rinne an Chomhairle athdhromchlú ar chodanna suntasacha de Ché Thuaidh trí shaothar díreach le linn Ráithe 1 den bhliain 2019.
- Cuireadh ráillí nua in áit na ráillí a bhí ar an gCé Thuaidh le linn Ráithe 2 den bhliain 2019.
- Tugadh an Droichead Meáite ar an gCé Thuaidh i gCill Mhantáin nach raibh á úsáid níos mó chun siúil, cuireadh slacht ar an talamh a raibh an Droichead Meáite air agus tá sé ainmnithe do pháirceáil atá ag teastáil go géar do lucht úsáidte tráchtála an chalafoirt .
- Cuireadh laindéar grianchumhachtaithe as féin in áit solas treorach a bhí ar Ché Packet.
- Suiteáladh geata taoibh nua idir an dá thrádstóras i Ráithe 2 den bhliain 2019 ar mhaithe le slándáil a fheabhsú ar mholadh ón Oifig Mhuirí tar éis cigireacht calafoirt a bheith déanta.
- Bronnadh an conradh don Tionscadal Pontúin ar Inland and Coastal Marina Systems. Mar sin féin, mar gheall ar mhoill ó thaobh ceadúnas urthrá a fháil, cuireadh moill ar an Tionscadal Pontúin go dtí an bhliain 2020

agus tá maoiniú faoi réir ag cead ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG). Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin chun iarratas ar mhaoiniú a chur faoi bhráid arís.

- Suiteáladh ocht gcinn (8) de mhullaird idirmheánacha i gCill Mhantáin le linn mhí na Nollag 2019

Cuan an Inbhir Mhóir

- Tugadh cúig bhád a chuaigh go tóin poill ar mhéideanna éagsúla chun siúil ón duga éisc agus ó thaobh na cé sa duga i Ráithe 1 den bhliain 2019
- Chuir Clár Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh (2016 – 2023) maoiniú ar fáil do Chomhairle Contae Chill Mhantáin chun tabhairt faoi thrí thionscadal. Tá Comhairle Contae Chill Mhantáin chun cómhaoiniú a dhéanamh ar na tionscadail agus tá uasmhéid cuidiú deontais de €177,625.00 á chur ar fáil ag BIM do na trí thionscadal. Meastar go ndéantar infheistíocht de €253,750 sna tionscadail le €76,125 á chur ar fáil ag Comhairle Contae Chill Mhantáin mar a leanas:
 1. Athchóiriú na loinge solais an “SKUA” atá críochnaithe
 2. Tá cuid d’oibreacha uasghrádaithe ar ardaitheoir na n-iascairí críochnaithe
 3. Forbairt saoráidí stórála d’iascairí. Tá Innealtóir/Dearthóir Tionscadail

ceapadh agus tionóladh dhá chruinniú le hlascairí an Inbhir Mhóir.

Cuan Bhré

- Tá Grúpa Gníomhaíochta Chuan Bhré ag feidhmiú
- Suiteáladh dhá dhréimire nua ag Cuan Bré. Chuir Iascaigh Intíre Éireann maoiniú ar fáil don tionscadal seo.

Reiligí

Tá tríocha a dó reilig i gContae Chill Mhantáin faoi láthair – tá cláraitheoirí páirtaimseartha fostaithe ag Comhairle Contae Chill Mhantáin chun dul i mbun plé leis an bpobal ó thaobh spás a cheannach i reilig agus le cothabháil a dhéanamh ar chlár do na reiligí freisin.

Tá na Ceantair Bhardasacha freagrach as cothabháil a dhéanamh ar na reiligí atá ina gcuid ceantar.

Uiscí Snámha

Tá sé uiscí snámha ainmnithe i gContae Chill Mhantáin. Lean an Chomhairle le monatóireacht a dhéanamh orthu sin agus ar limistéir eile a úsáidtear go coitianta in 2019. Taispeántar an mhonatóireacht ar an uisce snámha ar na tránna agus ar láithreán gréasáin Splash ar feadh an tséasúir snámha a ritheann ón 1 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair gach bliain. Ar an iomlán

bhí caighdeán an uisce snámha ag sé cinn de na huiscí snámha aitheanta ar stádas maith nó ar stádas den scoth sa bhliain 2019.

Brait Ghorma

Choinnigh Comhairle Contae Chill Mhantáin an ceithre Brat Ghorma eile in 2019 ag Cuan an Bhriotáis Theas, Cuan an Bhriotáis Thuaidh, Trá na gCloch Liath Theas agus Bré.

FORBAIRT POBAIL, CULTÚIR AGUS SHÓISIALTA(CC&SD)

Coiste um Beartas Straitéiseach

Eanáir go Bealtaine 2019
Cathaoirleach
An Comhairleoir Jim Ruttle

Comhairle Contae Chill Mhantáin
An Comhairleoir Gráinne McLoughlin
An Comhairleoir Nicola Lawless
An Comhairleoir Shay Cullen
An Comhairleoir Brendan Thornhill
An Comhairleoir Miriam Murphy
An Comhairleoir Pat Kennedy

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Gnó/Tráchtáil
Irene Sweeney, Comhlachas Tráchtála
Líonra Rannpháirtíochta Pobail
Gertie Salley, PPN Cuimsiú Sóisialta
Líonra Rannpháirtíochta Pobail
John Mullen, PPN Pobail agus Deonach
Líonra Rannpháirtíochta Pobail
Ann Halpin, PPN Pobail agus Deonach
Stiúrthóir Seirbhísí
Michael Nicholson

Meitheamh go Nollaig 2019
Cathaoirleach
An Comhairleoir Gail Dunne
Comhairle Contae Chill Mhantáin
An Comhairleoir Vincent Blake
An Comhairleoir Miriam Murphy
An Comhairleoir Melanie Corrigan
An Comhairleoir John Mullen
An Comhairleoir Anne Ferris

Gníomhaireachtaí Seachtracha

Gnó/Tráchtáil
Irene Sweeney, Comhlachas Tráchtála

Cuimsiú Sóisialta
Gertie Salley, Cuimsiú Sóisialta

Pobal/Deonach
Celine O'Neill

Pobal/Deonach
Kevin Mann

Comhshaol/Caomhnú
TBC

Stiúrthóir Seirbhísí
Michael Nicholson

Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC)

Foráiltear le hAlt 36 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014 Coistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil a bhunú. Bunaíodh an LCDC i gCill Mhantáin i mí na Bealtaine 2014 i ndiaidh don Údarás Áitiúil rún a rith. Is é cuspóir na gcoistí sin cur chuige comhtháite agus comhleanúnach ar fhorbairt áitiúil agus pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

1.1 Feidhmeanna an LCDC

- a) An ghné phobail de Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil (LECP) 6 bliana a ullmhú.
- b) Gnéithe pobail an Phlean a chur i bhfeidhm nó an cur i bhfeidhm sin a shocrú.
- c) Athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe pobail an Phlean uair amháin ar a laghad i rith na tréimhse 6 bliana.
- d) Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ghnéithe pobail an Phlean, lena n-áirítear feidhmíocht in aghaidh aon tagarmharc nó táscairí feidhmíochta.
- e) Féachaint le héifeachtacht, comhsheasmhacht agus comhordú a chinntiú idir cláir forbartha áitiúla agus pobail, chomh maith le dúbláil idir na cláir seo a sheachaint.
- f) Féachaint le comhordú ginearálta na gclár forbartha áitiúla agus pobail go léir i limistéar feidhmiúil na Comhairle a bhaint amach, d'fhonn acmhainní a optamú chun leasa na bpobal áitiúil sa limistéar sin agus chun an éifeachtúlacht lena n-úsáidtear acmhainní forbartha áitiúla agus pobail a fhaigheann maoiniú poiblí a uasmhéadú.
- g) Ráiteas maidir le gnéithe eacnamaíocha dréacht den Phlean arna ullmhú ag an údarás áitiúil a mheas agus glacadh leis.
- h) Féadfaidh an Coiste comhaontú i scríbhinn a dhéanamh le húdarás poiblí, le comhlacht forbartha áitiúil nó pobail, nó le duine eile chun na feidhmeanna sin a mheasann an Chomhairle a bheith cuí a dhéanamh ag an údarás, comhlacht nó duine sin.

Féachfaidh an Coiste do na nithe seo a leanas agus é ag feidhmiú a fheidhmeanna –

- Na hacmhainní, cibé áit as a dtagann siad, atá nó is dócha a mbeidh ar fáil dó chun críocha na feidhmíochta sin agus an gá leis an úsáid is tairbhí, is éifeachtaí agus is éifeachtúla is féidir a bhaint amach i ndáil leis na hacmhainní sin.
- An gá le comhoibriú lena ghníomhaíochtaí agus iad a chomhordú.
- An gá le comhairliúchán le húdaráis phoiblí agus le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú poiblí i gcásanna cuí.
- An gá le comhsheasmhacht le beartais agus le cuspóirí de chuid an Rialtais nó Aire Rialtais ar bith nó de chuid údarás poiblí eile a mhéad a d'fhéadfadh siad tionchar a imirt ar fheidhmeanna an Choiste nó a bheith bainteach leo.
- An gá le ceisteanna forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartas.
- An gá le cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

Comhoibriú le Coistí Forbartha Pobail Áitiúla.

Is é dualgas chomhlacht ábhartha, lena n-áirítear an tÚdarás Áitiúil, a mhéad a thagann sé le feidhmiú a fheidhmeanna, comhoibriú leis an LCDC i bhfeidhmiú a chuid

gníomhartha siúd. Leanann an LCDC de chaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun cuspóirí na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúla (LECP) a chur i gcrích.

Is é an LECP an creat don phlean oibriúcháin agus do phleananna eile sa Chontae. Sa phlean tá:

- Tosaíochtaí comhaontaithe don cheantar
- Róil chomhaontaithe do ghníomhaireachtaí chun dul i ngleic leo sin
- Béim ar mháthairchuideachtaí na ngníomhaireachtaí ar an leibhéal áitiúil lena chur ar a gcumas freagairt a thabhairt ar an bplean

Is iad Spriocanna comhcheangailte an LECP:

Den chuid is mó, is iad na Spriocanna atá léirithe sa dath gorm na Spriocanna Pobail – agus na cinn a bhfuil an dath uaine orthu na Spriocanna Eacnamaíocha)

Spriocanna Ardleibhéil
Acmhainn an Phobail agus Athghiniúint Uirbeach agus Forbairt Tuaithe
Saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht an phobail chun feabhas a chur ar rialachas agus rannpháirtíocht agus chun cinnteoireacht a shaibhriú
Tacaíochtaí saindirithe agus comhtháite do ghrúpaí leochaileacha agus iad faoi mhíbhuntáiste
Tacú le pobail áitiúla maidir le nuálaíocht, fiontraíocht, micrifhiontar agus nuálaíocht shóisialta

Oiliúint, oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaol, bunaithe ar anailís ar threochtaí fostaíochta agus riachtanais fostóirí ó thaobh scileanna de
Bonneagar agus bearta atá dearfach agus a thacaíonn le hinfheistíocht, fiontar, nuálaíocht agus cruthú eolais
Fiontar atá ann a chothú agus deiseanna maithe fostaíochta agus ioncaim a fhorbairt don raon leathan riachtanas fostaíochta sa chontae, agus an deis ann pátrúin chomaitéireachta a aisiompú
Tairbhe a bhaint as tréithe uathúla Chill Mhantáin: gaireacht le margadh Bhaile Átha Cliath; sárchaighdeán beatha; caipiteal daonna; turasóireacht; tírdhreach; an fharraige; acmhainní talmhaíochta agus foraoiseachta
Gníomhaíocht eacnamaíochta ísealcharbóin agus seasmhach ó thaobh na haeráide de, an spleáchas ar fhuinneamh a laghdú, úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní agus a bheith mar cheannaire sa gheilleagar cliste
Leas éifeachtúil a bhaint as acmhainní iomlána an chontae agus comhoibriú idirghníomhaíochta a chur chun cinn

uirbeach agus forbairt tuaithe	forbartha tuaithe a uasmhéadú
--------------------------------	-------------------------------

Chuir líon cláir le baint amach na sprice seo agus tá líon gníomhaireachtaí bainteach le comhtháthú an ghnímh seo. Tá ról lárnach ag na cláir LEADER agus SICAP maidir le cur le hacmhainn na bpobal sin – féach tuarascálacha ar leithligh ar an dá chlár sin. Ina theannta sin, d’fhógair an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe scéimeanna maoinithe nua:

- Scéim Bailte & Sráidbhailte
- CLÁR
- Scéim Caitheamh Aimsire Faoin Aer
- An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach
- An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach
- An Scéim Feabhsúcháin Pobail
- An Clár Feabhsúcháin Pobail (Bothán na bhFear)

3.1.2. Cur i bhFeidhm

Sprioc 1: Acmhainn an Phobail a Fhorbairt i bPobail faoi Mhíbhuntáiste agus tabhairt faoi athghiniúint	<ul style="list-style-type: none"> - Acmhainn agus caipiteal sóisialta a chothú sna pobail go léir - Deiseanna athghiniúna uirbí agus
--	---

Maoiniú a fuarthas sa bhliain 2019

Scéimeanna Maoinithe 2019	Maoiniú a fuarthas sa bhliain 2019
Scéim Bailte & Sráidbhailte	€250,173
CLÁR	€134,000

Scéim Caitheamh Aimsire Faoin Aer	€58,560
An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe	€2,675,226
An Scéim Feabhsúcháin Pobail - Scéim Bothán na bhfear	€141,343 €17,016
Iomlán	€3,276,318

Sprioc 2: Saoránacht ghníomhach a chur chun cinn le bonn taca ó dhea-rialachas agus rannpháirtíocht i gcinnteoireacht	- Fóraim ionadaíocha láidre a fhorbairt sa chontae
---	--

Comhairle na nÓg

Déanann Comhairle Contae Chill Mhantáin óstach ar Chomhairle na nÓg Chill Mhantáin. Is é Dermot O'Brien an comhordaitheoir a cheapadh do Chill Mhantáin tar éis próiseas tairisceana. Tá aon cheann is fiche de scoileanna agus de ghrúpaí óige áitiúla páirteach sa Chomhairle. Tá grúpa daoine óga aonair atá thar a bheith láidir, bainteach le Comhairle na nÓg Chill Mhantáin a dhéanann ionadaíocht de scoth ortsa agus ar an gcontae, agus tá sé sin go léir a dhéanamh acu le mórtas.

Táscairí Feidhmíochta Gníomhaíochta 2019

An tAos Óg agus an Pobal (B1 agus B2)

B1 : Rannpháirtíocht i Scéim Chomhairle na nÓg

Céatadán na scoileanna áitiúla a bhí rannpháirteach i scéim Chomhairle na nÓg
= **65.22%**

Tiomsaithe mar seo a leanas:-

Líon na scoileanna dara leibhéal i gceantar an Údaráis Áitiúil amhail 31/12/2018 = 23

Líon na scoileanna dara leibhéal i gceantar an Údaráis Áitiúil ónar fhreastail ionadaithe ar Chomhairle na nÓg áitiúil ar an gcruinniú cinn bhliana a tionóladh in 2019 = 15

Dámhachtainí Pobail 2019

Bhí ciste foriomlán €250,000 i nDeontais na nDámhachtainí Pobail don bhliain 2019 (€200,000 nDámhachtainí Deontas/Fiúntais Pobail agus €50,000 eile nuálaíochta Sóisialta Pobail).

Bhain ós cionn 300 Grúpa Pobail, Cumann agus Eagraíocht Dheonach tairbhe as Scéim Dámhachtainí Pobail

Chomhairle Contae Chill Mhantáin in

Comhairle na Seanóirí Chontae Chill Mhantáin

Thionóil Comhairle na Seanóirí Chontae Chill Mhantáin (CWOPC) AGM ar éirigh thar barr leis i mí na Bealtaine in Ionad na Brocaí agus seoladh Maighnéad Éirchóid Aoisbháúil ansin. Thionóil siad a seimineár bliantúil freisin in Óstán Ghleann Dá Loch i mí na Samhna agus chuir Banna Ceoil an Gharda Síochána an ceol ar fáil, bhí an lucht féachana thar a bheith tógtha leis an mbanna. Ba í Rebecca Lloyd ó Thinking Ahead a bhí mar aoichainteoir.

Is í Comhairle na Seanóirí Chontae Chill Mhantáin (CWOPC) an comhlacht sainchomhairleoireachta do sheanáirí i gCill Mhantáin agus bhí an Chomhairle bainteach le hoibriú le CIC chun leabhrán ar a dtugtar “Accessibility of online services to older people in Co. Wicklow” a chur ar fáil sa bhliain 2019.

Tá ionchur ag an CWOPC freisin sa chéad straitéis dhigiteach do Chontae Chill Mhantáin.

An tAonad um Chuimsiú Sóisialta

Lean an tAonad um Chuimsiú Sóisialta (SIU) de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh in aghaidh na bochtaineachta agus le tionscnaimh um chuimsiú shóisialta le linn 2019. Sa tréimhse sin, rinne sé na nithe seo a leanas:

2019.

- Rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm Chlár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta de chuid na Roinne Comhshaoil, Phobail agus Rialtais Áitiúil (SICAP) ar fud Chontae Chill Mhantáin
- Rinne sé ionadaíocht ar shaincheisteanna um chuimsiú sóisialta ar an gCoiste Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)
- Thacaigh sé le forbairt agus feidhmiú leanúnach Lónra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Chontae Chill Mhantáin
- Rinne sé ionadaíocht ar shaincheisteanna um chuimsiú sóisialta ar an gCoiste um Beartas Straitéiseach (SPC) maidir le Forbairt Phobail, Chultúir agus Shóisialta
- Bhí sé rannpháirteach ar choistí líonraí agus struchtúir réigiúnacha agus náisiúnta.

An Clár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (SICAP) 2018-2022

D'éirigh le Comhpháirtíocht Cheantair Bhré leanúint den chlár náisiúnta seo, arna mhaoiniú ag an Roinn Forbartha

Tuaithe agus Pobail agus Ciste Sóisialta Eorpach an AE, a sholáthar i gContae Chill Mhantáin do Limistéir Cheantair Bhardasaigh Bhré agus na gCloch Liath (Beart 15-1) agus rinne Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin amhlaidh do Limistéir Cheantair Bhardasaigh an Inbhir Mhóir, Chill Mhantáin agus Bhealach Conglais (Beart 15-2). Díríonn SICAP ar na pobail agus ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa chontae a chumhachtú chun feabhas a chur ar a deiseanna saoil, ar a dtorthaí agus ar an timpeallacht áitiúil.

Is iad trí phríomhspríoc an Chláir;

- Forbairt pobail – Acmhainní a thabhairt do phobail faoi mhíbhuntáiste chun caidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara áitiúla ábhartha chun dul i ngleic leis an eisiámh sóisialta agus cur le hacmhainneacht ghrúpaí pobail áitiúla.
- Oideachas/oiliúint – Tacú le daoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste lena gcuid cáilíochtaí oideachais agus oiliúna a fheabhsú.
- Fostaíocht – Tacú le daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, ina measc daoine óga, chun ullmhacht don obair a fheabhsú agus chun teacht ar dheiseanna fhostaíocht/ féinfhostaíocht/ fiontraíocht shóisialta.

Bhain Comhpháirtíocht Áitiúil Bhré agus Comhpháirtíocht Chill Mhantáin araon amach na príomhtháscairí feidhmíochta a bhí leagtha síos do Chontae Chill Mhantáin sa bhliain 2019 agus cuireadh na gníomhartha go léir a bhí ina gcuid

Pleananna Bliantúla i bhfeidhm go hiomlán. Ar an iomlán, tacaigh Comhpháirtíocht Áitiúil Bhré le 25 Grúpa Pobail Áitiúil agus le 407 duine aonair a bhí faoi mhíbhuntáiste, agus bhí 35.7% acu sin ó cheantair atá ainmnithe mar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste. Thacaigh Comhpháirtíocht Chill Mhantáin le 14 Grúpa Pobail Áitiúil agus le 467 duine aonair a bhí faoi mhíbhuntáiste, agus bhí 32.1% acu sin ó cheantair atá ainmnithe mar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste.

Tá an SICAP á mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (DRCD) agus á chómhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa. Sa bhliain 2019 ba €712,092 buiséad an chláir seo do Chomhpháirtíocht Áitiúil Bhré agus fuair Comhpháirtíocht Chill Mhantáin €620,294 faoin gclár.

Lean Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Chill Mhantáin, i gcomhar le Comhairle Contae Chill Mhantáin, de mhaoirseacht, monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar fheidhmíocht na gClárfheidhmeoirí maidir leis an gclár seo a sholáthar. Thug an foghrúpa SICAP cúnamh mór don LCDC an tasc sin a dhéanamh.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae Chill Mhantáin (PPN)

Lean Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae Chill Mhantáin dá ról maidir le rannpháirtíocht an phobail agus rannpháirtíocht ar fud an chontae a éascú, agus de ghníomhú mar an mbealach trína ndéanann Comhairle Contae Chill

Mhantáin teagmháil le grúpaí pobail, le grúpaí um chuimsiú sóisialta agus le grúpaí Comhshaoil. Bhí ionadaithe PPN ainmnithe rannpháirteach ar Choistí um Beartas Straitéiseach na Comhairle agus ar go leor coistí agus struchtúir eile ar fud an chontae.

Bhí an PPN Chill Mhantáin rannpháirteach i raon leathan comhairliúcháin poiblí agus aighneachtaí beartais ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. San iarracht seo chuir Fís PPN Chill Mhantáin maidir le Folláine an Phobail faisnéis ar fáil d’obair ionadaithe an PPN agus leis na ranníocaíochtaí a cuireadh le forbairt beartais agus straitéise.

Thacaigh PPN Chill Mhantáin ar feadh na bliana le líonraí téamacha ar: an Timpeallacht, Míchumas, Ionchuimsiú Sóisialta, Póilíneacht Sábháilteachta agus Slándáil agus Pobail Cois Cósta. Lean PPN Chill Mhantáin freisin ag tabhairt tacaíochta do nascgrúpaí ar Thithíocht, Leanaí/Daoine Óga agus Forbairt Pobail.

Táscaire Feidhmíochta Gníomhaíochta 2018

B2: Grúpaí a bhaineann leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

A Líon na n-eagraíochtaí atá san áireamh i gClár an Chontae amhail 31/12/2019 = 292

B Líon na n-eagraíochtaí a chláraigh den chéad uair in 2019 = 67

C Líon na n-eagraíochtaí (a chláraigh in 2019) a roghnaigh a bheith mar chuid den Choláiste um Chuimsiú Sóisialta laistigh den PPN= 10

<p>Sprioc 3: Seirbhísí comhtháite ardchaighdeán a fhorbairt a bheidh ar fáil do gach pobal, go háirithe do phobail faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí leochaileacha</p>	<p>- Soláthróidh an LCDC an treo straitéiseach chun seirbhísí reatha a chomhtháthú - Soláthróidh an LCDC ionadaíocht do sheirbhísí breise agus acmhainní sna háiteanna ina n-aithnítear bearnaí nó ina dtagann ceiseanna nua chun solais</p>
--	--

Tosaíochtaí na Bliana 2019:

Straitéis	Stádas
Straitéis Fholláine Chill Mhantáin (Gníomh comhtháite leis an CYPSC)	Seoladh Straitéis Fholláine Chill Mhantáin an 4 Márta 2019. Fuarthas maoiniú de €184,000 chun Plean Folláine Chill Mhantáin 2019 – 2021 a chur i bhfeidhm
Straitéis Bhia agus Deoch Chontae Chill Mhantáin (Gníomh comhtháite le	Seoladh Straitéis Bhia agus Deoch Chontae Chill Mhantáin le linn imeachta taispeántais bia, ‘Feast from the East’ i mí Aibreáin 2019. Tá an

<p>SPC um Fhorbairt Eacnamaíocht a agus Tacaíocht Fiontraíochta)</p>	<p>straitéis á chur i bhfeidhm i gcomhar le Birnie and Associates Ltd. agus á maoiniú go cothrom idir Comhairle Contae Chill Mhantáin agus Comhpháirtíocht Chill Mhantáin. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar na spriocanna seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Forbairt an Scéil atá taobh thiar do Bhia Chill Mhantáin • Forbairt Brandáil Bia agus Deoch Chill Mhantáin • Plean a chruthú maidir leis an bpríomhtheachtaí reacht atá le cur trasna • Cruthú féilire gníomhaíochta bia • Cruthú láithreán gréasáin • Imeachtaí líonraithe gnó a chur ar fáil
<p>Straitéis um Imeascadh Imirceach Contae Chill Mhantáin</p>	<p>Tá grúpa stiúrtha LCDC bunaithe chun an gníomh seo a stiúradh. Tá forbairt na straitéise faoi bhealach agus tabharfar an straitéis chun críche sa bhliain 2020</p>
<p>Plean Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga</p>	<p>Ionchur an LCDC i bhforbairt a dhéanamh ar phlean nua CYPSC</p>

(CYPSC)	
---------	--



Bhí Clár Chill Mhantáin Folláin 2018 comhdhéanta de na gníomhartha seo a leanas agus fuarthas maoiniú de €184,000 d’fheidmiú agus chun comhordaitheoir a fhostú.

- Clár Idirghabhála Fisiteiripe an HSE – Gníomh Leantach ó Bhabhta 1 – Gníomhaireacht Ceannais Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin
- Comhordaitheoir Éire Shláintiúil – Gníomhaireacht Ceannais LCDC Chill Mhantáin
- Gníomhaíocht Choirp Ionchuimsitheach do Chách – Gníomhaireacht Ceannais Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin
- Cathaoir Rothaí Inrochtana don Trá - Gníomhaireacht Ceannais Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin
- Eastáit Sláintiúil - Comhpháirtíocht Áitiúil
- Oideasú Sóisialta – Gníomhaireacht Ceannais Comhpháirtíocht Áitiúil Cheantar Bhré agus Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin
- Buail le Chéile + Ith Greim – Comhpháirtíocht Áitiúil agus Tacaíocht Néaltraithe Chill Mhantáin

1. Pas do na Bealaí Siúlóide – Gníomhaireacht Ceannais Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin
2. Cumarsáid
3. Cláir Meabhairshláinte

Sprioc 4:

Earnáil fiontair phobail agus shóisialta bheomhar agus nuálach

Ghlac Comhpháirtíocht Contae Chill Mhantáin ceannródaíocht ó thaobh na sprice seo. Tugadh conradh do chomhairleoir le Straitéis Forbartha Fiontar Sóisialta a fhorbairt le spriocanna agus cuspóirí an LECP a thabhairt le chéile. Tugadh faoi go leor taighde sa Chontae. Tá an straitéis ar na bacáin lena críochnú agus lena seoladh sa bhliain 2019, in éineacht le clár tacaíochta agus maoinithe.

Comhtháthú Socheacnamaíoch

Leanann an LCDC d’oibriú le gníomhaireachtaí eile chomh maith lena chinntiú go mbeifear ag teacht leis an LECP agus le straitéisí, pleananna agus beartais na ngníomhaireachtaí eile. Ina measc sin tá:

- LEADER
- Coiste um Sheirbhísí do Leanáí agus do Dhaoine Óga
- An Comhchoiste Póilíneachta
- An Líonra Rannpháirtíochta Pobail
- An FSS/ An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc

3.1.3 Monatóireacht ar an LECP

Bunaíodh an Coiste Comhairleach ar dtús chun an LECP a fhorbairt agus lena chinntiú go ndéanfaí an dá ghné den phlean a chomhtháthú. Tá an Coiste Comhairleach sásta fanacht i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean. Is ón LCDC agus ón Údarás Áitiúil a tháinig comhaltaí an Choiste Chomhairligh.

Is iad sin:

An Comhairleoir Tháinig an Comhairleoir Pat Kennedy in áit an Chomhairleora Gráinne McLoughlin. Pat Kennedy	Cathaoirleach an LCDC
Cllr. Gerry Walsh	Cathaoirleach ar an Coiste um Beartas Straitéiseach Eacnamaíochta agus Forbartha (SPC)
Michael Nicholson	Príomhoifigeach LCDC
Thomas Murphy	Stiúrthóir Seirbhísí, Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontair
Tháinig Vibeke Delahunt in áit Sheelagh Daly	Oifig Fiontair Áitiúil
Lorraine Gallagher	OFS Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontair
Christine Flood	OFS Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontair

Deirdre Whitfield

Cultúr Pobail agus Forbairt Shóisialta

Is iomaí cuspóir comhroinnte idir an pobal agus gnéithe eacnamaíochta an LECP agus tá nasc idir forbairt phobail agus forbairt eacnamaíochta, go ginearálta. Mar aitheantas air sin agus mar gheall nach rud statach ach rud dinimiciúil é an plean atá in ann dul in oiriúint d'fhorbairtí nua, is trí bhíthin comhrá agus comhoibriú leanúnach a bhaintear amach an ghné chomhtháite den LECP. Déantar sin trí bhíthin cruinnithe rialta an Choiste Chomhairligh. Trí bhíthin an phróisis pleanála agus tuairiscithe ag na cruinnithe sin, déantar faisnéis a roinnt agus faightear naisc idir ghníomhartha, as a leanann comhordú agus comhtháthú, nuair is féidir sin agus nuair is cuí sin, ar bhonn leanúnach.

Réigiúnach

Leagtar amach ról na dTionól Réigiúnach sa phróiseas LECP faoi Alt 66c den Acht um Rialtas Áitiúil 2001, go háirithe in Alt 66c 2(c) agus 3(c) ina luaitear go mbainfidh breithniú an Tionóil Réigiúnaigh ar LECP lena chomhsheasmhacht le (i) an croistraitéis agus le cuspóirí phlean forbartha an Údaráis Áitiúil i gceist, (ii) aon Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta nó, de réir mar is cuí, le haon Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha (RPGanna) a bheadh i bhfeidhm, agus (iii) idir ghnéithe eacnamaíochta agus pobail den Plean. Tuartar le LCDC Chontae Chill Mhantáin LCDC forbairt ar an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta agus déanfar athbhreithniú ar an LCDC chun ailíniú a chinntiú.

D'oibrigh an LCDC agus Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin (CWP) go dlúth le chéile ar chur fhorbairt na Straitéise Forbartha Áitiúla (LDS) don Chlár LEADER 2014 - 2020. Is iad cuimsiú sóisialta, an geilleagar glas agus forbairt eacnamaíochta agus pobail tosaíochtaí an chláir LEADER. Léirítear cuid de spriocanna agus cuspóirí ábhartha an LECP san LDS.

Rinneadh dearadh agus forbairt ar an LDS trína próisis chomhairliúcháin seo a leanas:

- Aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin ar fud an chontae
- Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ábhartha
- Próifíl shocheacnamaíoch den Chontae
- Taighde deisce – beartais agus tuarascálacha ábhartha
- Na buiséid atá ar fáil

Is iad téamaí an Chláir LEADER:

Téama	Fothéama
Téama 1: Forbairt Eacnamaíochta, Fiontar agus Cruthú Post	<ul style="list-style-type: none"> • Turasóireacht Tuaithe • Forbairt Fiontair • Bailte Tuaithe • Leathanbhanda
Téama 2: Cuimsiú Sóisialta	<ul style="list-style-type: none"> • An Óige faoin Tuath • Seirbhísí Bunúsacha •
Téama 3: Comhshaol Tuaithe	<ul style="list-style-type: none"> • Bithéagsúlacht Áitiúil a Chosaint agus a Fheabhsú • Acmhainní Uisce a Chosaint agus

	<p>úsáid inbhuanaithe a bhaint astu</p> <ul style="list-style-type: none"> • Fuinneamh In-athnuaite
--	--

Clár Forbartha Tuaithe AE (LEADER)

Is é an LCDC an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) do Chlár LEADER anois, agus déanann siad cruinniú LAG a thionóil ar leith ó chruinnithe LCDC. Is í Chomhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin an comhlacht forfheidhmithe don chlár. Beidh an tÚdarás Áitiúil ar an gcomhpháirtí airgeadais ceannródaíoch do LEADER i gContae Chill Mhantáin a bheidh freagrach as an gclár ó thaobh riaracháin agus ó thaobh airgeadais araon.

Cruinnithe

Tionóladh 8 gcruinniú LAG sa bhliain 2019: Feabhra, Márta, Aibreán, Bealtaine, Iúil (2), Deireadh Fómhair agus Nollaig.

Bhí 7 gcruinniú Meastóireachta ar siúl sa tréimhse idir Eanáir agus Nollaig 2019.

Dul chun cinn

Tá LCDC/LAG Chontae Chill Mhantáin de réir na sprice ó thaobh fothéamaí Turasóireachta Tuaithe, Forbairt Fiontair, Baile Tuaithe agus Seirbhísí Bunúsacha de réir athbhreithniú ar an AIP LDS 2019.

Léirítear i dtuarascáil ar dhul chun cinn buiséadach 2019 gurbh ionann iad tiomantais thionscadal Chill Mhantáin an 31 Nollaig 2019 agus €2,249,015 (48%). Mar sin féin, ní áirítear san fhiigiúr seo na ceadanna sealadacha agus ardaítear an tiomantas go €4,077,877.64 (87%) nuair a chuirtear san áireamh iad sin. Is ardu suntasach atá i gceist anseo i gcomparáid

leis an fhiigiúr chéanna an 31/12/18 arbh ionann é agus €1,776,150.73 (38%), lena n-áirítear ceadanna sealadacha.

Fuarthas 96 EOI leantacha ar an iomlán sa 2019

Tugadh faoi ghlaoch spriocdhírthe amháin (1) a bhí ag díriú ar Fhiontair Sóisialta

Fuarthas maoiniú chun trí Thionscnamh Bia LEADER i mí Deireadh Fómhair 2019 chun Straitéis Bhia agus Deoch Chontae Chill Mhantáin a chur i bhfeidhm. Tá an tionscadal seo ar siúl anois agus ba chóir go mbeidh roinnt tionscadail bia agus deoch i gcomhar agus go haonar mar thoradh air do Chill Mhantáin sa bhliain 2020.

An Clár Aoisbhá



Tá an Clár Aoisbhá Cathracha agus Contaetha mar chuid d'iarracht idirnáisiúnta, arna comhordú ag an eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO). Tá aosú dearfach, cathracha agus contaetha níos fearr, agus rialtas áitiúil, seachadadh seirbhíse agus deiseanna gnó níos ábhartha agus níos éifeachtaí mar thoradh ar an gclár.

Tá Cláir náisiúnta aoisbhá Cathracha agus Contaetha na hÉireann ina gcuid den tionscnamh domhanda seo lena bhfuil sé

d'aidhm a chinntiú agus muid ag dul in aois, gur féidir linn ar fad:

- Rud a rá faoi cad atá tharlaíonn inár saol féin agus cad a tharlaíonn sna ceantair ina bhfuilimid inár gcónaí.
- Sult a bhaint as dea-shláinte, seirbhísí maithe, agus bheith inár gcónaí i dtimpeallacht shábháilte
- Páirt iomlán a ghlacadh i ngach rud atá ag dul ar aghaidh inár bpobail, cathracha agus contaetha

Leis an gClár aoisbhá Cathracha agus Contaetha, soláthraítear struchtúr ionas gur féidir leis na hÚdaráis Áitiúla a bheith chun tosaigh maidir le hathrú a dhéanamh ar an smaointeoireacht faoi aosú agus faoin gcaoi a bpleanáiltear agus a seachadtar seirbhísí. Tríd an tsamhail sin, tugann na hÚdaráis Áitiúla daoine scothaosta, soláthraithe seirbhíse agus gnólachtaí le chéile i gcomhaontas a oibríonn go maith agus:

- Cuirtear ar chumas na daoine scothaosta saol gníomhach agus sláintiúil a bheith acu, fanacht ina dtithe féin chomh fada agus is féidir.
- Cuirtear feabhas ar sheachadadh seirbhíse gan caiteachas a mhéadú.
- Cuirtear feabhsuithe luachmhara ar an gcaighdeán beatha do gach duine sa phobal.

Tairgtear bealach cruthaithe leis an gClár Aoisbhá Cathracha agus Contaetha chun eagraíochtaí, grúpaí, seirbhísí agus gnólachtaí éagsúla a thabhairt le chéile lena gcuid oibre a chuíchóiriú, de réir

riachtanais agus leasanna daoine scothaosta ar mhaithe leo féin.

Chuir an Straitéis Aoisbháúil an méid seo a leanas ar fáil sa bhliain 2019:

- Bhí suirbhéanna insiúltachta ar siúl i gCill Mhantáin agus i mBaile Choimín
- Rinneadh Baile Aoisbháúil den Inbhear Mór an 13 Samhain 2019
- Chuaigh 38 gnólacht san Inbhear Mór leis an gclár gnó aoisbháúil
- Tá binsí aoisbháúla suiteáilte i Ráth Droma agus i gCill Mhantáin
- Seoladh agus scaipeadh Maighnéad Éirchóid Aoisbháúil
- Ordaíodh Scáthláin faoi scéim an CEP sa bhliain
- Cuireadh "boird dhraíochta" Tovertafel isteach i dtrí leabharlann ar fud Chill Mhantáin

AN tSEIRBHÍS LEABHARLAINNE

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin raon leathan seirbhísí agus saoráidí ar fáil ar fud a líonra leabharlainne ina bhfuil 13 brainse. Tugann an leabharlann taistil cuairt ar os cionn 30 áit ar bhonn coicíse. Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil chomh maith le leabhair, DVD'nna, leabhair taifeadta agus CD'nna ceoil a thabhairt ar iasacht:

- Stoc ar líne, ar nós ríomhleabhair, ríomhírisí, closleabhar is féidir a íoslódáil, ríomhnuachtáin ó thart timpeall an domhain, cúrsaí ríomhtheangacha agus féinfhoghlama

- Ríomhairí don phobal
- Wi Fi lena úsáid ag an bpobal ar a gcuid ríomhairí glúine, táibléid nó fearais
- Catalóg ar líne de na 330 leabharlann go léir atá in Éirinn
- Soláthar seirbhísí seachadta arna éileamh faoi dhó sa tseachtain agus bailiúchán stoic ón 330 leabharlann – go díreach chuig gach brainse
- Tá an méid sin go léir atá thuas saor in aisce agus ní ghearrtar fíneálacha leabharlainne ar mhíreanna nach bhfuil tugtha ar ais!

AN tSEIRBHÍS CARTLAINNE AGUS GINEALAIS

Tá bailiúchán uathúil taifid á choinneáil ag Seirbhís Cartlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin a bhaineann le riar an Chontae agus ar idirghníomhaíocht an phobail leis an riarachán. Is acmhainn taighde luachmhar iad, ní hamháin don staraí teaghlaigh agus don staraí áitiúil, ach freisin don lucht acadúil agus do thaighdeoirí eile a bhfuil réimse leathan ábhar spéise acu.

Ar sheoda an bhailiúcháin tá taifid Bhuirg Chill Mhantáin ón 17ú agus ón 18ú hAois. Leis na leabhair mhiontuairiscí sin, tugtar léiriú ar an saol i gCill Mhantáin ó lár na 1600aidí ar aghaidh. Tá taifid an Ard-Ghiúiré i gCartlann an Chontae freisin, réamhtheachtaí na Comhairle Contae, chomh maith le taifid Bhoird Chaomhnóirí na nAontas fé Dhlí na mBocht, na mBord

Sláinte, agus na gComhairlí Ceantair, Baile agus Tuaithe.

Seirbhís Ghinealais Chill Mhantáin

Cuireann Cartlann an Chontae seirbhís taighde ginealais ar fáil, ag déanamh taighde agus ag tabhairt comhairle dóibh siúd de bhunadh Chill Mhantáin agus cuireann an Contae chun cinn mar príomhcheann scríbe dóibh siúd atá ag “lorg a muintire”. Faightear an crann ginealaigh amach trínár dtaifead paróiste agus an bhaint a bhí ag na daoine sin le Cill Mhantáin. Tá Cill Mhantáin mar chomhalta www.rootsireland.ie. Tá os cionn 20 milliún taifead Éireannach ó 30 contae ar an láithreán taighde seo.

Tionscadail Dhigiteacha Clár Cartlainne agus Ginealais 2020

- Seolfar Leabhair Miontuairiscí UDC Chill Mhantáin in Earrach/Samhradh na bliana 2020
- Tá digitíú déanta ar Chlár Reiligi Contae Chill Mhantáin
- Digitithe ar líne go dtí seo: Taifid an Ard-Ghiúiré; Leabhair Miontuairiscí Chomhairle Contae Chill Mhantáin; Miontuairiscí UDC an Inbhir Mhóir, Miontuairiscí UDC Bhré, Taifid Theach na mBocht Chill Mhantáin

Clár Caomhnaithe

Cuireadh tús le clár nua caomhnaithe cartlainne sa bhliain 2019 agus rinneadh deisiú agus caomhnú na míre

ba shine sa Chartlann, Leabhar Miontuairiscí Bhardas Buirge Chill Mhantáin (na 1600aidí luatha).

Tionscadail Speisialta: Eastát Mhic Liam

Tá an Tionscadal Taifid iomlán ar líne ag www.coolattinlives.ie

I gcomhpháirtíocht le Coláiste na Tríonóide, an Leabharlann Náisiúnta agus an Courthouse Arts Centre, Tigh na hÉille tá digitiú le déanamh ar thaifid Eastát Mhic Liam. Is de shliocht na dtionóntaí a d'fhág an eastát seo tráth an Ghorta Mhóir iad na céadta míle duine as Ceanada agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Déanfaidh taifid ó Chartlann Chontae Chill Mhantáin a nascadh le bunachar nua sonraí Eastát Mhic Liam saibhriú ar an acmhainn agus cuirfidh le rathúlacht taighde.

Tionscadail Speisialta: Tionscadal Mianadóirí Chill Mhantáin Cumberland

I gcomhpháirtíocht leis an Cumberland Miners Group, cuireadh bunachar sonraí de mhianadóirí Chill Mhantáin a chuaigh ar imirce go mianaigh Cumberland sa 19ú haois le chéile – tionscadal leanúnach agus súil le hacmhainn ar líne a chruthú dóibh siúd a raibh baint acu le hoidhreacht mianadóireachta Chill Mhantáin/ Cumberland nó dóibh siúd a bhfuil spéis acu i stair/oidhreacht thionsclaíoch.

Tionscadail Speisialta: Reilig ón nGorta Mór, Ráth Droma

Seoladh painéal faisnéise nua don Reilig ón nGorta Mór Ráth Droma an 2 Bealtaine 2019 a raibh taighde déanta air agus é curtha le chéile ag Seirbhís Chartlainne an Chontae. Is é an staraí áitiúil, Kevin Byrne, a nocht na painéil agus tá bealach siúlóide lúibe Ráth Droma i gceist leis freisin. Rinne Comhairle Contae Chill Mhantáin, Coiste Chlós Súgartha Ráth Droma maoiniú ar an tionscadal agus tá sé bunaithe ar obair Kevin Byrne ina leabhar a bhfuil “Time Did Not Stand Still, a History of St. Colemans Hospital” mar theideal air. Meastar go bhfuil os cionn 8,000 duine curtha ansin in uaigneanna gan mharc ón mbliain 1847 go dtí tús an 20ú haois.

Láithreán Gréasáin Oidhreacht Chontae Chill Mhantáin

Is cuid de líonra láithreán gréasáin a chruthaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann iad cartlanna pobail ar líne. Is comhpháirtíocht idir na seirbhísí Oidhreacht, Leabharlainne agus Cartlainne atá i láithreán Chill Mhantáin, Our Wicklow Heritage.

Deich mBliana na gCuimhneachán – Éire Chruthaitheach

120 Bliain de Chomhairlí Contae in Éirinn

Reáchtáladh taispeántas a dhéanann ceiliúradh ar 120 bliain

de chomhairlí contae in Éirinn i bhfoirgnimh an Chontae i gCill Mhantáin i míonna Meán Fómhair – na Samhna 2019. Rinneadh ceiliúradh ar 120 bliain den daonlathas áitiúil in Éirinn sa bhliain 2019. Chuir Cartlannaithe na nÚdarás Áitiúil agus grúpa Bainisteoirí Taifead an taispeántas seo le chéile agus bhí siad i mbun coimeádaíochta air agus rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar an taispeántas. Tá taispeántas ina mionsonraítear príomhimeachtaí rialtais áitiúla le 120 bliain anuas ar taispeánt ar fud na tíre anois. Beidh míreanna ó Chartlann Chontae Chill Mhantáin mar ghné ar na painéil bhreise freisin.

Airteagail ó staraithe Chill Mhantáin maidir le tréimhse Chogadh na Saoirse/ an Cogadh Cathartha

Ar an bpríomhthionscadal do Dheich mBliana na gCuimhneachán Chartlann an Chontae don bhliain 2020 – tá sraith d’airteagail atá coimisiúnaithe ag staraithe agus ag cumainn staire Chill Mhantáin a insíonn scéal Contae Chill Mhantáin le linn na mblianta 1914-1923. Beidh na hairteagail seo le fáil sna taifid phobail ar líne ag Our Wicklow Heritage agus beidh an t-ábhar seo mar bhonn do

sheimineár agus d’fhoilseachán do Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2020-2023.

Beidh comhalta de Chartlannaithe agus do Bhainisteoirí Taifead na nÚdarás Áitiúil (LGARM)

ag obair i gcomhar le LGARM sa bhliain 2020 ar fhoilseachán le ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh Toghcháin Áitiúla na bliana 1920 atá á mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Fóram Oidhreachta Chill Mhantáin

Thug comhaltaí an Fhóraithe Plean Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin 2017-2022 chun críche tar éis comhairliúchán poiblí.

Clár Bainistithe Taifead

Ball de Ghrúpa Bainistithe Taifead Chomhairle Contae Chill Mhantáin, clár bainistithe taifead Chomhairle Contae Chill Mhantáin a fhorbairt, ag tagairt do Bheartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil arna fhoilsiú ag an LGMSB - tá an LGMA sa phróiseas iad seo a thabhairt cothrom le dáta.

- Tá Comhalta de Ghrúpa Rialacha GPD Chomhairle Contae Chill Mhantáin – ag obair le gach aon roinn chun comhlíonadh leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018

Digitised Collections

Popular collections now digitised and freely available here, including 19th century Grand Jury and council minutes. More to follow soon...



Wicklow Grand Jury Presentments 1818 to 1899

Wicklow 19th-century Grand Jury Presentments, which are available as a digitised collection.



Arklow Town & Urban District Council Minute Books 1878-1947

Arklow Town Commissioners & Urban District Council Minute Books 1878-1947, available as a digitised collection.



Wicklow County Council Minute Books 1899-1960

Wicklow County Council Minute Books 1899-1960, available as a digitised collection.



Rathdrum Workhouse Records 1842-1914

These are perhaps our most poignant records, illustrating the suffering of the poor in the lists of names of those admitted to this institution.



Shillelagh Workhouse Records 1842-1918

Our collection of admission and discharge registers for Shillelagh Union Workhouse date from famine times and tell the story of the poor and destitute of the county in stark reality.



Bray Town Commissioners & Bray Urban District Council

Bray Town Commissioners 1857-1896 & Bray UDC 1898-1967 Minute Books now available as a digitised collection.



Teach Cúirte agus Leabharlann Bealach Conglais

Baineadh amach go rathúil tionscadail do Bhealach Conglais ar luach iomlán de €2.6 milliún faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbartha Tuaithe (RRDF). Ina measc sin beidh €600,000 ag dul i dtreo oibreatha athchóirithe ar theach cúirte Bhealach Conglais. Tógadh an foirgneamh sna 1820aidí, ach níl seomra na cúirte á úsáid le blianta beaga anuas. Chomh maith le hoibreatha athchóirithe, déanfar athchóiriú ar Ionad Oidhreacht Bhealach Conglais agus beidh deiseanna oibre chomhionaid ann. Tá leabharlann Bhealach Conglais san fhoirgneamh i láthair na huaire, sa phársa breise a tógadh sna 1990aidí. Tá sé beartaithe an leabharlann do dhaoine fásta a athlonnú i limistéar theach na cúirte, a thabharfaidh fuinneamh as cuimse don fhoirgneamh nua iomlán. Cuirfear tús le hoibreatha sa bhliain 2020, agus táthar ag súil an tionscadal a bheith críochnaithe go luath sa bhliain 2021.

Leabharlann agus Cartlann Nua Chill Mhantáin

Cuireann tús le hoibreacha ar Leabharlanna agus Cartlann nua Chill Mhantáin, ar an Meal i dtús mhí Lúnasa 2019. Is iad na hAirí, Simon Harris agus Eoghan Murphy agus an Comhairleoir Irene Winters, Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Mhantáin a rinne an seoladh. Rinneadh comparáid leis an gcéad leabharlanna i mBaile Chill Mhantáin (1924) i dTeach Bellevue, Óstán Bayview ina dhiaidh sin agus an leabharlann agus an chartlann atá beartaithe ina mbeidh 6 urlár. Cosnóidh an tionscadal iomlán €6 milliún ar Chomhairle Chontae Chill Mhantáin agus beidh maoiniú €4 milliún ar fáil ó Dheontais Roinne, faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD).

An Leabharlann Taistil Nua



Sheol an Cathaoirleach, Irene Winters, leabharlann taistil nua Chomhairle Contae Chill Mhantáin an 7 Deireadh Fómhair. Chuaigh an leabharlann taistil nua chun bóthair an lá dár gcionn agus bhí an pobal thar a bheith tógtha leis an gcóras nua.

Chomh maith le beagnach 3,000 mír stoic a bheith ar bord, áirítear ar ghnéithe ar leith:

- 6 phainéal grianchumhachtaithe, a chuirfidh solas agus cumhacht ar fáil do pháirteanna inmheánacha na feithicle
- Clár fógraí leictreonach, a léireoidh, imeachtaí agus seirbhísí atá ar na bacáin ag Comhairle Contae Chill Mhantáin, go háirithe
- Rochtain idirlín don phobal, trí bhealach “breabcheap”

Má bhíonn tú i do chomhalta den leabharlann taistil, tá na buntáistí céanna agat is atá ag an duine atá ina chomhalta/ina comhalta den leabharlann brainse, go háirithe maidir le rochtain chuig saoráidí ar líne go léir na leabharlainne agus an cumas míreanna a éileamh ó cheachtar den 330 leabharlann ar fud na tíre.

Chuir an leabharlann shoghluaiste a bhí ag Comhairle Contae Chill Mhantáin 16 bliana de sheirbhís ar fáil roimhe seo, agus go mba fada buan í ar bhóithre Chill Mhantáin.

Mo Leabharlann Oscailte (MOL), an tInbhear Mór

Tar éis céim phíolótach tosaigh de “Mo Leabharlann Oscailte” (MOL) le blianta beaga anuas, rinneadh an tsaoráid a leathadh amach ar bhonn náisiúnta sa bhliain 2019. Tugadh cuireadh do gach údarás áitiúil MOL a chur ar fáil i láthair amháin. Roghnaigh Comhairle Contae Chill Mhantáin leabharlann suaitheanta an Inbhir Mhóir le bheith mar cheannródaí don tseirbhís. Cuireann an MOL ar chumas daoine fásta an leabharlann a úsáid lasmuigh de na gnáth uaireanta oscailte. Tá ar a gcumas na seirbhísí ginearálta go léir a rochtain ón 8AM-10PM, 7 lá na seachtaine. Toilíonn an pobal do chomhaltas MOL as féin. Tugtar faisnéis dóibh maidir leis na seirbhísí go léir agus ní mór dóibh a gcomhaontú a thabhairt maidir le téarmaí agus coinníollacha.

Seoladh MOL an Inbhir Mhóir an Déardaoin, 18 Aibreán, roimh dheireadh seachtaine na Cásca. Tá MOL ar fáil anois i 15 leabharlann ar fud na tíre. Feidhmeoidh siad seo mar an dara céim phíolótach agus é mar fhís tuilleadh síneadh a chur leis an tseirbhís sna blianta 2020/2021. Is mór againn freagra an phobail, go háirithe mic léinn, a bhfuil saoráidí ar fáil dóibh anois chun a bheith ag staidéar go dtí 10PM. Sna 8 mí ó dheireadh mhí Aibreáin - go Nollaig, cláraigh Leabharlann an Inbhir Mhóir 481 comhalta MOL agus rinneadh taifeadadh ar díreach faoi 4,000 cuairt lasmuigh de ghnáth uaireanta oscailte.

For-rochtain agus Cuimsiú Sóisialta

D’oibrigh Leabharlanna Comhairle Contae Chill Mhantáin le go leor grúpaí ina gcuid pobail, ag eagrú agus ag éascú líon mór ceardlanna agus

gníomhaíochtaí ar fud an chontae agus d'fhreastail na mílte duine fásta agus leanaí den uile aois ar na himeachtaí. Áiríodh ar bhuaicphointí, taispeántais, cuairteanna údair, clubanna leabhair, seisiúin cheoil/scéalaíochta/canadh le chéile, turais leabharlainne ar ranganna, Seachtain na nInnealtóirí, Seachtain na hEolaíochta, Oíche Chultúir, scríbhneoireacht chruthaitheach agus cur i láthair maidir le go leor ábhair ó thuismitheoireacht go bithéagsúlacht chomh maith le go leor imeachtaí cultúrtha agus oideachais eile.

Tacaíochtaí Litearthachta - TTRS & Lexia
Le maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD), chuir Seirbhís Leabharlainne Comhairle Contae Chill Mhantáin tacaíochtaí litearthachta "Tadhallchlóscríobh, Léitheoireacht, Litriú" (TTRS) agus "Lexia" ar fáil do na scoileanna go léir sa chontae. Cuireadh an maoiniú seo ar fáil do leabharlanna chun cabhrú leo dul i dteagmháil le grúpaí atá ar an imeall. Tugadh faoi thiomantas ceadúnais 2 bhliain, a chuirfidh an deis ar fáil le measúnú a dhéanamh ar bhuntáistí an chláir.

Is ionann an TTRS agus cúrsa ilchéadfach ar líne lena múintear clóscríobh, litriú agus léitheoireacht. Tá an cúrsa úsáideach do dhuine ar bith os cionn 8 mbliana d'aois atá mall ó thaobh litearthachta nó do dhuine ar bith, go deimhin ar spéis leo clóscríobh a fhoghlaim mar scil. Tá sé thar a bheith úsáideach dóibh siúd le disléicse, diospraicse, ASD, ADHD nó aon laige ó thaobh próiseála cuimhne.

Is acmhainn litearthachta ar líne atá sa Lexia atá deartha chun luas a chur faoi scileanna léitheoireachta i ngach leibhéal cumais, tá sé oiriúnach do leanaí ó Naíonáin Shóisearacha agus tá sé molta ag síceolaithe oideachais mar acmhainn luachmhar a dhíríonn ar bhearnaí i

scileanna de réir mar a thagann siad chun cinn agus cuidíonn sé le daltaí forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna léitheoireachta.

Rinne Leabharlann na gCloch Liath óstáil ar thaispeántas "Mná Chill Mhantáin". Déantar ceiliúradh, sa taispeántas seo ar, ar mhná spreagúla Chill Mhantáin agus díritear aird ar an gcion ríthábhachtach a chuireann siad le pobail sa chontae agus bhí an taispeántas ar siúil ó mhí Lúnasa mar imeacht oidhreachta Chill Mhantáin, i gcomhar le hOidhreachta agus Cartlann Chomhairle Contae Chill Mhantáin.

Spórt 20x20 – baineann tionscnamh 20x20 le hathrú cultúrtha ar an mbealach ina bhféachtar ar mhná sa spórt, agus é mar aidhm leis ardú 20% a chur ar rannpháirtíocht, ar chlúdach meáin agus ar fhreastal ar spórt na mban faoi dheireadh na bliana 2020. Mar chuid den chlár 'ag Roinnt ár Scéalta', thug Leabharlann Bhaile Coimín cuireadh chun na leabharlainne don sárímreoir sacair idirnáisiúnta, Louise Quinn. Cuireadh Louise faoi agallamh agus bhí ríméad uirthi labhairt faoina saol sa spórt agus a taithí ar Chorn an Domhain. Eagraíodh an t-imeacht seo trí Chomhpháirtíocht Spóirt Chomhairle Contae Chill Mhantáin.

Amharclann Scéalaíochta – Is mar gheall ar idirchaidreamh idir foireann na leabharlainne agus na ceannairí atá bainteach le "Tionscadal Óige Bhré Beag" a tharla an ghníomhaíocht seo. Tugadh dhá ghrúpa leanaí chuig leabharlanna Bhré agus Bhaile Bhaltraim thar thréimhse sé seachtaine. Bhí maoirseoir fásta ón tionscadal óige in éineacht leis na leanaí agus rinne Anita Nicholson clár léitheoireachta, drámaíochta agus ealaíona gaolmhara a éascú. Díríodh ar thaithí a thabhairt do na leanaí ar an leabharlann agus chuig an saol a bhaineann le leabhair agus le léitheoireacht. D'éirigh thar barr leis an fhiontar, cuireadh leanaí nach dtabharfadh cuairt ar an leabharlann seachas sin ar a suaimhneas, agus táthar ag súil go

mbeidh siad compordach agus go mothóidh siad go bhfuil siad curtha san áireamh agus go bhfeicfidh siad an leabharlann mar áit fháilteach don am atá rompu.

Reáchtálann grúpa Teanga Chomharthaíochta na hÉireann Leabharlann an Inbhir Mhóir grúpa Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) ar bhonn seachtainiúil a bhfuil freastal maith air, ina ndéanann comhaltaí an ghrúpa comhrá teanga chomharthaíochta a chleachtadh, ina roinneann siad taithí agus comhairle agus ina bpléann siad ábhair reatha a bhaineann le comharthaíocht agus le héisteacht. Is deis iontach faisnéise agus pobail atá anseo.

Bhí Leabharlann an Inbhir Mhóir fíor-shásta óstach a dhéanamh ar Chuairt Dhaidí na Nollag atá báuil ó thaobh Uathachais i Leabharlann an Inbhir Mhóir. Bain leanaí le huathachas agus a gcuid teaghlai sásamh as seomra feithimh a bhí ciúin ina raibh LEGO mór millteach agus leabhair dathúcháin ar fáil ann. Bhí srian ar uimhreacha i ngach seisiún chun deis a thabhairt ó thaobh spáis agus riachtanais phearsanta. Bhí deis ag tuismitheoirí comhrá a bheith acu le tuismitheoirí eile agus le taithí a roinnt – agus ar théama coitianta bhí taithí ó thaobh cuairteanna ar dhaidí na Nollag nár oibrigh amach sna blianta roimhe seo.

Teastaíonn Am a dhéanamh do Bholg an Linbh gach aon lá! Cuireadh tús le Leanbh Bhaile Coimín i mí Meán Fómhair seo caite agus tá sásamh á bhaint ag na leanaí sin as “Am a dhéanamh do Bholg an Linbh” ó shin a bhí ar siúl sa leabharlann gach maidin Déardaoin. Cruthaíodh gur taithí fíor-shóisialta atá anseo don leanbh agus don tuismitheoir araon nó dá gcuid cúramóirí. Chuir an Tovertafel nó an ‘Bord Draíocht’ a fuarthas le gairid gníomhaíocht fíor-thaitneamhach ar fáil do na leanaí agus bhí deis freisin acu a bheidh páirteach sa leabharlann agus leabhair a fháil ar iasacht.

Tugadh cuireadh do Scoileanna Fighting Words Dhún Luáin, Bealach Conglais, Baile Coimín agus an Inbhir Mhóir páirt a ghlacadh sa tionscnamh iontach seo i leabharlanna comhpháirtíochta. Rinne Mark Davidson ó “Fighting Words”, Gleann Crí, éascú ar cheardlanna inar oibrigh leanaí agus daoine óga le chéile le hoibríthe deonacha oilte agus bhain siad taitneamh as an deis a gcuid scéalta agus a scríobh a mhaisiú i suíomh na leabharlainne. Is grúpa scríbhneoireachta cruthaitheach atá in “Fighting Words” a bhunaigh Roddy Doyle agus Séan Love. Tá sé mar aidhm ag an eagraíocht cuidiú le leanaí agus le daoine óga an chumhacht a bhaineann lena gcuid samhlaíochta agus scileanna scríbhneoireachta cruthaitheach féin a fhiosrú agus leas a bhaint astu. Cuirtear an obair a bhíonn déanta ag deireadh an tseisiúin ar aghaidh lena fhoilsiú.

Dúshlán Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh – Bhí Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin rannpháirteach i gclár náisiúnta “Réaltaí an tsamhraidh” a fuair tacaíocht ón Aonad Forbartha Leabharlanna an LGMA. Rinne Comhairle Contae Chill Mhantáin maoiniú ar an tionscnamh seo. Tá an t-imeacht a reáchtáil mar chuid den tionscnamh náisiúnta “an Ceart chun Léitheoireachta” agus tá sé dírithe ar leanaí den uile aois le litearthacht a chur chun cinn agus chun cuidiú le cosc a chur ‘Sleamhnú an tSamhraidh’ nuair a thagann íslíú ar scileanna léitheoireachta ar feadh míonna an tsamhraidh. Tá an tionscnamh seo ag dul ó neart go neart agus ghlac os cionn 3,000 leanbh páirt trína 13 brainse leabharlainne atá i gCill Mhantáin agus tríd an Leabharlann Taistil sa bhliain 2019.

‘Bímis ag Canadh’, Leabharlann Dhún Luáin – bhí an clár seo ar siúl i Leabharlann Dhún Luáin

thar thréimhse sé seachtaine i Márta agus Aibreán. Rinne Rachel Drew, a phleanáil an clár, éascú ar an ngníomhaíocht a chuimsigh, rannta, ceol, scéalta agus amhráin do ghrúpa ina raibh leanaí agus lapadáin ó cheantar Chill Mhantáin Thiar rannpháirteach. Bhain an clár le gnéithe forbartha an linbh. Chuir na leanaí feabhas ar a scileanna sóisialta, féinmhuiníne agus féinmheas agus rinne siad forbairt ar a scileanna éisteachta, chuimhne ag an am céanna, fuair siad tuiscint ar rithim freisin – chomh maith lena bheith bainteach leis an leabharlann agus a bheith curtha ina aithne do dhomhan ina bhfuil leabhair.

Bhí an Fhéile Litearthachta “an Bealach atá le Focail” 2019, an dara féile den “Bhealach le Focail” ar siúl thar an gcéad choicís in Aibreán, i gcomhar le Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Chill Mhantáin. Chuimsigh an Fhéile imeachtaí don phobal iomlán agus ar roinnt de na buaicphointí bhí;

Chuir an File, Moya Cannon agus cláirseoir, Kathleen Loughnane, siamsaíocht ar fáil do lucht féachana fásta de 30 duine + agus bhí meascán d’fhillíocht nua chomh maith le foinn traidisiúnta ar an gcláirseach le fáil ann.

Chuir an t-iriseoir agus an gníomhaí timpeallachta, Manchán Magan, ceardlann i láthair ar scileanna scríbhneoireachta agus thug sé píosa cainte maidir lena chuid taistil i Meiriceá Theas, an Afraic agus i Neipeal do lucht féachana a bhí faoi dhraíocht aige agus bhí os cionn 70 duine i láthair.

Chuir an t-iriseoir Ciara Kelly an Scríbhneoir Arnold Fanning agus an drámadóir, Marina Carr, faoi agallamh maidir leis na saothair is deireanaí atá curtha ar fáil acu.

Ar chuid de na buaicphointí do leanaí bhí cuairt ón údar Peter Donnelly, údar 'The Presidents Hat' agus Ross Collins údar 'There's a Bear in My Chair', agus bhí líon mór lucht féachana bunscoile ag freastal.

Thug an t-údar Arnold Fanning cuairt ar “Bhothán na bhFear” Bhaile Coimín.

Táscairí Feidhmíochta
(Daonra Chill Mhantáin de réir
Daonáireamh 2016= 142,332)

Táscairí Feidhmíochta Leabharlann 2019	Sonraí
L1.A Cuirteanna ar Leabharlanna (Cill Mhantáin)	575.815 = 4.045 in aghaidh an duine
L1. B . Líon míreanna a eisíodh chuig iasachtaithe leabharlainne in aghaidh an duine (lena n-áirítear)	562,480 = 3.95 in aghaidh an duine
Nóta – Míreanna ar iasacht / athnuaite ar bhonn náisiúnta	16,413,081 = 3.45 in aghaidh an duine
Acmhainní breise ar líne a thóg iasachtaithe Chill Mhantáin ar iasacht: ríomhLeabhair = 13,337 Closleabhair is féidir a íoslódáil = 22,028 Cúrsaí Ríomhtheanga = 2,053	
Léitheoirí cláraithe	30,058 = 21% den daonra
Nóta – Léitheoirí cláraithe ar bhonn náisiúnta	792,895 = 16.6% den daonra.
Costas maidir le Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Mhantáin a fheidhmiú in aghaidh an duine 2016	€4m = €28.10 in aghaidh an duine

Oibríochtaí Limistéir Fóillíochta Faoin Aer

Áirítear leis sin na saoráidí fóillíochta faoin aer seo a leanas a fheidhmiú, a chothabháil agus a fheabhsú.

Clóis súgartha arna gcur ar fáil ag Comhairle Contae Chill Mhantáin ar fud Chontae Chill Mhantáin:

- An tInbhear Mór : Ascaill Radharc na Mara, An tInbhear Mór.
- An tInbhear Mór : Plás San Peadar, An tInbhear Mór.
- An tInbhear Mór : South Green, An tInbhear Mór.
- An tInbhear Mór: Taobh an Fhraoigh, Bóthar Vale
- Bré : Baile Bhaltraim, Bré (oscailt 2020).
- Bré : An Fásach Rua, Bré
- Bré : Arda Ghiolaspar, Bóthar Chros an Deiscirt, Bré.
- Bré : Páirc an Phobail, Bóthar na Deargaile, Bré
- Bré : Páirc Sidmonton, Bré
- Bré : Promanáid Chladaigh Bhré
- Baile Chill Mhantáin : Baile an Fhuarthain.
- Baile Chill Mhantáin: Radharc an Choic
- Baile Chill Mhantáin: An Mhuiríoch.
- Clós Súgartha do Leanaí agus Limistéar do Dhéagóirí le Páirc Scátála agus BMX i Ráth Naoi
- Páirc Áineasa agus Clós Súgartha Bhealach Conglais.
- Clós Súgartha Baile Choimín, an Pháirc Ghnó, Baile Coimín
- Clós Súgartha Carn an Bhua

- Clós Súgartha Ráth Daingin
- Clós Súgartha Áth na Sceire, Monastery Grove, Áth na Sceire
- Clós Súgartha na gCloch Liath, Mill Road, Na Clocha Liatha
- Clós Súgartha Chill Mocheanóg, Páirc Ghort na Carraige.
- An Láithreach (oscailt 2020)
- Clós Súgartha an Chaisleáin Nua, Bóthar Cósta Chill Mhantáin, an Caisleán Nua.
- Clós Súgartha Leanaí, Bhaile an Chinnéidigh
- Baile an Chinnéidigh (Clós súgartha agus Scailp na nGasóg) – (oscailte in 2019)
- An Tóchar (oscailt 2020)

Páirceanna Scátála: -

- Páirc Scátála an Inbhir Mhóir, agus MUGA ag Ascaill Radharc na Mara.
- Páirc Scátála agus Cúrsa BMX agus MUGA ag an gCladach, an Mhuiríoch.
- Páirc Scátála, an Pháirc Ghnó, Baile Coimín
- Páirc Spóirt, Caitheamh Aimsire agus Scátála, agus Raon Lúthchleasaíochta ag Acra na mBodach, na Clocha Liatha.
- Páirc Scátála Bhealach Conglais (d'oscail in 2019)

Clóis súgartha arna n-éascú ag Comhairle Contae Chill Mhantáin i gcomhar le: -

- Clós Súgartha Eachroma.
- Clós Súgartha agus MUGA an Inbhir Mhóir ag Ascaill Radharc na Mara.

- Áth na Fuinseoige: Clós Súgartha Pháirc Phobail
- Páirc Spóirt, Caitheamh Aimsire agus Scátála, agus Raon Lúthchleasaíochta ag Acra na mBodach, na Clocha Liatha.
- Dún Luáin: Clós Súgartha.
- Eden Gate:
- Gráinseach Choinn, Clós Súgartha
- Clós Súgartha Cnoc an Eanaigh.
- Clós Súgartha Ráth Droma
- Clós Súgartha Shíol Éalaigh
- Clós Súgartha Thigh na hÉille agus MUGA

Duaiseanna Mórtas Cine is Ceantair 2019 - Chomhar na hÉireann 'Uile-Oileáin'

Tá an comórtas seo ar bun anois le seacht mbliana déag agus é mar chuspóir leis aitheantas a thabhairt don obair iontach atá ar siúl ag pobail ar fud Oileán na hÉireann. Tá dhá chatagóir déag sa chomórtas agus chuir Comhairle Contae Chill Mhantáin dhá ghrúpa isteach sa chomórtas i mbliana faoi dhá chatagóir dhifriúla:

Catagóir 3- daonra os cionn 5,000 – ainmníodh Baile Bhaile Coimín

Catagóir 8 – Tionscnamh Aoisbháúil – ainmníodh Ionad Acmhainní Tigh na hÉille

Thug beirt mholtóir ó Mhórtas Cine is Ceantar cuairt ar Bhaile Coimín agus Ionad Acmhainní Tigh na hÉille an 17 Iúil 2019. Rinne na moltóirí measúnú ar an dá ainmniúchán don chomórtas. Léiríodh go raibh comhpháirtíocht láidir idir an dá bhaile a bhí ainmhithe agus an Chomhairle agus idir gach earnáil de na pobail a bhfuil siad ag freastal orthu.

Bhí an searmanas bronnta ar siúl i gCill Chainnigh an 30 Samhain 2019.

Glasbhealach Bhaile Coimín

I mí an Mheithimh 2019, fuair Comhairle Contae Chill Mhantáin i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, Grúpa Pobail Bhaile Coimín agus an ESB maoiniú a bhí faoi bhun €5 milliún faoin gCiste Náisiúnta agus Réigiúnach um Ghlasbhealaí do Thionscadal E-Ghlasbhealach Bhaile Coimín.

Clúdóidh E-Ghlasbhealach Bhaile Coimín 42.4kms de chosáin siúlóide agus rothaíochta trí fhoraoisí agus trí choillearnacha a thógann san áireamh radharc tíre is díol suntais feadh chladaigh Locha Bhaile Coimín.

Cruthóidh an tionscadal seo go leor poist sa cheantar agus meastar go dtacófar le 27 post sa cheantar trí gach €1 milliún de chaiteachas na turasóireachta. Chomh maith leis sin, freastalóidh sé ar an margadh turasóireachta do ghníomhaíochtaí lasmuigh atá ag dul i méid do mhuintir na háite agus do thurasóirí araon.

Meastar go dtógfaidh an tionscadal seo dhá bhliain lena chríochnú. Is tionscadal spreagúil

agus sainiúil atá i gceist le forbairt an Ghlasbhealaigh do Chontae Chill Mhantáin a chiallóidh go mbeidh E-Bhealach Bhaile Coimín ar an gcéad E-Cheann Scríbe in Éirinn.

Timpeallaíonn an E-Ghlasbhealach seo Taiscumar Pholl an Phúca - foinse ollmhór giniúna leictreachais. Leictreachas á chur ar fáil le daoine a mhealladh chun an ghlasbhealaigh agus beidh pointí luchtaithe á gcur ar fáil feadh an bhealaigh. Cruthaíonn sé seo cuid de thionscadal níos leithne ar fud an chontae le Rothair Leictreachais a chur chun cinn.

Beidh an E-Bhealach á dhearadh, á thógáil agus á fheidhmiú de réir breithnithe Sármhaitheasa, Aclaíochta, Fuinneamh, Comhshaoil,

COMHPHÁIRTÍOCHT ÁITIÚIL SPÓIRT AGUS ÁINÉASA CHILL MHANTÁIN (LSP)

Forléargas

- Bunaíodh Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin in 2008, le tacaíocht tionscnamh Chomhpháirtíochta Spóirt Áitiúil Chomhairle Spóirt na hÉireann ag an am. Tá bord Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt Chill Mhantáin comhdhéanta d'ionadaithe ó éagsúlacht gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus ó ghrúpaí pobail a bhfuil baint acu leis an spóirt, gníomhaíocht choirp, caitheamh aimsire faoin aer agus forbairt phobail.

Éiceolaíochta, Taiscéalaíochta agus Éascaíochta Rochtana, chun tosaigh i gcónaí.

I mí Deireadh Fómhair 2019, ceapadh Aecom Ireland Ltd mar chomhairleoirí chun seirbhísí comhairliúcháin teicniúla a chur ar fáil do dhearadh, do phleanáil agus do thógáil E-Ghlasbhealach Bhaile Coimín.

Bunaíodh Bord Tionscadal chun maoirseacht a dhéanamh ar an tionscadal agus tá an bord sin comhdhéanta de chomhaltaí ó Chomhairle Contae Chill Mhantáin, an ESB agus Grúpaí Pobail Bhaile Coimín. Tionóladh an chéad chruinniú den bhord seo an 1 Samhain 2019.

- Áirítear ar phríomhfheidhmeanna Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin: -

Soláthar faisnéise

- Tá baint ag Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin le faisnéis maidir le cúrsaí áitiúla spóirt a chomhordú, tionscnamh taighde, tiomsú eolaire agus bunachar sonraí spóirt, ag sainithint riachtanas agus acmhainní le bheith ina mar bhunchuid den phleanáil áitiúil agus le fóram comhairle spóirt a chur ar bun.

Oideachas agus Oiliúint

- Cuireann Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil ar leibhéal áitiúil, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna cineálacha i réimsí amhail Cód Eitice, Garchabhair agus Ceannaireacht Ghníomhach, agus tacaíonn siad chomh maith le sainchúrsaí spóirt a sheachadadh i gcomhar le Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt.

Cur i bhFeidhm

- Cuireann Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chill Mhantáin raon clár náisiúnta i bhfeidhm le rannpháirtíocht a spreagadh e.g. Buntús, Mná sa Spórt, Ar Son na Beatha. Seachadtar cláir i réimsí amhail Forbairt Spóirt, Spórt Pobail agus Gníomhaíocht Choirp, Spórt Scoile, Spórt na hÓige agus Cuimsiú Spóirt. Cuirfidh Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Chill Mhantáin cláir spóirt i bhfeidhm chomh maith i gcomhthéacs an phlean áitiúil straitéisigh don spórt agus do ghníomhaíocht choirp i gcomhréir le tosaíochtaí Spóirt Éireann.

Gníomhartha a rinneadh in 2019

- Chabhraigh Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin le raon leathan tionscnamh a sheachadadh inar díriodh ar rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíochta choirp a chur chun cinn i gCill Mhantáin;

- Cúrsaí Cosanta a reáchtáladh in 2019: 32 chúrsa curtha ar fáil le 414 rannpháirtí.
- Cúrsaí Cuimsitheacha: Áiríodh ar chúrsaí a reáchtáladh agus a bhí ag díriú ar mhíchumas nó ar ionchuimsitheacht, dhá chúrsa Uathachais sa Spórt, oiliúint Ionad Fóillíochta Ionchuimsitheach, Cúrsa Teagascóra chun Foghlaim le Rothaíocht, Cúrsa maidir le Rothaíocht i gCeart agus oiliúint do Chuaillí Gníomhachtóra do theagascóirí. Beidh na cúrsaí seo ar siúl i 6 cheantair dhifriúla sa chontae agus bhí 67 duine
- Parkrun: Ba ghníomhaíocht breise nua a bhí sa Reathaíocht ar Lochán na Lachan san Inbhear Mór sa bhliain 2019. Bhí 128 duine in aghaidh na seachtaine ag freastal ar an reathaíocht seo. Ar reathaíocht eile a bhí éascaithe ag Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire, bhí reathaíocht Fhoraoise ina nglacann 62 duine ar an meán páirt gach seachtain, reathaíocht shóisearach Bhré ina nglacann 51 duine ar an meán páirt gach seachtain agus reathaíocht Russborough ina nglacann 45 duine ar an meán páirt gach seachtain.
- Daoine Scothaosta: Rinneadh líon tionscnaimh a leathadh amach a bhí dírithe go sonrach ar dhaoine, scothaosta, eadhon Cumhacht don Parkinson, ceardlann ó Chuaillí Gníomhachtóra, Aeróbaic Uisce 55+ agus go leor ranganna aclaíochta atá dírithe ar ghrúpaí COPD.
- Daoine Scothaosta: Cuireadh cluichí Beir Beo ar an Saol agus cúrsa PALs ar fáil sa Láithreach i mí an Mheithimh thar thréimhse 8 seachtaine, cuireadh tús leo i mí Deireadh Fómhair 2019.

- Cuimsiú míchumais: I mí Lúnasa 2019 d'fhostaigh an Chomhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire, Oifigeach Spóirt um Chuimsiú Míchumais, bhí an cúrsa seo á maoiniú ag Spóirt Éireann.
- Mná sa Spóirt: Rinneadh na tionscnaimh seo a leathadh amach a bhaineann le Mná sa Spóirt;
 - Bhí Aclaíocht Bugaí ar siúl i 3 ionad le 32 rannpháirtí
 - Bhí ranganna Dornálaclaíochta 5 bhean ar siúl le 82 rannpháirtí
 - 'Blitzchomórtas Dornálaclaíochta' do Lá Idirnáisiúnta na mBan le 2100 rannpháirtí scoil-bhunaithe
 - Clár Foghlaim le Snámh don Lucht Siúil agus críochnaigh 14 duine an cúrsa
 - 'Moms on the Move' agus lóga do mháithreacha óga ina raibh 21 rannpháirtí
- Ionad Soláthar Díreach: Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Chill Mhantáin dhá chlár ar fáil san Ionad Soláthar Díreach i mBaile Chill Mhantáin sa bhliain 2019, eadhon;
 - Siúil agus Labhair – Dé Máirt - clár sé seachtaine atá saor in aisce agus bealach 5k difriúil a shiúl ag an ngrúpa gach aon seachtain chun aithne a chur ar láithreacha sa bhaile. Ghlac os

cionn deichniúr (10) páirt sa chlár siúlóide agus tá grúpa beag a bhíonn ag rith mar thoradh air sin.

- Clár Snámha an tSamhraidh – bhí Clár Snámha an tSamhraidh dírithe ar leanaí idir ceithre bliana agus dhá bhliain déag d'aois atá ina gcónaí san Ionad Soláthar Díreach i mBaile Chill Mhantáin. Bhí an clár snámha ar siúil cúig lá na seachtaine ar feadh aon seachtain amháin i mí Lúnasa sa Coral Leisure i mBaile Chille Mhantáin. Fuair gach leanbh mála, spéaclaí cosanta agus hata snámha ó Chumann Snámha Éireann.

Idirghabháil Meabhairshláinte

- Tabhairt ar ais na haclaíochta – rinneadh 10 seachtaine de thabhairt ar ais gníomhaíocht choirp a leathadh amach sa Shoreline sna Clocha Liatha i gcomhair le Teiripeoir Saothair in ospidéal an Chaisleáin Nua. Ghlac seisear (6) páirt sa chlár agus déanfaidh an chomhpháirtíocht spóirt iarracht leis an obair seo a leathnú chuig ionaid eile sa bhliain 2020.
- Coillearnacha don tSláinte – Leanann Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Chill Mhantáin ag tacú leis an tionscadal, Coillearnacha don tSláinte Chill Mhantáin agus freastalaíonn an

comhordaitheoir ar an ngrúpa stiúrtha náisiúnta a dhéanamh ionadaíocht ar an gComhpháirtíocht Spóirt Áitiúil.

- Imeachtaí Pobail – Rinneadh éascú ar líon Imeachtaí Pobail tríd an gComhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire;
 - Operation Transformation – Rinne Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin óstach ar thrí shiúlóid Operation Transformation sa chontae i mí Eanáir 2019. Bhí na hionaid sa bhliain 2019 lonnaithe i mBré, Baile Choimín agus i mBealach Conglais agus ghlac os cionn 450 duine ar an iomlán páirt iontu.
 - Imeacht Colour Run – D’eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin i gcomhar le hOspís Chill Mhantáin imeacht Colour Run chun airgead a bhailiú. D’fhreastail thart ar 300 duine ar an imeacht agus tá an chuma air gur imeacht bliantúil do Bhaile Chill Mhantáin a bheidh anseo.
- Seachtain Eorpach an Spóirt – Rinne Comhpháirtíocht Spóirt Chill Mhantáin óstach ar 5 imeacht ceannródaíoch in Éirinn do Sheachtain Eorpach an Spóirt ar Chladach Bhré an 28 Meán Fómhair. Bhí imeachtaí ar siúl le linn na hoíche ar fud na hEorpa chun a bheith ar aon

dul leis an líon mór imeachtaí a bhí ar siúl chun ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain Eorpach an Spóirt. Mar bhuaicphointe ar an Oíche #BEACTIVE thug os cionn 250 rannpháirtí faoi rith 3km Neoin don teaghlach feadh Cladach Bhré beag beann ar an aimsir.

Fuair na rannpháirtithe t-léinte neoin agus cuireadh péint neoin ar a gcuid aghaidheanna sular cuireadh tús leis an ócáid mar go raibh na rannpháirtithe ag dul trí thollán dorcha agus chuirfeadh na dathanna neoin le héifeacht iomlán na dathanna breátha a bhí á gcaitheamh acu. Áiríodh ar imeachtaí eile ar an oíche, sraith Rámhaíochta le linn Titim na hOíche, seisiúin ióga Yoga buail isteach roimh an rás agus rang aclaíochta ar Ardán an Bhanna Ceoil.

- Scoileanna:
 - Tugadh faoin Dúshlán Aon Mhilliún Coiscéim in os cionn 20 scoil agus ghlac os cionn 1500 leanbh páirt ann.
 - Bhí an Mion-bhlitzchomórtas Cispheile 3V3 – ar siúl ar Chladach Bré an 10 Aibreán agus ghlac os cionn 60 leanbh páirt ann. Reáchtáil LSP Chill Mhantáin an dara Mion-bhlitzchomórtas Cispheile 3V3 arís an 22 Bealtaine i gcomhpháirtíocht le Cumann Cispheile na hÉireann do bhunscoileanna i Scoil Conglais, Bealach Conglais. Ghlac os cionn 70 leanbh páirt.
 - Bhlitzchomórtas Tarraingt Téide – Reáchtáladh trí lá de Bhlitzchomórtas Tarraingt Téide

i gcomhar le Tarraingt Téide Éireann sa bhliain 2019. Ar na hionaid bhí; Teach Russborough, Baile Coimín agus ghlac os cionn 300 leanbh páirt, Shoreline leisure na Clocha Liatha agus ghlac os cionn 120 leanbh páirt, Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Dún Luáin agus ghlac 140 leanbh páirt.

- Bhí reathaíocht trastíre na mBunscoileanna ar siúl an Mháirt 12 Márta agus ghlac 700 dalta páirt ann.

Seachtain na Rothar:

- Fuair Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Áitiúil Chill Mhantáin maoiniú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do Sheachtain na Rothar. Lorgaíodh iarratais le cur isteach ar dheontais maidir leo sin a bhí ag reáchtáil imeacht rothar. Bhí 19 scoil rannpháirteach agus bhain siad leas as maoiniú Sheachtain na Rothar a chuireann sábháilteacht rothair, scileanna agus cothabháil chun cinn chomh maith le 7 n-imeacht pobail ar thug Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Áitiúil Chill Mhantáin (LSP) tacaíocht dóibh, lena n-áirítear;
 - Club Rothar Sléibhe Chill Mhantáin
 - Ghlac os cionn 70 duine páirt san imeacht Rothar

Sléibhe seo chun club nua MTB a sheoladh i gCill Mhantáin. Bhí na rannpháirtithe in aois idir 7 go 71 bliain d'aois agus thug na ceannairí an lucht rothaíochta amach ar chosain lenar bhain scileanna agus leibhéil éagsúla.

- Biking.ie, Baile na Stuaí
 - Is seisiún blaiseadh rothaíochta sléibhe pobail saor in aisce a bhí i gceist anseo a reáchtáladh an Déardaoin 27 Meitheamh ar Chosáin Rothair Sléibhe Bhaile na Stuaí, Contae Chill Mhantáin. Bhí an t-imeacht seo díolta amach le 20 rannpháirtí i ngach seisiún.
- Fóram Ceantair, Dhún Luáin
 - Bhí Fóram Ceantair Dhún Luáin rannpháirteach i Seachtain na Rothar den chéad uair sa bhliain 2019 agus bhí idir óg agus sean rannpháirteach ar feadh na seachtaine. Bhí comórtas póstaer ann do leanaí óga agus do leanaí níos sine agus bhí

duaiseanna ag dul leis an dá chomórtas.

Reáchtáil

Comhpháirtíocht Spóirt

Chill Mhantáin

Ceardlann Rothar

Cothrom agus bhí an

cúrsa bacainní thar a

bheith mealltach ar lá an

imeachta. Ghlac club

rothaíochta Reservoir

Cogs páirt freisin agus

thug píosa cainte a bhí

thar a bheith

faisnéiseach ar

bhuntaístí na

rothaíochta don uile

aois.

- Ceardlanna maidir le Cothabháil

- Reáchtáladh dhá thráthnóna de cheardlanna a bhí díolta amach go hiomlán i mBaile Chill Mhantáin le linn Seachtain na Rothar. Dhírigh na ceardlanna seo ar chuidiú le lucht rothaíochta foghlaim maidir le bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ar dheisiúcháin bheaga ar a gcuid rothar, ar nós deisiú poill, an bealach le tiúb a athrú, rothaí a bhaint anuas agus a chur ar ais go tapa agus an bealach leis an rothar a

choinneáil ag imeacht go maith.

- Lá Spóirt AAA don Teaghlach, Na Clocha Liatha

- Leag Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt (LSP) Chill Mhantáin amach clár chun foghlaim le rothaíocht do chomhaltaí Triple A Chill Mhantáin mar chuid dá ndara Lá Spóirt don Teaghlach. Bunaíodh Comhaontas Triple A sa bhliain 2002 agus tacaíonn sé le teaghlaigh, cuireann faisnéis, oiliúint agus gníomhaíochtaí cuí ar fáil do leanaí agus do dhaoine fásta atá ag maireachtáil le hUathachas, Siondróm Asperger agus A.D.H.D. Bhí os cionn 80 comhalta rannpháirteach sa chosán rothaíochta a bhí leagtha amach ar an bhféar agus baineadh úsáid as réimse rothair, lena n-áirítear, rothair cothrom, rothair le cobhsaitheoirí agus gnáthrothair.

- Imeacht Chlub Rothaíochta Féir an Bhóthair Thoir Theas, an tInbhear Mór

- D'fhreastail 20 leanbh ar sheoladh an imeachta seo a bhí ar siúl ar pháirc Coral Leisure, an tInbhear Mór. Thug Club an Bhóthair Thoir Theas léiriú ar roinnt scileanna le rothair a láimhsiú, ar scileanna grúpa rothaíochta agus sábháilteacht ar rothair.
- Rinne an Seomra Spóirt, Baile Chill Mhantáin óstáil ar 'Téigh ar ais ar do Rothar'.
 - Chuimsigh an t-imeacht seo turas suaimhneach amach chomh fada le Tigh na Cille do Tae agus Scónaí agus ar ais ansin go dtí an Seomra Spóirt i mBaile Chill Mhantáin. Chomh maith leis an turas rothaíochta seo chuir an Seomra Spóirt seiceáil rothair saor in aisce ar fáil lena chinntiú go mbíonn do rothar inbhóthair roimh an imeacht.
- Leithdháileadh Chiste na gCuntas Díomhaoin: Fuair comhpháirtíocht spóirt agus caitheamh aimsire Chill Mhantáin maoiniú don oifigeach forbartha agus do chlár cóitseálaí freisin trí Chiste na gCuntas Díomhaoin.

- Bronnadh sparánacht Katie Taylor ar Katie Ann O'Neill ó Bhealach Conglais.

Gníomhartha atá beartaithe do 2020

- Seoladh Straitéis nua Comhpháirtíochta Spóirt
- Clár forbartha agus tacaíochta oibrithe deonacha.
- Seoladh Mol Spóirt an Inbhir Mhóir
- Ranganna aclaíochta do dhaoine scothaosta ar fud an chontae
- Tionscnaimh aclaíochta atá dírithe ar Mhná sa Spórt
- Imeachtaí a dhírítear ar chuimsiú míchumais
- Oiliúint Cosanta, Gharchabhrach agus Chuimsiú do Dhaoine faoi Mhíchumas a sholáthar
- Campa Gníomhaíochta Cuimsithe do Dhaoine faoi Mhíchumas a éascú
- Feachtas áineasa faoin aer a rolladh amach
- Deontais Spóirt a dháileadh
- Seachtain na Scoileanna Gníomhacha, Seachtain na Rothar agus tionscnaimh náisiúnta eile a chomhordú agus a chur chun cinn
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le comhlachtaí eile chun soláthar straitéiseach spriocdhírithé a dhéanamh maidir le gníomhaíocht choirp ar fud Chontae Chill Mhantáin
- Tacú le spriocghrúpaí tabhairt faoi níos mó gníomhaíochta choirp
- Leanúint d'oideachas a thabhairt don phobal maidir le tábhacht na gníomhaíochta choirp sa saol laethúil
- Cur leis an bhfeasacht faoi Chomhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Mhantáin agus faoi na deiseanna a chuireann sí ar fáil do pháirtithe leasmhara agus do spriocghrúpaí.

- Leanúint de na Cláir éagsúla ar tugadh fúthu in 2019 a rolladh amach.
- Forbairt tionscnaimh Éire Sláintiúil
- Athbhreithniú ar chlár idirghabhála atá á seachadadh ag Comhpháirtíocht Spóirt agus Caitheamh Aimsire Chill Mhantáin.
- Forbairt acmhainn ar líne ar mhaithe le húsáid an phobail.

Tá Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chill Mhantáin ar Facebook agus ar Twitter. Láithreán gréasáin: www.wicklowlsp.ie

Oifig Ealaíon Chontae Chill Mhantáin

Tá traidisiún saibhir ealaíonta agus cultúrtha ag Contae Chill Mhantáin ina mbíonn raon leathan gníomhaíochtaí beo ar siúl i réimsí na hamharcealaíona, an cheoil, na hamharclainne, na litríochta, na dealbhóireachta, in ealaíona na n-óg, ealaíona pobail agus féilte. Is é aidhm Chláir ealaíon Chomhairle Contae Chill Mhantáin an traidisiún saibhir seo a chothú agus a fhorbairt agus a chinntiú go bhfuil rochtain ar na healaíona ag gach duine sa chontae.

Deontais faoi Achtanna na nEalaíon

Le Scéim na nDámhachtainí um Thacaíocht d'Ealaíontóirí, le Scéim na nDámhachtainí do Ghrúpaí agus d'Eagraíochtaí Ealaíon agus le Scéim na nDámhachtainí d'Fhéilte Ealaíon, díritear ar chleachtas ealaíonta i ngach disciplín ag daoine nó ag grúpaí as Cill Mhantáin nó lonnaithe ann. Déantar na Deontais Ealaíon a thairiscint gach bliain chun

féilte agus cláir ealaíon ardchaighdeán agus ardtionchair a sholáthar agus chun forbairt straitéiseach na n-ealaíon sa Chontae a fheabhsú agus cur léi.

(1) Scéim na nDámhachtainí um Thacaíocht d'Ealaíontóirí

Is é cuspóir na scéime tacaíochta seo cabhrú le healaíontóirí a gcleachtas a fhorbairt agus rannchuidiú suntasach a dhéanamh le saol gairmiúil ealaíontóirí ar as Cill Mhantáin dóibh nó atá ag cónaí i gCill Mhantáin.

(2) Scéim na nDámhachtainí d'Fhéilte Ealaíon

Fuarthas iarratais i ndáil le cláir ardchaighdeán le healaíontóirí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta arna gcur i láthair mar chuid d'Fhéilte na n-iarratasóirí. Ceol an fhoirm ealaíne ba mhó a cuireadh i láthair sna Féilte. I measc imeachtaí eile bhí imeachtaí liteartha, amharcealaíon agus deiseanna do rannpháirtíocht sna healaíona. Rinneadh sé iarratas faoin scéim seo agus tugadh maoiniú dóibh go léir.

(3) Scéim na nDámhachtainí do Ghrúpaí agus d'Eagraíochtaí Ealaíon

Ba é cuspóir na scéime dámhachtana sin tacú le grúpaí nó eagraíochtaí ealaíon tionscadal ealaíon a thabhairt i gcrích nó clár a thacódh lena bhforbairt ealaíonta. Ba é a bhí beartaithe leis an dámhachtain seo maoiniú iomlán nó páirteach a thabhairt do thionscadal/chlár agus an toradh a bheadh air sin saothar nua a thabhairt i gcrích nó a chur ar taispeáint. Glacadh le hiarratais ar chéim taighde agus forbartha le haghaidh tionscnaimh nua nó chun

tionscadal nó clár ealaíon nua a léiriú/a chur i bhfeidhm. Rinneadh aon iarratas déag faoin scéim seo agus tugadh maoiniú do shé cinn díobh.

Sa bhliain 2019, bhí thart ar 40,000 cliant i gcaidreamh leis an Oifig Ealaíon agus lena cuid clár. Rinne Comhairle Chontae Chill Mhantáin agus a comhpháirtithe straitéiseach thart ar €2.1 milliún a infheistiú le Clár na hOifige Ealaíon a sheachadadh agus le hinfheistiócht a dhéanamh i mbonneagar agus i seachadadh na nEalaíon.

Music Generation Chill Mhantáin

Bhí 4,000 leanbh agus duine óg rannpháirteach in oideachas maidir le taibhiú ceoil ar bhonn rialta i scoileanna Chill Mhantáin sa bhliain 2019, fostaíodh 31 teagascóir ceoil ar bhonn seachtainiúil.

Oíche Chultúir

Tionóladh clár iontach imeacht ealaíon agus cultúir i Meán Fómhair, mar chuid den Oíche Chultúir. Tugadh cuireadh don phobal a bheith rannpháirteach in imeachtaí agus gníomhaíochtaí saor in aisce sa cheol, sa drámaíocht, sa litríocht, sa damhsa, sna hamharcealaíona, sa scéalaíocht agus i scannánaíocht. Bhí cainteanna agus turais ar fáil don teaghlach uile freisin. Tionóladh imeachtaí i gcúpla láthair ar fud an chontae, ina measc: An tInbhear Mór, Áth na Fuinseoige, Eachroim, Abhóca, Baile Coimín, Bré, Donard, Na Clocha Liatha, Cillín

Chaoimhín, An Chros Dhearg, agus Baile Chill Mhantáin.

Éire Ildánach

Fís atá mar threoir don Chlár Éire Ildánach, a deir go mbeidh deis ag gach duine in Éirinn a lánacmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach. Is tionscnamh uile-Rialtais, cúig bliana é, ó 2017 go 2022, agus é mar aidhm leis an chruthaitheacht a chur ag croílár an bheartais phoiblí. Tá mar aidhm leis an straitéis seo tacú le tuilleadh deiseanna do rannpháirtíocht an phobail leis an gcultúr agus leis an gcruithaitheacht – ag pobail agus ag daoine aonair ar fud Chontae Chill Mhantáin sna cúig bliana amach romhainn agus níos faide anonn.

Seirbhísí Fiontraíochta agus Corparáideacha

Príomhchuspóir Straitéiseach 3: Forbairt Gheilleagrach, Pleanáil agus Bonneagar:

“Bonneagar agus bearta a fhorbairt a dhéanfaidh cothabháil ar an gcaighdeán saoil is fearr is féidir dár saoránaigh i dtimpeallacht gheilleagrach atá láidir agus iomaíoch agus atá ar an gcaighdeán is airde; tacú le comhoibriú idirghníomhaíochta agus leas a bhaint as tréithe uathúla Chontae Chill Mhantáin, ag baint leas éifeachtúil as acmhainní iomlána an Chontae chun deiseanna fostaíochta a fhorbairt”.

Príomhchuspóir Straitéiseach 4: Forbairt Eagraíochta agus Cúrsaí Airgeadais:

“Cur an méid is fearr is féidir agus forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht ár n-acmhainní daonna, agus ár gcuid dualgais á gcomhlíonadh againn faoi Shláinte agus Sábháilteacht, cloígh leis an gcaighdeán is airde rialachais, ionracais, trédhearcachta agus cuntasachta agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt chun a bheith nuálacha agus fheabhsú leanúnach a dhéanamh le seirbhís atá éifeachtach ó thaobh costais, éifeachtúil agus ar ardchaighdeán dár saoránaigh a chur ar fáil”.

ROCHTAIN

Cinntíonn Oifigeach Rochtana Chomhairle Chontae Chill Mhantáin go bhfuil a seirbhísí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas á gcur ar fáil trí rochtain chomhtháite ar na seirbhísí príomhshrutha mar is indéanta agus mar is cuí, de réir an Achta Náisiúnta um Míchumas 2005. Cuirtear oibleagáid shonrach san Acht um Míchumas 2005 ar chomhlachtaí poiblí chun foirgnimh phoiblí agus seirbhísí poiblí a

dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas faoin mbliain 2005.

Grúpa Rochtana Údarás Áitiúil Chill Mhantáin (WLAAG)

Lean WLAAG ag cur tacaíochta agus comhairle ar fáil do Chomhairle Chontae Chill Mhantáin maidir le saincheistanna rochtana ar feadh na bliana 2019. Cuireann an grúpa seo, atá comhdhéanta de dhaoine atá faoi mhíchumas agus d'ionadaíocht ó eagraíochtaí daoine atá faoi mhíchumas, saineolaithe ar fáil don Údarás Áitiúil sa réimse um míchumas agus rochtain. Bíonn teagmháil rialta ag an Oifig Rochtana le grúpaí agus le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta araon atá ag déileáil le rochtain ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil Comhairle Chontae Chill Mhantáin ag freastal ar a cuid oibleagáidí.

An Coiste Iniúcháireachta

Bunaíodh Coiste Iniúcháireachta Chomhairle Contae Chill Mhantáin i dtús báire sa bhliain 2007 faoi Alt V den Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó) 2005. Tar éis na dtoghchán áitiúil i mí na Bealtaine 2019, athbhunaíodh an Coiste Iniúcháireachta arís. Cuimsíonn comhaltas an choiste anois:

- An tUasal Tom Gegan, Cathaoirleach
- An tUasal Noel Geraghty, Leaschathaoirleach
- Mary Savage, Uasal
- An Comhairleoir Edward Timmins (go dtí Deireadh Fómhair 2019)
- An Comhairleoir Mary Kavanagh (ó Deireadh Fómhair 2019)
- An Comhairleoir Gerry Walsh

Leagtar síos feidhmeanna an Choiste Iniúcháireachta in alt 59 den Acht Rialtais Áitiúil 2014 agus áirítear orthu:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na cleachtais agus nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus buiséid laistigh den Údarás Áitiúil
- Forbairt sárchleachtais a chur chun cinn agus an tÚdarás Áitiúil ag cur a fheidhm iniúcháireachta inmheánaí i bhfeidhm
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, ar Thuarascáil an iniúcháora nó ar Thuarascáil Speisialta an iniúcháora maidir leis an Údarás Áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon bheart a rinne an Príomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin ag freagairt don ráiteas nó tuarascáil chéanna agus tuairisciú a dhéanamh don údarás ar na torthaí.
- Éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheasúnú maidir le feidhmíocht feidhmeanna na nÚdarás áitiúil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a chuireann an tÚdarás áitiúil i bhfeidhm maidir le bainistíocht riosca
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí agus ar mholtaí an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (NOAC) agus freagairt an Phríomhfheidhmeannaigh orthu sin agus gníomh breise a dhéanamh de réir mar is cuí.

Mar chuid den phróiseas tuairiscithe, chuir an Coiste iniúcháireachta Tuarascáil Bhliantúil 2019 faoi bhráid Chomhairle Contae Chill Mhantáin i mí Feabhra 2020.

Sa tuarascáil, chuir an Coiste fáilte roimh na tuarascálacha ar na sannacháin seo a leanas le linn na bliana:

- Tuairisciú don NOAC – Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí

- Athbhreithniú a dhéanamh ar Chuntais Iníochta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Oibríochtaí Stórtha agus an Chlóis Innealra agus ar Luach ar Airgead
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Chostais Deisithe Réamh-Ligin
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Íocaíochtaí Taistil agus Cothabhála na Foirne
-

De réir Rialacháin an Rialtais Áitiúil 2014 (Nósanna Imeachta Airgeadais agus Iniúcháireachta) tugadh cuireadh d'Iniúcháir an Rialtais Áitiúil labhairt leis an gCoiste. Is deis fhiúntach don Choiste atá sa chruinniú bliantúil seo le tuairimí a mhalartú le hIniúcháir an Údaráis Áitiúil ó thaobh raon saincheistanna agus d'Iniúcháir an Údaráis Áitiúil lena tuarascáil/lena thuarascáil iniúcháireachta reachtúil a phlé maidir le Ráiteas Airgeadais Bhliantúil na Comhairle.

Fiontraíocht agus Forbairt

Tá fíor-acmhainneacht ghnó i gContae Chill Mhantáin agus tá leathnú agus forbairt shuntasach déanta air sin le blianta beaga anuas. Tá Contae Chill Mhantáin ar cheann de na contaetha is mó fáis in Éirinn. Tá teacht éasca ar an M50, ar an gContae atá níos lú ná uair an chloig ó Bhaile Átha Cliath, agus bealach chuig mótarbhealaí náisiúnta freisin agus cuireann an Contae go leor buntáistí ar fáil ó thaobh a shuíomh straitéiseach, forbairt bhonneagair agus gaireacht d'Ollscoileanna agus d'Institiúidí Teicneolaíochta.

Tá Aonad Fiontraíochta na Comhairle freagrach as Contae Chill Mhantáin a chur chun cinn agus margaíocht a dhéanamh air féin agus ar a chuid bailte mar shuíomh le haghaidh fiontraíochta agus cruthú poist. Déanann an tAonad Fiontraíochta forbairt agus cuidíonn le hionaid fiontraíochta a chur chun cinn agus faigheann sé talamh chun forbairt tionsclaíochta agus tráchtála a éascú. Tá ról ríthábhachtach ag an Aonad Fiontraíochta i bhforbairt gheilleagrach an Chontae agus tá sé tiomanta bunáit tríd leibhéal a fhorbairt i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach ag Campas Chontae Chill Mhantáin, Coláiste Clermont, Ráth Naoi. Oibríonn an Chomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí Forbartha eile ar nós an Údaráis Forbartha Tionscail (IDA), Fiontraíocht Éireann agus Oifig Fiontair Áitiúil Chill Mhantáin (LEO) agus déanann cothabháil agus leathnú ar naisc le forbróirí/tionscnóirí tionsclaíochta/tráchtála féideartha chun poist a chruthú agus ar mhaithe le fás geilleagrach. Cuirtear Contae Chill Mhantáin chun cinn mar an láthair scannánaíochta is fearr in Éirinn trí Choimisiún Scannánaíochta Chontae Chill Mhantáin.

Tá fáil ar fhoireann an Aonaid Fiontraíochta le treoir a chur ar fáil agus chun cuidiú le lucht gnó a d'fhéadfadh a bheith i mbun breithnithe ar Chill Mhantáin mar láthair ghnó agus tugadh faoin líon tionscnaimh le linn na bliana 2019 leis an gContae a chur chun cinn mar áit le lonnú ann.

Ionaid Fiontraíochta a Fhorbairt

Oibríonn an Chomhairle go dlúth i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí forbartha náisiúnta agus áitiúla agus i gcomhar le comhlachais áitiúla tráchtála leis na hionaid fiontraíochta atá i gContae Chill Mhantáin cheana féin.

Cuimsíonn Ionad Fiontraíochta/Páirc Ghnó Chill Mhantáin 74,000 troigh chearnach de spás fiontraíochta a sholáthraíonn saoráid lándéanta do ghnólachtaí atá ann cheana féin agus do ghnólachtaí nua atá ag forbairt. Cuimsíonn sé aonaid do spásanna oibre, do thaighde agus forbairt agus do dhéantúsaíochta agus do dháileadh agus do tháirgeadh bia i méideanna idir 180 troigh cearnach agus 5,000 troigh cearnach chomh maith le cóiríocht oifige atá ar ardchaighdeán, saoráidí oiliúna agus seomra comhdhála. Tugadh faoi obair athchóirithe ar an bhfoirgneamh le gairid agus cuireadh 11 aonad nua oifige atá deartha go sonrach chomh maith le 2 sheomra oiliúna nua-aimseartha ar fáil.

Is ionann Ionad Gnó agus Fiontraíochta an Inbhir Mhóir agus tionscnamh pobail atá bunaithe chun spás oibre a sholáthar do ghnólachtaí beaga i dtús fáis agus do ghnólachtaí beaga atá ag leathnú amach chomh maith le réimse áiseanna tacaíochta. Cuireann an t-ionad thart ar 30,000 troigh cearnach de spás oibre ar fáil, lena n-áirítear, 14 aonad do tháirgeadh beag/meánmhéide agus 14 oifig agus éascaíonn sé 34 gnólacht.

Láithreacha ar mhaithe le húsáidí Fiontraíochta/Fostaíochta

Rinne Comhairle Chontae Chill Mhantáin infheistíocht de thart ar €1.3m i dtógáil Pháirc Ghnó na Craobhaí, Rátha Droma. Tá an pháirc roinnte ag ceithre bhóthar agus ceangailte ag príomh-thimpeallán. Tá formhór na hoibre déanta ar bhóthar uimhir 1 agus 2 agus ar an timpeallán nua freisin, leagadh formhór de dhuchtanna agus píopaí na soláthraithe fónais ar bhóthar uimhir 1 agus 2. Tá fálú atá ar ardchaighdeán curtha suas le himeall tosaigh na láithreach chomh maith le geata agus colúin ar an mbealach isteach, srl. Tá tógáil agus feidhmiú an chéad áitribh tráchtála mar chéim thar a bheith dearfach do Pháirc Ghnó na Craobhaí. Tá an tAonad Fiontraíochta i dteagmháil le gnólachtaí a bhfuil suim léirithe acu maidir le gnó a bhunú sa Pháirc Ghnó, agus leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh lena pleananna a chur ar aghaidh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an suíomh amach anseo.

Táthar ag leanúint le díospóireacht le líon gnólachtaí i gContae Chill Mhantáin ó thaobh forbairt den chineál céanna i nDún Luáin. Chomh maith leis na láithreacha seo tá cúlsholáthar talún ag an gComhairle atá ar mhéideanna éagsúla i líon láithreacha ar fud an Chontae, lena n-áirítear, Bealach Conglais, Baile Coimín, an tInbhear Mór agus Áth na Fuinseoige.

SPC um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Tacaíocht Fiontraíochta

De réir na dtreoirínte do bhunú agus d'fheidhmiú SPCanna, bunaíodh an SPC um

Fhorbairt Eacnamaíochta agus Tacaíocht Fiontraíochta agus tá sé ag feidhmiú ó mhí na Nollag, 2014. Tá sé mar phríomhfheidhm leis an SPC cuidiú leis an gComhairle ó thaobh bunú, forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas sa réimse seo. Cuimsíonn an SPC seachtar comhalta tofa agus seisear comhalta seachtrach a thagann ó philéir éagsúla, ar nós: Comhshaol / Caomhnú, Pobail Talmhaíochta /Feirmeoireachta, Ceardchumann, Forbairt / Tógáil / Tráchtáil Ghnó agus Gnó (Iarthar Chill Mhantáin).

Sa bhliain 2019 dhírigh an SPC mar aon leis an gCoiste Forbartha Áitiúil a chuid oibre ar mhaoirseacht a dhéanamh ar spriocanna agus ar chuspóirí an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le forbairt eacnamaíochta agus le forbairt pobail áitiúil.

An tAonad um Fhorbairt Gheilleagrach

Tá sé de dhualgas ar an Aonad um Fhorbairt Gheilleagrach nó Stiúirthóireacht na Seirbhísí Corparáideach na gníomhartha geilleagracha atá sa Phlean Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a chur i bhfeidhm. Tháinig formhór na 142 gníomh atá san LECP ó Mheitheal Machnaimh Geilleagrach Phlean Gníomhaíochta Chontae Chill Mhantáin. Is tionscadal comhoibríoch atá sa CWETT, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2013, agus a thionscain Comhairle Contae Chill Mhantáin agus lena raibh baint ag an bpobal gnó ar fud an chontae agus ag Bord Fiontar Contae (LEO Chill Mhantáin anois). Is fíis atá san Fhorbairt Eacnamaíochta agus Tacaíocht

Fiontraíochta do Chontae a chuireann ardchaighdeán saoil agus folláine ar fáil do chách; ina bhfuil meas ar phobail uirbeacha agus tuaithe atá ionchuimsithe go sóisialta; agus geilleagar atá fuinniúil agus nuálach ag cur treallús faoi; a chuireann chun cinn agus a thugann tosaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe agus a thugann cosaint agus a chuireann le hoidhreacht nádúrtha agus cultúrtha saibhir agus uathúil an Chontae.

Líonrú & Comhoibriú le Gníomhaireachtaí

Eile

Le linn na bliana 2019 bhí cruinniú ag an Aonad Fiontraíochta le hionadaithe ó Fhiontraíocht Éireann, an tÚdarás Forbartha Tionscail (IDA), Fáilte Ireland agus le gníomhaireachtaí eile atá bainteach le forbairt eacnamaíochta. Leantar den líonrú foirmeálta agus neamhfhoirmeálta le gnóthaí áitiúla, Comhlachais Tráchtála agus Foirne Baile chun gnó a chur chun cinn agus a fhorbairt agus deiseanna post a fhorbairt i gContae Chill Mhantáin. Tá an fhoireann ón Aonad um Fhorbairt Gheilleagrach rannpháirteach le EMRA chun Straitéis Gheilleagrach agus Spáis Réigiúnach a chur le chéile don Lár-Réigiún Thoir.

Meitheal Machnaimh Geilleagair Chontae Chill Mhantáin

Meitheal Machnaimh Geilleagair Chontae

Chill Mhantáin

Is tionscnamh comhoibríoch idir Comhairle Chontae Chill Mhantáin, LEO Chill Mhantáin agus gnólachtaí áitiúla is ea Meitheal Machnaimh Geilleagair Chontae Chill

Mhantáin (CWETT). Is é atá mar chuspóir leis an CWETT ná cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach ina bhféadfadh Cill Mhantáin gnólachtaí a mhealladh isteach agus a chothú agus forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a chruthaíonn poist sa Chontae a chur chun cinn. Tá Comhairle Chontae Chill Mhantáin ag cur na gníomhartha atá aitheanta ag an CWETT i bhfeidhm anois faoi na ceannteidil seo a leanas;

- Branda
- Scannán
- Margaíocht agus Cumarsáid
- Caitheamh Aimsire agus Miondíol
- Tionsclaíocht agus Bonneagar

Tá na gníomhartha atá molta ag an CWETT neadaithe sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) 2016 - 2023.

Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin

Lean Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin lena gcruinnithe ráithiúla sa bhliain 2019. Déantar foráil in Alt 36(2)(c) d'Acht an Gharda Síochána gurb é feidhm chomhchoiste póilíneachta, inter alia, 'cruinnithe poiblí a eagrú agus a óstáil a bhaineann le hábhair a mbíonn tionchar acu ar phóilíneacht cheantar riaracháin an údaráis áitiúil.' Thionóil Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin dhá chruinniú phoiblí sa bhliain 2019 i Bealach Conglais agus sna Clocha Liatha.

Tá grúpaí oibre socraithe suas le cuspóirí Plean 6 bliana Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Chontae Chill Mhantáin a chur i bhfeidhm faoi 4 réimse atá aitheanta:

- (1) Pobail Phóilíneachta
- (2) Dul i ngleic le Coiriúlacht i gCeantair Thuaithe
- (3) Cosc ar Dhrugaí
- (4) Cumarsáid

Tagann na grúpaí seo le chéile thart ar 3 go 4 huaire sa bhliain. Tá Cathaoirleach ar gach uile choiste agus cuireann oifigeach de chuid Chomhairle Chontae Chill Mhantáin tacaíocht riaracháin ar fáil. Tugann ionadaithe ón nGarda Síochána tacaíocht don choiste atá comhdhéanta de chomhaltaí tofa agus de ghrúpaí pobail. Tá na coistí oscailte do chuidiú ó pháirtithe leasmhara áitiúla lasmuigh den Chomhchoiste Póilíneachta, ar nós Muintir na Tíre, an Chomhairle Ardtailte agus Tascfhórsa Áitiúil Drugaí agus Alcóil.



Sláinte agus Sábháilteacht

Glacann Comhairle Chontae Chill Mhantáin le próiseas Sláinte agus Sábháilteachta atá bríomhar agus idirghníomhach. Dá réir sin,

baineann an Oifig Sláinte agus Sábháilteachta leas as gach uile dheis a thagann chun cinn leis an phrionsabail sin a léiriú i dtéarmaí comhairliúcháin, oiliúint agus forbairt Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta atá cuimsitheach. Cuirtear oiliúint ar fáil ar feadh na bliana ar bhonn réamhghníomhach. Áirítear ar an oiliúint a chuirtear ar fáil: Pas Shábháilte, Feasacht Sábháilteachta, City & Guilds sa Sábh Slabhrach, Bealach Isteach i Spásanna Teoranta, Roithleáin Scríobacha, Láimhsiú Sábháilte, Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta (C.S.C.S.), Garchabhair agus Córais Shábháilte Oibre, i measc oiliúint eile. Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar bheartais agus ar nósanna imeachta i gComhairle Chontae Chill Mhantáin ag teacht le sárchleachtais nua, athruithe reachtúla agus tionscnaimh náisiúnta. Spreagtar rannpháirtíocht na foirne sa phróiseas agus tá meas ar ionchur óna hIonadaithe Sábháilteachta.

Deontais Ardoideachais

Feidhmíonn Comhairle Chontae Chill Mhantáin thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna ó thaobh riaradh na Scéime Deontais Ardoideachais. Sa bhliain 2011, rinneadh treisiú breise ar an Scéim Deontais Ardoideachais tráth ar tugadh isteach an tAcht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011 agus na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011. D'fhéadfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna leasú a dhéanamh

orthu seo gach aon bhliain le hathruithe a thabhairt san áireamh. Ceadaíodh leis na hathruithe nua reachtaíochta, Scéim aontaithe Dheontas ardoideachais do gach údarás dámhachtana.

Is féidir an t-airgead go léir a íoctar i ndáil le cothabháil agus táillí a fháil ar ais seachas ranníocaíocht sheasta de €6,019.83, a cheanglaítear ar an gComhairle a íoc faoi Acht 1968.

Níor phróiseáil Comhairle Contae Chill Mhantáin aon Deontais Ard-Oideachais sa bhliain 2019.

Saoráil Faisnéise

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 i bhfeidhm an 14 Deireadh Fómhair 2014.

Cuireadh deireadh faoin Acht leis an gceanglas táille a íoc agus iarratas á dhéanamh.

Deimhnítear sna hAchtanna um Shaoráil Faisnéise ceart bhaill an phobail chun faisnéis oifigiúil a rochtain a mhéid agus is féidir, i gcomhréir le leas an phobail agus ceart chun príobháideachais an duine aonair. Bunaítear trí cheart reachtúil nua leis an Acht:

Ceart dlíthiúil gach aon duine ar rochtain faisnéise a bhíonn á coimeád ag comhlachtaí poiblí;

Ceart dlíthiúil gach aon duine faisnéis oifigiúil a bhaineann leis nó léi féin a leasú i gcás go bhfuil sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus

Ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil i leith cinntí a bhaineann leis an duine féin.

Fuair Comhairle Contae Chill Mhantáin 136 iarratas ar an iomlán le linn na bliana 2019.

Is féidir teacht ar thaifead um nochtadh faisnéise ina sonraítear gach iarratas neamhphearsanta ar shaoráil faisnéise agus is féidir féachaint air seo ar láithreán ghréasáin na Comhairle ag: www.wicklow.ie

Clár na dToghthóirí

Faoina hAchtanna Toghcháin, tá sé de dhualgas ar Chomhairle Chontae Chill Mhantáin Clár na dToghthóirí a ullmhú agus a fhoilsiú gach aon bhliain. Ba 99,229 líon iomlán toghthóirí an rialtais áitiúil ar chlár na dtoghthóirí don bhliain 2019/2020. Diaidh ar ndiaidh, baineann líon níos lú toghthóirí i gcás Toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, na Dála agus oifig Uachtarán na hÉireann áit a mbíonn riachtanais saoránachta i gceist.

Déanann an Chomhairle iarracht chun Clár Toghthóirí atá cuimsitheach agus cruinn a sholáthar chun an próiseas daonlathach a éascú ag am toghchánaíochta. Trí mheán fógraíochta a bhíonn forleathan agus tionscnaimh éagsúla, láithreán bhunaithe agus traidisiúnta araon, chomh maith le hiarrachtaí fhoireann de 32 oibrí allamuigh atá sáraithe agus a bhfuil acmhainní maithe acu a chlúdaíonn an contae ar fad, dá réir sin cuirtear Clár ar fáil a ndéantar tástáil air ag gach toghchán. Cuirtear gach deis ar fáil do dhuine ar bith atá cáilithe a bheith san áireamh sa Chlár.

Fostaítear na hoibrithe allamuigh chun cuairt a thabhairt ar gach teach sa chontae le linn mhíonna Iúil/Lúnasa/Meán Fómhair gach bliain. Mura mbíonn freagra ar bith ag an doras, fágtar glaohárta chomh maith le foirm chlárúcháin SAORPHOIST don teaghlach lena sheoladh ar ais chuig Rannóg Saincheadúnais na Comhairle.

Déanfar teagmháil le toghthóirí nár bhuail le hoibrí allamuigh ag an doras nó nár fhreagair trí mheán na foirme clárúcháin a fágadh ag a dteach cónaithe, i scríbhinn le linn na 10 lá deiridh de mhí Dheireadh Fómhair lena chur in iúl dóibh go mbainfear den chlár deiridh iad mura ndéanann siad teagmháil le Rannóg Saincheadúnais na Comhairle Contae roimh an 25 Samhain.

Áirítear sa soláthar Buiséad párolla agus costais taistil don fhoireann allamuigh agus d'fhoireann na hoifige chomh maith le fógraíocht áitiúil, postas agus priontáil.

Oiliúint agus Forbairt

Aithníonn Comhairle Contae Chill Mhantáin go gcabhraíonn oiliúint agus forbairt leis an bhfoireann agus leis na Comhaltaí tofa chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus dá réir sin go mbíonn feidhmíocht eagraíochtúil níos fearr ann chomh maith le sásamh a bhaint as an bpost agus dá bhrí sin tá an Chomhairle tiomanta a chinntiú go mbíonn an deis agus an tacaíocht ar fáil do gach comhalta foirne.

Freastalaíonn comhaltaí foirne ar sheimineáir agus ar chomhdhálacha ar bhonn rialta freisin a mbíonn baint acu go díreach lena réimse oibre agus saineolais.

Spreagann agus cuidíonn an Chomhairle leis an fhoireann freisin chun tabhairt faoin bhreis oideachais ag gach céim dá ngairm bheatha.

Costais na gComhaltaí

Liúntas Bliantúil an Chathaoirligh	€30,000
Liúntas Bliantúil an	€6,000

Leaschathaoirligh	
Liúntas Bliantúil an SPC	€30,000
Liúntas Bliantúil Ionadaíochta	€530,966.03
Liúntas Bliantúil na gComhairleoirí	€231,838.48
Comhdhálacha Eachtracha	€3,514.91

Ombudsman

Is féidir le duine ar bith a mheasann gur caitheadh go míchothrom leis/léi nó nach bhfuil sásta ó thaobh cinneadh a rinne an tÚdarás Áitiúil maidir le gearán teagmháil a dhéanamh le hOifig an tOmbudsman. De réir an dlí féadfaidh an tOmbudsman gearáin a fhiosrú maidir le haon cheann de ghníomhartha riaracháin nó nósanna imeachta an Údaráis áitiúil chomh maith le moill ar bith nó easpa gníomhaíochta in aon phlé a bhíonn agat leis an Údarás Áitiúil. Cuireann an tOmbudsman seirbhís saor in aisce, neamhchlaonta agus neamhspleách ar fáil chun aighneas a réiteach.

Thagair an tOmbudsman 28 gearán chuig Comhairle Chontae Chill Mhantáin sa bhliain 2019.

Coimisiún Scannánaíochta Chontae Chill Mhantáin

Is é Coimisiún Scannánaíochta Chontae Chill Mhantáin an Coimisiún Scannánaíochta is faide bunaithe in Éirinn agus tá an Coimisiún Scannánaíochta tiomanta do léiriú closamhairc a mhealladh isteach sa chontae.

Tá an Coimisiún Scannánaíochta atá á maoiniú ag Comhairle Chontae Chill Mhantáin, lonnaithe i dTeach Clermont,

Campas Chontae Chill Mhantáin ach déanann sé ionadaíocht ar an gcontae iomlán.

Is é príomhchuspóir Choimisiún Scannánaíochta Chontae Chill Mhantáin, an contae a chur ar an margadh agus a chur chun cinn mar shuíomh scannán le haghaidh léiriúcháin de shaghas ar bith ó phríomhscannáin go scannáin tráchtála, gearrscannáin, léirithe teilifíse nó tionscnaimh cheoil. Cabhraíonn oifig na scannán le tionscadal ar bith beag beann ar mhéid an bhuiséid chun buntáistí geilleagracha a thabhairt chuig Co. Chill Mhantáin.

Mar chuspóir tánaisteach tá Coimisiún Scannánaíochta Chontae Chill Mhantáin tiomanta do chur an méid is fearr is féidir le seachthairbhe turasóireachta ón ngníomhaíocht scannánaíochta.

Cuidíonn Coimisiún Scannánaíochta Chill Mhantáin le Turasóireacht Éireann freisin ó thaobh turais na meán agus turais eolais feadh na gconairí scannán i gCill Mhantáin.

Sa bhliain 2019 bhí leibhéal arda gníomhaíochtaí léiriúcháin ar siúl i gContae Chill Mhantáin. Rinneadh taifeadadh ar os cionn 400 lá scannánaíochta ina raibh gach cineál léiriúcháin chlosamhairc. Is minic leis na buntáistí airgeadais ó léirithe closamhairc a bheith níos airde go hiondúil ó na príomhscannáin ná mar a bhíonn siad ón teilifís.

Rinneadh líon mór príomhscannáin agus léiriúcháin teilifíse náisiúnta agus idirnáisiúnta sa chontae. Áirítear ar phríomhscannáin agus léiriúcháin teilifíse ardleibhéal agus an líon mór fógraí ar láithreacha i gCill Mhantáin:- Miss Scarlet and the Duke; Darklands; South Westerlies; Pulling with your Parents; Room to Improve;

Chris Tarrant: Extreme Railway Journey agus Dancing with the Stars.

Áiríodh ar roinnt de na láithreacha is mó a úsáideadh, Gleann Crí, Bóithre Bhearna Bhealach Sailearnáin, Eastát Loch Té, Trá Chuan an Bhriotáis, an Trá Gheal, Loch Deán, Teach agus Gairdíní Bhré agus Chill Ruaidhrí, Áth na Sceire, Cladach Bhré, Teach agus Eas Chúirt an Phaoraigh, locha Bhaile Coimín, Baile Chill Mhantáin, na Clocha Liatha, Príosún Chill Mhantáin agus Mainéar Chill Bhríde.

Áirítear ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do cheann ar bith de na léirithe sin scabhtáil suíomhanna, comhairle, cuidiú agus moltaí faoi shuíomhanna trí bhróisiúir ghréasáin phearsantaithe, idirchaidreamh le foireann na nÚdarás Áitiúil agus pobail áitiúla.

Sa phlean gníomhaíochta a d'eascair as Meitheal Machnaimh Geilleagrach Chontae Chill Mhantáin aithníodh tionscal na scannánaíochta mar thionscal lena mbaineann ríthábhacht ó thaobh tionsclaíochta áitiúil. Cnuasach de Thionscail Scannánaíochta a fhorbairt i gContae Chill Mhantáin (mol do dhéanamh scannán agus do thionscail choimhdeacha) atá ar Chuspóir 4 den Phlean Gníomhaíochta.

Éilítear bonneagar agus tacaíochtaí cuí a bhunú chun tionscal na scannánaíochta a mhealladh agus a choinneáil i gCill Mhantáin teastaíonn cur chuige comhoibríoch, a ndéanfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin éascú air agus tacaíocht a thabhairt dó. Cuirfidh cur chuige den sórt seo ar chumas an Chontae leas a bhaint go díreach as an scannánaíocht, as luach féideartha ó thurasóireacht scannán, ó sheirbhísí cóiríochta agus ó sheirbhísí tacaíochta eile.

Campas Chontae Chill Mhantáin, Coláiste Clermont, Ráth Naoi, Contae Chill Mhantáin.

Is forbairt as an ngnáth atá i gCampas Chontae Chill Mhantáin agus leanann Comhairle Chontae Chill Mhantáin dá fhorbairt chun a bheith mar Ionad Barr Feabhais ó thaobh Fiontraíocht, Oideachas agus Nuálaíocht i gContae Chill Mhantáin agus chun feidhmiú mar chatalaíoch d'Fhorbairt Geilleagrach sa Chontae. Is saoráid den scoth atá i gCampas Clermont ina bhfuil 55 acra. Tá na foirgnimh comhdhéanta d'oifigí, seomraí cruinnithe, ionad comhdhála agus taispeántas, seomraí léachtaí, seomraí IT agus leabharlann coláiste. Tá Oifig Fiontair Áitiúil Chill Mhantáin lonnaithe i dTeach Clermont.

Tá comhpháirtíocht láidir i bhfeidhm le gníomhaireachtaí forbartha náisiúnta agus áitiúla ar nós an Údaráis Forbartha Tionscal (IDA), Fiontraíocht Éireann (EI), an Oifig Fiontair Áitiúil, Comhpháirtíocht Chontae Chill Mhantáin agus Comhlachais Tráchtála leis an fhís a bhaint amach agus le timpeallacht ar ardchaighdeán a chruthú le haghaidh ceantar gnó ar an gcampas a bhfuil borradh faoi.

Plean Straitéiseach 2016-2020

Sa bhliain 2017, glacadh le Doiciméad Straitéise Chontae Chill Mhantáin 2016-2022 faoina teidil seo a leanas:

1. Punann acadúil agus Pobal Foghlaimeoirí
2. Forbairt Fiontraíochta agus Geilleagrach
3. Bainistíocht agus Eagrú
4. Bonneagar Fisiciúil
5. Pleanáil Airgeadais

Campas Chontae Chill Mhantáin agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach

Tá raon cúrsaí páirtaimseartha Oideachais agus Oiliúna ar Feadh an tSaoil á gcur ar fáil ag Campas Chontae Chill Mhantáin agus ag Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Sa bhliain 2019, bhí os cionn 500 mac léinn ag freastal ar ag Campas Chontae Chill Mhantáin do chúrsaí oíche páirtaimseartha agus táthar ag súil go dtiocfaidh fás mór ar an fhiigiúr seo thar shaolré an plean don champas le tabhairt isteach cláir acadúla nua. Sa bhliain 2019, bhí an t-aonú searmanas déag bronnta céimeanna ar siúl ar Champas Chontae Chill Mhantáin le thart ar 212 céimí. Fuair thart ar 1400 mac léinn a gcuid céimeanna éagsúla ón gColáiste ón mbliain 2006 ar aghaidh.

Lean gach imeacht agus cruinniú a tionóladh le linn 2019 de Clermont chun cinn ar bhonn leanúnach mar ionad uathúil agus eisceachtúil do raon úsáidí chomh maith le haird a tharraingt ar chláir ardoideachais agus oiliúna Fhoghlama ar Feadh an tSaoil atá á reáchtáil ag institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Is iad na príomhchuspóirí atá ag gabháil le hóstáil na n-imeachtaí seo ná coincheap foriomlán Champas Chill Mhantáin a chur chun cinn agus aird an phobail i gcoitinne a dhíriú ar an gCampas.



Léargas Ginearálta ar Ídiú Fuinnimh sa bhliain 2019

Baintear úsáid as gás LPG do théamh. Úsáid iomlán LPG don bhliain 2019: 38,922 lítear
Úsáid iomlán Leictreachais don bhliain 2019: 161,042 KWH

Gníomhartha ar tugadh fúthu sa bhliain 2019

Sa bhliain 2019, thug Comhairle Contae Chill Mhantáin faoi raon tionscnaimh le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh ar an gcampas le cuidiú deontais ón SEAI, lena n-áirítear:

- Athsholáthar 70 solas lasmuigh
- Athsholáthar 646 solas laistigh
- Suiteáil fo-mhéadair i bhfoirgneamh aonair éagsúla chun próifíl atá níos cruinne maidir le hualach leictreachais a chur ar fáil d'anailís amach anseo. Déantar logáil ar gach méadar agus aithnítear torthaí agus cuirfidh níos mó Tomhais agus Fíoraithe (M&V) ar fáil don am atá romhainn.

Líonadh an post don Bhainisteoir Campais i mí na Bealtaine sa 2019.

Lean oibrí ‘Fostaíochta Pobail’ le cúnadh a thabhairt ó thaobh cothabháil a dhéanamh agus aire a thabhairt do na foirgnimh agus do na tailte.

Tugadh faoi oibreacha cothabhála suntasacha le linn na bliana ar nós, deisiú an dín, suiteáil soicéid bhreise leictreachais, oibreacha leictreachais sa Leabharlann IT sa Cheatharlach.

Forbairt Mol Fiontraíochta d’Ábhar Léiriúcháin

Cuimseoidh an fhorbairt foirgneamh nua 2 stór atá ceangailte leis na teachníní clóis athchóirithe, leis na saoráidí comhdhála i sean-séipéal na scoile agus na hoifigí riaracháin san iar-shuanlios ar an dara leibhéal de bhloc na scoile. Cuirfidh an tsaoráid spásanna príobháideacha agus spásanna oibre comhionaid de thart ar 10,000 troigh chearnach i dtimpeallacht atá fuinniúil agus sineirgeach do crostoirchiú na meán chruthaitheacha ar fáil. Cuirfidh sé tacaíochtaí gnó ar fáil atá sonrach don earnáil atá sainiúil agus sainoiriúnaithe a chuireann treallús faoi ghnólachtaí nuathionscanta agus faoi fhás geilleagrach.

Ceapadh comhairleoirí don Dearadh Ailtireachta agus do Dhearadh agus d’Ullmhúchán an Tionscadail. Fuarthas Cuid 8 den Chead Pleanála i mí Feabhra 2020.

Tá costas measta an tionscadal seo thart ar €3m. Fuarthas maoiniú de €1.43m ó Fhiontraíocht Éireann go luath i mí Eanáir 2020 agus tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tiomanta an chuid eile a chur leis.



Oifig Fiontair Áitiúil

Bunaíodh an Oifig Fiontair Áitiúil i mí Aibreáin 2014 chun cur leis an tsamhail náisiúnta tacaíochta fiontar do ghnólachtaí beaga agus do mhicreaghnólachtaí. Cuireann an tsamhail chomhpháirtíochta nua seo le rathúlacht na mBord Fiontraíochta Cathrach agus Contae le 20 bliain anuas. Chuir an Oifig Fiontair Áitiúil tús le hoibríochtaí laistigh de struchtúr Údaráis Áitiúil an Inbhir Mhóir i mí Aibreáin 2014 faoi Chomhaontú Seirbhíse idir an tÚdarás Áitiúil agus Fiontraíocht Éireann.

Ráiteas Misin:

Tá sé mar aidhm le hOifig Fiontair Áitiúil Chill Mhantáin fiontraíocht a chur chun cinn, cothú a dhéanamh ar ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí a fhorbairt chun treallús a chur faoi chruthú fostaíochta agus tacaíochtaí atá ar ardchaighdeán a sholáthar le haghaidh smaointe gnó i gContae Chill Mhantáin.

Feidhmíonn an Oifig Fiontair Áitiúil mar “oifig ina bhfuil gach cineál seirbhíse” a sholáthraíonn tacaíochtaí agus seirbhísí

chun tús a chur le gnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí agus chun iad a fhás agus a fhorbairt i ngach ceantar áitiúil. Tá dualgas straitéiseach ar an Oifig Fiontair Áitiúil le gníomhaíocht gheilleagrach ag leibhéal contae a spreagadh trí acmhainneacht fiontraíochta dúchasacha a fhorbairt sa chontae.

Is é atá mar phríomhfhócas ag na hOifigí Fiontair Áitiúla cur an méid is fearr is féidir le deiseanna le fostaíocht a chruthú agus a choinneáil trí:

- fiontraíocht áitiúil a chruthú agus feacht a chruthú ina leith agus cultúr fiontraíochta agus gníomhaíocht fiontraíochta pobalbhunaithe a fhorbairt;
- conradh seirbhíse aonair/ céad phointe a sholáthar don phobal gnó – comhairle gnó, treo agus treoracha comhairleoireachta agus meantóireacht gnó a sholáthar;
- tacaíocht a sholáthar d'fhiontair na hearnála phríobháidigh agus pobail chun bunú agus/nó leathnú tionscadail micreaghnóthais atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de a aimsiú;
- tacaíochtaí cuimsitheacha roimh thús a chur le gnólachtaí nuathionscanta agus tar éis iad a chruthú a chur ar fáil do mhicreaghnóthais nua nó do mhicreaghnóthais atá ag leathnú;
- tionchar ar leithdháileadh acmhainní ón AE agus ó fhoinsí príobháideacha agus poiblí do mhicreaghnóthais
- forbairt ginearálta geilleagrach a gcuid ceantair a chur chun cinn.

Tá na tacaíochtaí agus na seirbhísí seo a leanas á dtairiscint tríd an Oifig Fiontair Áitiúil:

Áirítear ar thacaíochtaí do mhicreaghnóthais:

- Soláthar Faisnéise
- Tacaíochtaí do líonraí gnó, lena n-áirítear, an Líonra d'Úinéirí Mná sa Ghnó (NEW)
- Clinicí do Chomhairle Gnó duine le duine
- Meantóirí a shannadh do chomhlachtaí
- Tacaíocht airgeadais chun díolacháin a threisiú tí Dhearbháin Trádála ar Líne
- Deontais Cúnamh Teicniúil
- Seónna Taispeántais agus Trádála
- Rochtain chuig iasachtaí *Microfinance Ireland*
- Clár Fiontraíochta do Mhic Léinn
- Clár agus seimineáir scileanna oiliúna IT agus gnó
- Clár maidir le cumas ceannaireachta agus bainistíochta ar nós 'Lean for Micro' agus an Clár Forbartha Bainistíochta d'Úinéirí/Bainisteoirí
- Maoiniú deontais do chomhlachtaí incháilithe

Déanann Líonra na LEOanna (31) líon cláir a dhearadh agus a fhorbairt a bhíonn á gcur i bhfeidhm ag na LEOanna go léir ar fud an chontae. Áirítear orthu seo:

- Dámhachtainí d'Fhiontair Mac Léinn
- Dámhachtainí Fiontar Mac Léinn chun barr feabhais gnólachtaí áitiúla a léiriú
- Seóthaispeántas, an t-aonach trádála idirnáisiúnta don tionscal ceardaíochta san RDS
- Acadamh Bia, clár sainoiliúna do tháirgeoirí bhia a bhíonn á reáchtáil i gcomhar le Bord Bia.

- Ollphuball LEO ina gcuirtear cliaint LEO i láthair ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- An tSeachtain Fhiontraíochta Áitiúil le hoiliúint agus imeachtaí do chliaint ag gach leibhéal d'fhorbairt gnó.
- Clár Fiontraí Óg Uile-Éireann

Tá ról ag LEO Chill Mhantáin freisin ó thaobh pleananna forbartha eacnamaíochta áitiúil don Chontae atá dírithe ar chur an méid is fearr is féidir le deiseanna fiontraíochta agus as leas a bhaint as gnéithe sa Chontae a chuireann buntáiste iomaíoch inbhuanaithe ar fáil.

Tionchair sa bhliain 2019:

- Rinne oifig LEO Chill Mhantáin éascú ar chruthú 77 post nua.
- Déileáladh le 500 fiosrúchán nua.
- Cuireadh cruinnithe comhairleacha gnó duine le duine ar fáil do 470 fiontraí.
- Sannadh meantóir do 70 comhlacht.
- Scileanna gnó agus oiliúint scileanna gnó IT a sholáthar do 830 gnólacht.
- Cuireadh oiliúint maidir le Tús a chur le do Ghnó Féin do 75 duine aonair.
- Cuireadh Forbairt Bhainistíochta ar fáil do 20 gnólacht.
- Ceadáíodh os cionn €454,000 i ndeontais forbartha do 22 fiontar incháilithe.
- Ceadáíodh €13,550 i ndeontais onnmhairithe do 7 fiontar incháilithe.
- Cuidíodh le 7 ngnólacht le hiarratas a dhéanamh ar mhaoiniú MFI.
- Ceadáíodh 43 deontas do Dhearbháin Trádála ar Líne.

Tosaíochtaí don bhliain 2020:

- Fócas ar chuidiú le fiontair atá i mbaol ón mBreatimeacht agus ó COVID 19.
- Cur an méid is fearr is féidir le deiseanna d'fhiontraíochta nua óna Clár Náisiúnta agus ó thionscnaimh nua ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach.
- Tuileadh forbartha a dhéanamh “oifig ina bhfuil gach cineál seirbhíse” den scoth atá éifeachtach do ghnólachtaí i gContae Chill Mhantáin.
- Cur le feachtas ar sheirbhísí atá ar fáil do ghnólachtaí go háitiúil agus go náisiúnta agus cuidiú le caidreamh a fhorbairt idir na gnólachtaí agus na soláthróirí seirbhíse seo.
- Feachtas a chruthú ar bhranda agus ar sheirbhísí LEO.
- Tacaíochtaí a dhíriú ar chliantchuideachtaí atá i bportfóilió LEO Chill Mhantáin ag súil le tuilleadh fáis a spreagadh agus poist a chruthú.
- Conair maidir le dul chun cinn a sholáthar do chliantchuideachtaí chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí Fiontraíocht Éireann.
- Sraith tacaíochtaí a sholáthar chun cur le cumas agus le seirbhísí a chuireann le luach a thugann buntáistí chuig gnólachtaí agus a chuireann le táirgiúlacht.
- Tacú le cruthú fostaíochta sa chontae trí infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí incháilithe.
- Tacú le forbairt gheilleagrach atá dírithe ar phoist a chruthú sa Chontae.
- Rannpháirtíocht le comhpháirtithe ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun cruthú fiontair agus tionscnaimh tacaíochta a dhearadh agus a

sheachadadh.

Plean Forbartha Fiontraíochta Réigiúnach 2020

Tá Contae Chill Mhantáin agus Réigiún an Chósta Thoir i gcroílár na hearnála léiriúcháin scannánaíochta agus i gcroílár na deise idirnáisiúnta, le tionscal scannánaíochta ann atá aitheanta go hidirnáisiúnta a sholáthar

CEANTAR BARDASACH AN INBHIR MHÓIR

Comhaltaí Ceantair:

Cathaoirleach:

An Comhairleoir Pat Fitzgerald (FF)

Leas-Chathaoirleach:

An Comhairleoir Sylvester Bourke (FG)

Comhaltaí na Comhairle

An Comhairleoir Tommy Annesley (FF)

An Comhairleoir Sylvester Bourke (FG)

An Comhairleoir Miriam Murphy
(Neamhspleách)
An Comhairleoir Peir Leonard (Neamhspleách)
An Comhairleoir Pat Kennedy (FF)

Foireann an Cheantair Bhardasaigh :

Bainisteoir Ceantair:
Colm Lavery

Riarthóir Ceantair:
Claire Lawless

Innealtóir Ceantair:
John Bowes

Innealtóir Feidhmiúcháin:
Robert Mulhall

Teicneoir:
Stephen Howes
Oifigeach Cúnta Foirne
Sinéad Boddy

Oifigigh Cléireachais:
Jenny Byrne
Julie Kenny
Pauline Canavan
Orlagh Hall

Mionsonraí Teagmhála:

Oifigí Cheantar Bardasach an Inbhir Mhóir,
Castle Park, An tInbhear Mór, Contae Chill
Mhantáin

Teileafón: 0402 42700

Ríomhphost:
arklowmd@wicklowcoco.ie

Láithreán Gréasáin: www.wicklow.ie

Achar: 48,380 heicteár

Daonra an Cheantair: 26,185

Clúdaíonn Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir (AMD) 26% de na bóithre i gContae Chill Mhantáin (598 KM) arbh é an dara Ceantar is airde sa Chontae é. Áiríonn Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir (AMD), Abhóca, an Chrois Dhearg, an Chlais, Gleann Molúra agus Áth na Cora.

Tá na hoifigí ar oscailt don phobal ón 9.00 – go 4.00 pm gach aon lá agus déileáiltear le fiosrúcháin maidir le hiarratais ar thithíocht, deisiúcháin ar thithe, ar bhóithre srl. Glactar le fáiltas airgid san AMD do chíos tithíochta, rátaí, fíneálacha páirceála, léasanna, srl.

Áirítear ar na feidhmeanna rialta a chuir an Ceantar ar fáil, cothabháil agus deisiú tithíocht údaráis áitiúil, cothabháil agus feabhsúchán ar bhóithre, glanadh sráide, cothabháil lasmuigh agus gearradh féir, glanadh draenacha, cothabháil ar reiligí, cothabháil ar leithris phoiblí agus cothabháil ar áiteanna súgartha.

Cruinnithe Ceantair

Tionólaíonn Comhaltaí Cheantar Bardasach an inbhir Mhóir a gCruinnithe Ceantair i “Seomra McElheron” ar an dara Céadaoin de gach mí ag 3.30 p.m., ach amháin i mí Lúnasa nuair nach mbíonn aon chruinniú ann.

Toghadh Comhairleoir nua amháin i dtoghcháin áitiúla 2019 – An Comhairleoir Peir Leonard.

Déanann a chuid ionadaithe tofa ionadaíocht ar Cheantar Bardasach an Inbhir Mhóir ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha seo a leanas:

- Forbairt Pobail, Chultúrtha agus Shóisialta – an Comhairleoir Miriam Murphy
- Seirbhísí iompair, Fuíolluisce agus Comhshaoil – an Comhairleoir Pat Fitzgerald
- Pleanáil agus Forbairt – an Comhairleoir Sylvester Bourke,
- Tithíocht agus Eastát Corparáideach - an Comhairleoir Tommy Annesely
- Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontar – an Comhairleoir Pat Kennedy

An Earnáil Phobail

- Líon na bPreasráiteas a eisíodh sa bhliain 2019 = 21
- Líon Fáiltiú an Chathaoirligh a bhí ar siúl le linn na bliana 2019 = 4
- Bronnadh Deontais Forbartha Eastát ar 14 Cumann Áititheoirí
- Bronnadh Maoiniú Féile ar 7 gCoiste Féile
- Líon Timpealláin faoi Chomhaontú Urraíochta = 8
- Reáchtáil Comhaltaí an AMD ceann amháin dá gcuid cruinnithe míosúla sa Chrois Dhearg.
- Bhí Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir rannpháirteach i gClár Aoisbháúil Aitheanta Gnó.
- Seoladh an tInbhear Mór mar an chéad Bhaile Aoisbháúil i gCill Mhantáin

An Earnáil Miondíola / Gnó Páirceáil Íoc

Lean Comhairle Contae Chill Mhantáin le scéim páirceáil agus íoc a fheidhmiú do bhaile an Inbhir Mhóir, lena n-áirítear:-

- Páirceáil saor in aisce idir 9.00am agus 10.00 am gach aon mhaidin.
- 15 nóiméad tréimhse chairde oifigiúil am ar bith den lá.
- Leanann Baile an Inbhir Mhóir le páirceáil saor in aisce a chur ar fáil ar fud an bhaile gach Satharn agus Domhnach.
- Tá páirceáil a íoc san Inbhear Mór i bhfad níos éasca agus i bhfad níos tapa anois mar gheall ar an gClib Pháirceála. Tugann an réiteach páirceála gan airgead tirim an deis do lucht carranna an bhaile páirceáil trína fón póca a úsáid agus síneadh a chur le ham páirceála gan filleadh ar an fheithicil.
- Cuireadh páirceáil saor in aisce ar fáil i limistéir shonracha i mBaile an Inbhir Mhóir ar feadh aon mhí amháin le linn tréimhse na Nollag.
- 2 chead páirceála bliantúil saor in aisce do ghnólachtaí a bhfuil a gcuid rátaí suas chun dáta.

Tionscnaimh Fhoirne Baile

Bunaíodh Foireann Baile an Inbhir Mhóir sa bhliain 2017. Tá sé i gceist go gcuirfidh an Foireann Baile feabhas ar chaighdeán saoil na ndaoine atá ina gcónaí san Inbhear Mór agus go gcuirfear le mealltacht an Bhaile mar áit iontach le maireachtáil, le hoibriú ann, le cuairt

a thabhairt air agus le hinfheistíocht a dhéanamh ann.

- Reáchtáladh 10 gcruinniú le linn na bliana 2019
- Scéim na gCiseán Bláthanna–cheannaigh gnólachtaí i mBaile an Inbhir Mhóir 170 ciseán
- Cuireadh 2 n-iarratas faoi bhráid LEADER le haghaidh maoiniú.
- Tógáil agus suiteáil CCTV ar an bPríomhshráid Íochtarach agus Uachtarach san Inbhear Mór, i Riverwalk agus i bPort an Chalaigh
- Tá Iniúchadh maidir le Baile Ceann Scríbe Turasóireachta – an tInbhear Mór 2019 tugtha chun críche ina dtugtar mionsonraí ar láidreachtaí, laigí agus deiseanna atá le tairiscint do thurasóirí chun an baile. Ní mór do gach baile ceann scríbe nithe leordhóthanacha le déanamh agus le feiceáil, taithí bia agus miondíola ar ardchaighdeán – atá dóthanach le cuairteoirí a choinneáil gnóthach ar feadh dhá lá ar a laghad, i rith na hoíche agus i rith an lae araon, a bheith le fáil sa Bhaile Ceann Scríbe Turasóireachta.
- Bhí dhá ghlanadh suas ar siúil ar éirigh thar barr leo. Bhí Bóthar Vale mar chuid de sheachtain Ghlantacháin Náisiúnta an Earraigh i mí Aibreáin agus bhí Glanadh Suas Domhanda i limistéar ab Chalafoirt san Inbhir Mór i Meán Fómhair. Is iad an Fhoireann Baile a bhí ina bhun seo i gcomhar le Bailte Slachtmhara an Inbhir Mhóir. Thug na scoileanna, cumainn agus oibríthe deonacha ar fud an Inbhir Mhóir tacaíocht mhór. Bhí Smurfit Kappa thar a bheith gnáúil agus 100 bosca bruscair cairtchláir ar fáil lena n-úsáid don ócáid agus bhronn siad dhá bhinse picnice ar an gceantar freisin.
- Cuireadh suim deontais de €15,000 ar fáil faoin gClár Feabhsúcháin Pobail 2019 le scáthlám bus a cheannach. Bhí an bhéim i ndeontas na bliana seo ar thionscnaimh aoisbháúla. Tá dearadh agus láthair na trí scáthlám bus comhaontaithe.
- D’eagraigh Foireann Baile an Inbhir Mhóir Lón do na Mná in Óstán Woodenbridge chun ceiliúradh a dhéanamh ar Nollaig na mBan an 6 Eanáir agus d’éirigh thar barr leis an ócáid. Roinneadh an teacht isteach ón imeacht idir an tIonad Acmhainní do Ghníomhaíochtaí Pobail agus do thionscadal Foireann Baile an Inbhir Mhóir.
- Reáchtáladh imeacht don Lá Idirnáisiúnta do Mhná an 8 Márta. Áiríodh ar aoichainteoirí, an tIriseoir Valerie Cox, Deirdre Burns, Oifigeach Oidhreachta Chontae Chill Mhantáin agus daltaí ó Choláiste Mhuire, an tInbhear Mór. Bhí crannchur ar siúl ar an lá agus rachaidh an teacht isteach chuig grúpa C.E.A.R.T do na mná a dhéanann obair iontach i gContae Chill Mhantáin.

Cruinnithe

Leanann Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir ag obair le agus bíonn cruinnithe acu ar bhonn rialta leis an lucht trádála áitiúil, an Comhlachas Tráchtála agus le Coiste na mBailte Slachtmhara ar mhaithe le feabhas a chur ar an mbaile.

Na Bailte Slachtmhara

Tugann Ceantar Bardasach an Inbhir Mhóir aitheantas do na hiarrachtaí móra atá á

ndéanamh ag foirne oibrithe deonacha ar fud an Cheantair agus a oibríonn i gcomhar le foireann na Comhairle, mar obair atá ríthábhachtach do rathúlacht na mbailte agus sráidbhailte atá ag glacadh páirt i sraithchomórtais/comórtais ar nós IBAL agus na Bailte Slachtmhara.

Reáchtáladh Fáilte an Chathaoirligh do Ghrúpa na mBailte Slachtmhara an 25 Deireadh Fómhair mar gheall ar an méid a bhain siad amach i gcomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Bronnadh plaiceanna ar ghrúpa Bhailte Slachtmhara an Inbhir Mhóir agus Eachroma mar chomhartha buíochas maidir lena gcuid oibre ar feadh na bliana agus as stádas boinn a bhaint amach sa bhliain 2019.

Fuair Bailte Slachtmhara an Inbhir Mhóir bonn óir den chéad uair.

Imeachtaí & Dámhachtainí

- D'éagraigh an AMD an tríú Féile de chuid na Samhna do Bhaile an Inbhir Mhóir
- Rinne AMD éascú ar Fhéile na Nollag san Inbhear Mór. Lean AMD ag tacú leis an earnáil miondíola agus gnó trí pháirceáil saor in aisce a cheadú ag tarraingt leis an Nollaig. Ceannaíodh soilse Nollag agus taispeántas Daidí na Nollag nua do charrchlós na príomhshráide.
